# Iorras Aithneach 2012

## Carna/Cill Chiaráin



An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

€8




# Seaimpíní Idirmheánacha na Gaillimhe 2012

**Ar gcúl:** Páraic óg ÓCoirbín- Roghnóir, Éamonn Ó Malóid, Séamus Ó Flatharta, Seán Ó Flatharta, Colm Mac Con Rí, Marc Mac Fhlannchadha, Stiofán Ó Cuirrín, Cathal Ó Luideáin, Albert Ó Conaire, Frank Seoige, Páraic Ó Cualáin, Micheál Ó Cathasaigh, Ciarán Ó Tuathail- Roghnóir. **Chun Toaigh (L-R)** Seán Ó Cualáin- Bainisteoir, Seosamh Ó Cathasaigh, Ciarán Ó Cillín, Niall Ó Cadhain, Seán Ó Cuirrín, Colm Ó Dúbháin, Seán Ó Cillín, Seosamh Seoige- Caiptín, Donal Ó Dúbhda, Seán Ó Coirbín, Daniel Ó Conaire, Eamonn Ó Cualáin, Beartla Ó Cathasaigh, Seán Ó Cathasaigh. **Mascots-** Dara Ó Cualáin, Jeaic Ó Cualáin

# <u>Iorras Aithneach 2012- Ceartúcháin.</u>

<u>Leathanach 76</u> – Pictiúr anseo faoin teideal "Currachaí i gCill Chiaráin sna 1960aidí".
Sé <u>Seosamh Breathnach</u> as Cill Chiaráin an fear ar dheis sa bpictiúr seo – an fear a bhfuil an caipín air; ní h'é Teddy McGauley mar atá tugtha síos thrí dhearmad.

<u>Leathanach 109</u> – Tá dán ar an mbilleog seo agus san réamhrá ar bhárr an leathanaigh ba cheart gur <u>Nellie Lydon</u> a bheadh tugtha síos in áit Nellie Lyons mar a scríobhadh de thimpiste. Sin í <u>Nellie Lydon</u> máthair Tommy McTavish.

# Iorras Aithneach-2012.
## An pobal sa mbaile agus thar lear.

| Baile | Daonra – as mbaile. | Áit eile i gConamara. | Gaillimh agus gar don chathair. | Éirinn | Sasana | Meiricea | Astráil agus an tSéalainn Nua. | Tír eile. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | **83** | 7 | 2 | 8 | 1 | 3 | 6 | 1 |
| Coill Sáile | **91** | 5 | 10 | 15 | 8 | 10 | | |
| Loch Con Aortha | **54** | 13 | 14 | 9 | 3 | 9 | 1 | |
| Cill Chiaráin) (ceantar an tsráidbhaile | **150** | 12 | 7 | 28 | 16 | 3 | 3 | 2 |
| Aill na Brún | **45** | 5 | 9 | 8 | 16 | 13 | | 4 |
| Bantrach Ard | **49** | 4 | 5 | 2 | 9 | 11 | 1 | 1 |
| An Aird Mhóir | **203** | 11 | 12 | 9 | 10 | 22 | 3 | 1 |
| Caladh bhFuínnse | **72** | 2 | 16 | 5 | 7 | 16 | 1 | |
| Roisín na Mainíoch | **127** | 5 | 6 | 12 | 22 | 36 | | 3 |
| Carna | **165** | 16 | 37 | 22 | 9 | 13 | 8 | 2 |
| **Muigh Inis** | | | | | | | | |
| Cartúr | **37** | | 7 | 8 | 4 | 2 | 2 | 2 |
| Feithearnach | **68** | 4 | 11 | 12 | 10 | 15 | 1 | |
| Meall Rua | **40** | | 4 | 4 | 1 | 2 | | 2 |
| Roisín an Chaladh | **10** | | 1 | 1 | 2 | 1 | | |
| Crumpán | **8** | 2 | 2 | 1 | 3 | 2 | | |
| Caorán | **7** | 1 | 4 | 4 | 1 | 4 | | |
| | | | | | | | | |
| Leitir Deiscirt | **37** | 1 | 2 | 3 | 1 | 3 | | |
| An Coillín | **33** | 2 | 3 | 6 | | 2 | 1 | |
| An Aird Thoir | **47** | 8 | | 3 | | 2 | | |
| An Aird Thiar | **44** | 5 | 10 | 10 | 1 | 5 | 3 | 1 |
| Más | **16** | 3 | 3 | 4 | 1 | | 2 | |
| Leath Mhás | **2** | | | 1 | | | | |
| Dubhithir | **65** | 3 | 7 | 7 | 3 | 4 | 1 | 7 |
| Muighros | **72** | 7 | 10 | 9 | 8 | 8 | 3 | 3 |
| Leitir Ard | **78** | 9 | 12 | 15 | 11 | 17 | | 1 |
| Damhros | **18** | 1 | 1 | 2 | 3 | 2 | | |
| Glinnsce | **59** | 4 | 9 | 4 | 9 | 6 | | |
| Caladh an Cnoic | **6** | 1 | 2 | | | | | |
| Gabhla | **34** | 7 | 8 | 8 | 14 | 11 | 1 | |
| **Iomlán** | 1720 | 138 | 214 | 220 | 173 | 222 | 37 | 30 |

# Buíochas

Míle buíochas le chuile dhuine a chuidigh linn. Chuir go leor grúpaí agus coistí ábhar ar fáil chomh maith leis na daoine a scríobh altanna agus filíocht dúinn.

Thug daoine sean phictiúir dúinn agus bíonn spéis mhór iontú sin i gcónaí.

Bhí na grianghrafadóirí a bhíonn ag coinneáil súil thart dúinn gníomhach aríst i mbliana. Feicfidh sibh a gcuid saothair anseo – Máirtín Ó Gríofa, Bernadette Uí Mhaoilchiaráin agus Ann Marie Ní Fhlatharta. Ar ndóigh tógann daoine eile pictiúir freisin.

Tá muid buíoch d'Údarás na Gaeltachta as an oifig, do Ann Marie Ní Fhlatharta atá linn le fada agus do leithide Deirdre Ní Chatháin, Eileen Uí Dháibhís agus Susan Uí Chatháin a tháinig i gcabhair orainn san oifig nuair a bhí brú mór orainn. Míle buíochas le Michael Phat Thomáis a théann ar bóthar chuile bhliain leis an veain ag tabhairt an leabhair anoir.

Cuireann Mairéad Ní Chonaire i Ros Muc slacht ar leagan amach an leabhair agus cá mbeadh muid d'uireasa Chlódóirí Lurgan atá linn ón gcéad lá ar foillsíodh 'Iorras Aithneach' 22 bliain ó shin.

Tá focal buíochas ag dul do Pheadar Ó Maoláin i Rannóg Cultúir agus Teanga an Údaráis as ucht a chúnamh i gcónaí.

Choinnigh an dream a thugann fógraí, idir eagraíochtaí, lucht gnó agus daoine aonaracha linn go láidir. Is maith an aghaidh orthu go dtabharfaí tacaíocht dóibh.

## An Clúdach – na pictiúir

**Barr–ar chlé:** Seosamh Seoige, caiptín Charna/an Chaisil ag árdú Corn Chraobh Idirmheánach Peile na Gaillimhe go spéir i mí Dheireadh Fómhair.

**Barr–ar dheis:** Aisling Ní Cheannabháin as Leitir Deiscirt ag an Oireachtas i Leitir Ceannainn.

**Íochtar–ar chlé:** Máire Mhadaoin as Finis ag ceiliúradh a 90ú lá beirthe i mbliana.

**Íochtar–ar dheis:** An Seanadóir Margaret Craven ag ceiliúradh bua eile i dtoghchán an tSeanaid i Maine i mí na Samhna.

**Leath bealaigh–ar dheis:** Sheba anseo ag ceiliúradh na Nollag – mada Chaitlín agus Mhichíl Uí Chlochartaigh i Muigh Inis.


**Lár báire:** Pól Ó Ceannabháin as an Aird Thoir, buaiteoir Chorn Uí Riada - duais mhór an tsean nóis – ag Oireachtas na bliana seo i Leitir Ceannainn.

## Pic. Clúdach Cúil

**Bádóir Beag ar Oileán Máisean** - Sé Fionn Ó Maolchiaráin as Muigh Inis an Badóir Beag ar an trá ar an Oileán Máisean - mac le Bernadette agus Dara Ó Maolchiaráin.

# An Clár


3. **Focal ón Eagarthóir** - *Máirtín Ó Catháin*
4. **Ocht gCeist - agus freagraí na ndaoine óga** - *Eileanóir Ní Chatháin*
8. **An Idirbhliain - Scoil Phobal Mhic Dara** - *Claire Ní Fhlatharta*
11. **I nGáirdín Dé, Céad Míle Fáilte & Pósadh**
13. **An Saol ag Seoladh Leis** *- An tAthair Pádraig Standún*
20. **Anonn agus Annall i 2012**
21. **Club Lúthchleasaíochta in Iorras Aithneach**
24. **Ionad Cuimhneacháin an nImiriceach**
25. **Cispheil na mBan i gCarna** *-Dolores Uí Mhadaoin*
27. **Feachtas Bailte Slachtmhara Charna 2012** - *Clíona Ní Chualáin*
31. **1962 - Caoga Bliain Ó Shin** *-Seosamh Ó Cuaig*
37. **Nóirín Uí Shúilleabháin**
39. **Pat Walsh** - *Máirtín Ó Catháin*
41. **Ollamh de bhunú na hAirde Thiar i Harvard**
48. **Áras Shorcha Ní Ghuairim**
51. **Barr bainte amach ag na Cualáin**
55. **Gerry Joe Mheáigín Ó Cualáin** *- Neasa Ní Chualáin*
57. **Mark Clancy** - *Seosamh Ó Cuaig*
58. **An Daonáirimh - 'CENSUS' 2011**
74. **'Artics' i Sráidbhaile Chill Chiaráin** *Louis Mac an Iomaire*
81. **Iorras Aithneach - Ceantar Láidir Gaeltachta** - *Steve Ó Cúláin*
85. **Súil Siar ar Stair Chumann na Gaeilge i mBoston** *- Peige Ní Chlochartaigh*
90. **An Titanic agus Doire Iorrais** *- Máirtín Ó Laoi*
92. **As Finis go Dubai** - *Máire Uí Iarnáin*
93. **Cois Teallaigh i gCill Chiaráin**
103. **Beairic Chill Chiaráin** - *Seosamh Ó Cuaig*
105. **An Faoistín** - *Paddy Mhéime Ó Súilleabháin*
109. **Sgioból Nellie**
110. **Dán le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin**




# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe





Cúrsaí Samhraidh, Cinnireachta, Ardteiste, SCG

Gach Eolas ar fáil ó:

Ciara Nic Mhathúna,

Stiúrthóir Choláiste Sheosaimh,

Baile Beag, Inis, Co. an Chláir

Fón: 087-2767833

www.colaistesheosaimh.com

Stiúrthóirí an Choláiste: Rita Mhic an Iomaire, Ciara Nic Mhathúna, 087-2767833

# Focal ón Eagarthóir

Craobh Contae sa bpeil Ghaeleach – ní buaitear é gan anró agus gan allas... agus gan cumas. Is iontach a chruthaigh foireann Charna / an Chaisil agus Craobh Idirmheánach an Chontae a thabhairt leo i mbliana. Thug siad leo an an Corn as Páirc an Phiarsaigh i nGaillimh ar an 6ú lá de Dheireadh Fómhair 2012. Ach, mar a dúirt bainisteoir na foirne Seán Ó Cualáin: "bhuach muid an Corn inniú ach bhuach muid an Chraobh sna cluichí crua a bhí againn go dtí seo". Chuaigh foireann agus lucht stiúrtha Charna / an Chaisil thrí ghabhanna móra sul a ndeachaigh siad ar an Árdán ag glacadh leis an gCorn an trathnóna breá sin i bPáirc an Phiarsaigh. Thosaigh siad a gcuid traeneála taobh amuigh lá fuar, feannta ar thrá Mhainse go luath san Eanáir. Bhí an ghaoithe ina n-aghaidh – an imirce agus an painéal imreoirí ag laghdú, deacrachtaí taistil agus costas ann i gcónaí.

Ach tá mianach maith sna fir seo; tá árdú croí agus meanmna tugtha acu d'Iorras Aithneach. Go mba fada buan iad.

Ní raibh an Fómhair caite no go raibh tuilleadh gaiscí móra déanta ag daoine óga an phobail seo. Thugadar leo craobhacha amhránaíochta agus damhsa ar an sean-nós ón Oireachtas i nDún na nGall. Cuireadh tuilleadh gaoithe i mbratach bródúil chultúrtha an cheantair seo; 'speáineadh go bhfuil traidisiúin ceoil agus damhsa na háite beo agus bríomhar.

Sé'n trua é nach féidir linn údar ceiliúrtha a bheith againn faoi ghnéithe eile den tsaol. 'Speáineann figiúirí as an Daonáirimh san leabhar seo go bhfuil muid ar gcúl go mór ó thaobh na heacnamaíochta de. Tá muid ar cheann de na 'spotaí dubha' is measa dí-fhostaíochta in Éirinn. Tá an daonra ag dul in aois agus tá an líon daltaí i mbunscoileanna an phobail – agus sa Scoil Phobail – títe go tubaisteach le scór blianta.

Fíor dhroch scéala don phobal seo an éiginteacht atá ann anois faoin mbóthar nua as Scríb go Gaillimh. Má tá sé in ann agus go gcoinneofar bunchloch láidir faoin bpobal seo caithfidh déis a bheith ag daoine óga a bhfuil scileanna agus oiliúint orthu



**Máirtín Ó Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2012"

fanacht sa mbaile - a bheith inann taisteal isteach agus amach as Gaillimh ar a gcompóird...mar sin é an áit is gaire a mbeidh líon ar bith postanna ar fáil do dhaoine oilte.

Ach gan bhuíochas do na bóithre atá againn i gConamara beidh na daoine óga ar an mbealach abhaile go gairid leis an Nollaig a chaitheadh in Iorras Aithneach. Cuireann muid míle fáilte rompu abhaile...agus roimh chuile dhuine atá ag teacht an bealach an Nollaig seo.

Cuimhneoidh muid ar an dream atá as baile, cuid acu leis na blianta fada, an Nollaig seo; tá a fhios againn gur fada le go leor acu no go bhfaighidh siad leabhar 'Iorras Aithneach 2012'.

Tá súil againn go mbainfidh sibh uilig sásamh agus solamar as "Iorras Aithneach 2012"....go ndúiseoidh sí cuimhní cinn agus go mbainfidh sí corr gháire amach freisin.

Nollaig maith agaibh uilig agus go mba fearr a bheidh sibh bliain ó inniu.

# Ocht gCeist – agus freagraí na ndaoine óga



*Chuaigh **Eileanóir Ní Chatháin** chun cainte le triúr ban óg agus fear óg amháin as Carna. Cuireadh cupla ceist throm agus cupla ceist éadrom orthu.*

**Seo hiad na ceisteanna:**

1. Céard atá tú ag iarraidh a bheith bainte amach agat faoi cheann deich mbliana?

2. Dá mbeadh airgead an domhain agat, céard a dhéanfá leis?

3. Cén t-amhrán Béarla is fearr leat?

4. Cén t-amhrán Gaeilge is fear leat?

5. Dá mbeifeá ag dul go hoileán leat féin, cé'n trí rud a thabharfá leat?

6. Cén fear cáiliúil ar mhaith leat 'date' a bheith agat leis? Cén bhean cháiliúil ar mhaith leat 'date' a bheith agat léi?

7. Céard é an rud is deacra i saol an duine óig?

8. As carranna an domhain cén ceann a b'fhearr leat?

**Seo mar a freagraíodh na ceisteanna ......**



**Máire Ní Cheannabháin -**

**1.** Tá mé ag iarraidh a bheith cáilithe mar mhúinteoir nó ar an raidió. Tá mé ag iarraidh teach mór agus roinnt taistil a bheith déanta agam go dtí an Astráil agus Meiriceá.

**2.** Go mbeadh chuile dhuine ceart go leor agus ar ndóigh neart siopadóireachta a dhéanamh.

**3.** Hmmm... sin ceist an-chrua. Tá sé deacair cinneadh a dhéanamh mar is maith liom chuile amhrán.

**4.** Is dóigh Amhrán Chuigéil – mar tá 'beat' deas ag an amhrán.

**5.** Chaithfinn 'hairbrush' a bheith agam mar bíonn ceann agam i gconaí i mo mhála, 'perfume' agus fón le neart amhrán agus 'credit' ann.

**6.** Ba mhaith liom fear le súile deasa, 'smile' deas, ar ndóigh '6 pack', b'fhéidir Channing Tatum nó Jesse Metcalfe.

**7.** An rud is deacra ná brú post a fháil chun go mbeadh a n-airgead féin acu agus tá sé sin níos deacra mar níl aon phost thart mar gheall ar an 'recession'.

**8.** Sin ceist mhaith mar níl mórán scil agam i gcarranna ach ní bheinn ag iarraidh carr 'boyracer' cosúil le Honda Civic – ewww – b'fhéidir Jeep mór nó 'convertible'.



**Meadhbh Ní Ghaora -**

**1.** Ba mhaith liom a bheith i mo Gharda Síochána agus a bheith i gCarna.

**2.** Dá mbeadh airgead an domhain agam cheannóinn teach i Nua Eabhrach.

**3.** Is é 'Bundleen' an t-amhrán le Sean Keane an ceann Béarla is fearr liom mar tá port deas leis.


**4.** Is breá liom 'Peigín Audley' mar tá 'rhythm' deas aige.

**5.** Tabharfainn 'hair straightner', fón, agus bia liom.

**6.** Don 'date' tabharfainn Heath Braxton as 'Home and Away'.

**7.** An rud is deacra ná an brú ó na múinteoirí ó thaobh staidéir agus obair scoile.

**8.** Phiocfainn Mini Cooper as caranna an domhain agus chaithfeadh dath dearg a bheith air. 'Bright' dearg.



**Prionsias Ó hIarnáin -**

**1.** Post maith a bheith agam agus a bheith i mo chónaí in aice na farraige le báidín deas.

**2.** Dá mbeadh airgead an domhain agam an rud a b'fhearr liom a dhéanamh ná taisteal ar fud an domhain.

**3.** Is é Diggin' up Bones an t-amhrán Béarla is fearr liom.

**4.** As na hamhráin Ghaeilge an ceann a b'fhearr liom ná 'Johnny Seoige'.

**5.** Bád, uisce, bia - sin iad na trí rud a thabharfainn liom.

**6.** Phiocfainn Sienna Miller don date.

**7.** Airgead a dhéanamh an rud is deacra i saol an duine óig.

**8.** Ford Mustang an carr a phiocfainn.



**Máirín Ní Ghaora -**

**1.** Ba mhaith liom jab ceart a bheith agam agus mo theach féin. Bhfearr liom jab ag aisteoireacht nó mar bhainisteoir i siopa éigin.

**2.** An teach a réiteach do Mham agus Dad agus chomh maith leis sin thabharfainn mo mhuintir uilig ar laethanta saoire agus ba mhaith liom féin dul ar fud an domhain.

**3.** Phiocfainn na sean-amhráin le Bruce Springstein.


**4.** Amhrán Naomh Bairbre, níl sé 'depressing', ní bheadh tú ag caoineadh ag éisteacht leis.

**5.** Tabharfainn liom 'lighter', (ní thabharfainn matchanna mar gheobhadh siad fliuch) uisce agus pluid ar an oileán liom.


**6.** Don 'date' phiocfainn fear le hairgead agus thógfainn an 'lob' airgid uaidh agus imeacht liom go dtí áit éigin te.

**7.** An rud is deacra faoi shaol an duine óig ná nuair a chríochnaíonn tú an scoil agus níl tú in ann brath ar do thuismitheoirí níos mó agus caithfidh tú a bheith neamhspleách.

**8.** Mo chairrín beag féin – VW Polo.



**Johnny Mháirtín Learaí ar chlé agues Josie Sheáin Jack.** Bronnadh céim onórach ar Josie i mbliana agus bhí oíche omóis do Johnny in Óstán Charna.

**December Offers**

**Complete Specs from €69 plus 2 pairs from €99 and free Contact lens Trial.**

Medical Cards and PRSI Welcome. Eye Exams €35.

Ailbhe Ní Ráighne F.A.O.I.
Bridge St. | Clifden | tel: 095-30995
email: niraighneopticians@eircom.net

Ní Ráighne Opticians

## Stockist of:

- Gucci
- Armani
- Fendi
- Tommy Hilfiger
- Maui Jims.

**Open Mon to Fri 10am to 6pm and Sat 10am to 4pm**

# Cogaslann Agatha

## Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

Agatha Bn Uí Mhisteil
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595 168 Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

Carna, Co. Na Gaillimhe
Fón: 095 32680

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty


top
Serving our local community
top
Supplying quality fuel products
at competitive prices
•Agricultural & Marine Diesel •Road Diesel •Heating Oil •Fuel Cards
TOP Clifden
095 21777
www.top.ie
top

# An Idirbhliain

## - Scoil Phobal Mhic Dara



*Claire Ní Fhlatharta*



Is bliain an-spéisiúil í an idirbhliain. Táimid an-bhuíoch go bhfuil sé inár scoil. Tabharfaidh an bhliain seo féin-mhuinín dhúinn agus am beagán fáis a dhéanamh. Tabharfaidh sé seans dúinn rudaí nua a thriail agus scileanna nua a fhoghlaim. Tá muid ag fáil blaise d'ábhair nua mar shampla, miotalóireacht agus adhmadóireacht do na cailíní agus Tíos do na buachaillí. Tugann sé briseadh dúinn ón staidéar a bhí orainn a dhéanamh don Teastas Sóisearach.



Bíonn go leor eachtraí ar bun sa mbliain seo. Mar shampla chuaigh an idirbhliain chuig an gCaoláire Rua agus d'fhan muid ann thar oíche i mí Dheireadh Fómhair. Rinne muid neart imeachtaí ar an gcéad lá ar nós Kayakadóireacht, léim ón aill agus ag léim sa bpuiteach ach tá neart cleachtadh ag muintir Chonamara ar sin. Bhí muid ag imirt cluichí san oíche freisin agus bhí muid measctha le scoileanna eile. Rinne muid neart cairde nua ó na scoileanna sin, sin buntáiste den bhliain seo. Ar an dara lá rinne muid dhá imeacht eile. Chuaigh muid trasna ar an zip-líne agus ar an luascán mór. Thóg sé sin an maidin uilig. Bhí an turas thart ansin. Bhí am iontach againn agus bhí neart scéalta ag gach duine ag dul abhaile.

Chuaigh an idirbhliain agus daltaí fisice ar turas chuig taispeántas CERN i mBóthar na Trá. Chuamar ann chun foghlaim faoin "Large Hadron Collider" san Eilvéis. Seo é an chéad uair a bhí an taispeántas seo in Éirinn.

Bhí taispeántas mór acu ann a léirigh an teoiric uilig a bhain leis agus céard a bhí na h-eolaithe i CERN ag iarraidh foghlaim faoin gcruinne ón turgnaimh ollmhór seo. Sa taispeántas bhí réimse leathan clúdaithe acu, ón mbealach ar thosaigh an chruinne go dtí eolas tá foghlamtha acu faoi na pairteagáil is lú óna turgnamh atá déanta sa "Collider". Ní raibh an t-eolas a bhí acu ró-throm agus thug sé sin cúnamh do gach duine é a thuiscint sách éasca. D'fhoghlaim muid go leor ann agus bhí gach duine sásta leis an lá.



Bíonn muid ag iarraidh rudaí a dhéanamh den cheantair sa bhliain seo. Rinne muid an "Cheerios Childine Breakfast Together Week". Réitigh muid cineálacha beatha éagsúla. Bhailigh, muid €220 do "Childline". Thug cuid againn cúnamh leis an rith deich gciliméadar a bhí ar siúil i gCarna. Bhí muid ag tabhairt amach uisce agus torthaí. D'eagraigh an bhliain dioscó na Samhna le haghaidh gasúir na háite. Bhí muid ag iarraidh airgead a bhailiú ar son cóisir na seanóirí. Phacáil muid málaí i Super Valu sa gClochán le haghaidh na cóisire agus le tuilleadh airgid a bhailiú.

Chomh maith leis sin bíonn orainn dul amach ar thaithí oibre. Anuraidh rinne beirt ón mbliain é in RTÉ. Tugann sé seo blas maith dúinn faoi céard atá muid ag iarraidh a dhéanamh tar éis na scoile. Bíonn muid á dhéanamh ar feadh coicíse. Tá cead againn é a dhéanamh i dhá áit difriúil sa gcoicís sin.






Tar éis na Nollaig tá súil againn cúrsa bainistiú capaill a dhéanamh nó cúrsa raidió i Leitir Fraic. Tá muid ag déanamh staidéir ar cúrsa ríomhaire anois, an cúrsa ECDL, agus beidh scrúduithe againn ag deireadh na bliana. Tá an cúrsa seo iontach mar go bhfuil sé ag teastáil i mbeagnach chuile choláiste.

Mar a fheiceann sibh féin, bíonn neart eachtraí ar bonn tríd an bhliain. Tugann an bhliain seo muid uilig le chéile. Ag deireadh na bliana seo beidh Oíche Cheiliúrtha againn. Mar a dúirt muid cheánna féin, tá muid an-bhuíoch go bhfuil sé inár scoil agus tabharfaidh sé neart scilleanna agus cuimhní dhúinn sa todhchaí.



MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:

- Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.
- Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.
- Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.
- Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# I nGáirdín Dé

*Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31/10/11 agus 31/10/12.*

**Bríd Bn. Mhic Ghiolla Mháirtín**, Carna 19/11/11
**Pat Mháire Val Ó Donnchú,** Aird Mhóir, 10/12/11
**Aibha Ní Chonaire,** Gabhla, 14/12/11
**Antaine (Chóil Beag) Mac an Iomaire,** Ruisín na Mainíoch & An Clochán.22/12/11
**Bridgie Ó Flatharta,** Aird Mhóir, 1/1/12
**Coleman Ó Conghaile,** Coill Sáile, 3/1/12
**Micheál Ó Catháin,** Cill Chiaráin & USA, Curtha 8/1/12
**Nóra Keaney**, Glinnsce, 15/1/12
**Júidín Seoighe,** Loch Con Aortha, 15/2/12
**Máire Áine Uí Shúilleabháin,** Loch Con Aortha, 30/3/12
**Séamus Ó Loinsigh,** Loch Con Aortha & Ros Muc, 2/2/12
**Gearóid Ó Cualáin,** Dubhithir, 23/4/12
**Catherine Uí Mhaoilchiaráin,** Muighinis, 9/5/12
**Bairbre Ní Bhriain,** Coill Sáile, 2/6/12
**Jackie Greene,** Muighinis, 2/7/12
**Micheal Geary,** Leitir Deiscirt/Devon – Curtha i Muighinis 4/7/12
**Máire de Búrca,** Leitir Caladh/Ruisín na Mainioch - Curtha i Muighinis 4/4/12
**Bríd Richardson,** Gaillimh/Leitir Ard, 24/6/12
**Seán Ó Súilleabháin (Darach),** Loch Con Aortha/Brighton, 7/7/12
**Catherine Jennings Nash,** Leitir Ard/Nua Eabhrach, 27/7/12
**Ann Nee,** Cill Chiaráin/Londain, 9/8/12
**Máire Uí Chonghaile,** Aird Mhóir, 30/9/12
**Máirtín Seoige,** Bantrach Ard, 9/10/12

| An Líon Gasúir i Scoileanna an Cheantair | | | |
|---|---|---|---|
| | 1990 | 2011 | 2012 |
| Muigh Inis | 28 | 19 | 21 |
| Carna | 78 | 37 | 34 |
| An Aird Thiar | 61 | 30 | 34 |
| Cill Chiaráin | 73 | 28 | 26 |
| An Aird Mhóir | 50 | 49 | 37 |
| Muighros | 28 | Dúnta | Dúnta |
| **Iomlán** | **318** | **163** | **152** |

## *Céad Fáilte Romhaibh:*

**Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2011 agus Samhain 2012:**

Sofia Isabel Quintero.
Kealin Patrick Dunworth.
Conor Patrick McDonncha.
Jamie Patrick Ó Clochartaigh.
Nathan Ó hIarnáin.
Maitiú Máirtín Ó Conaire.
Zoe Marie Ní Mhaoilchiaráin.
Antaine John Ó Cúaláin.
Joseph Patrick Ó Ceannabháin.
Aaeon Maitiú Ó Cathasaigh.
Síofra Garrihy.
Amy Ní Fiannaí.
Val Stiofáin Ó Cúaláin.
Siúbhán Rose Lee.
Bridget Ann Helion.
Patrick Antaine Ó hIarnáin.
Ryan John Seoighe.

## Pósadh

**Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:**

Paul Kenny & Sheila Gorham.

James Dunne & Mary Corbatt.

Marcus Connolly & Susan Geoghegan.

David Lennon & Máire Martha Ní Chathasaigh.

Philip Power & Carol Ní Chualáin.

Patrick Lydon & Sally Lee.

James Goodings & Angela Keane.

Tomás Searraigh & Bríd Ní Dhonncha.

Conor Flaherty & Dympna McGrath.

# Tigh Mhic Dhonnchadha

## Cill Chiaráin

# Ollmhargadh

# Roinnt Crua-Earraí

## *Ticéid LOTTO Náisiúnta againn anois*

Siopa Búistéara
Nuachtáin



Siopa Grósaera
Gas agus Gual


# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

# An Saol ag Seoladh Leis

## - Súil siar is aniar ar an nGaeltacht



*An tAthair Pádraig Standún*

Tá bliain agus dá scór caite agam i nGaeltachtaí na Gaillimhe agus Maigh Eo ó sheol mé den chéaduair ar an Naoh Éanna ó dhuganna na Gaillimhe mar shéiplíneach d'Inis Oirr agus Inis Meáin ar an 11ú Samhain 1971. Thaitin an Naomh Éanna liom mar gur thug sí deis dom aithne a chur ar roinnt daoine ar aistear a mhair ocht n-uair a chloig amanta, ar brath ar an taoille. An lá a sheolfadh sí d'Inis Mór i dtosach, bheadh moill uair go leith ansin sula dtugadh sí a haghaidh soir chuig na hoileáin eile, áit a mbeadh na curachaí amach roimpi, mar nach bhféadfadh sí dul chuig na céibheanna beaga a bhí ann ag an am. Bhí beár faoin deic ar an "Steamer," mar a tugadh uirthi, fáil ar tae agus brioscaí, buidéal portair nó liomanáid, caint agus comhrá.

Bheadh daoine ar nós Tomás Ó Máille as Tuar Mhic Éadaigh ag seoladh amach le dul ag plé le cúrsaí títhíochta, Mattie Maloney as Gaillimh a bhí pósta le bean as Inis Oirr, ag tabhairt aire do na teileafóin. Ní raibh ach trí teileafóin sna hoileáin beaga ag an am, agus dúirt Mattie liom blianta fada ina dhiaidh sin gur mó trioblóide a thug na teileafóin sin dó nó nuair a tháinig an lá go raibh fón i chuile theach, ach cúrsaí teicneólaíochta feabhsaithe go móridir an dhá linn. Is cuimhneach liom a bheith i gcuideachta an Ghiústais Ó Síoráin ar an mbád lá cúirte i gCill Rónáin, ach nílim ag rá gur thug sé breithiúnas níos fearr de bharr gur chuir mise comhairle air.

Guth Thomáis Uí Mháille a bhí i mo chluasa maidin amháin a chaill mé an Naomh Éanna. D'fhanainn in Óstán an Chaisleáin i nGaillimh, nó an Castle, mar ab fhearr aithne air, áit a raibh ráta speisialta, dhá scilling is fiche, do mhuintir na n-oileán. Ba mhinic muintir na Taidhdheirce ann freisin tar éis cleachtaí nó taispeantais, daoine ar nós Micheál Ó Maolalla, Risteárd Ó Broin, Micheál Ó hAinnín, chomh maith leis an Máilleach ata luaite agam. D'fhan mise rófhada ag éisteacht leis an gceol agus leis na hamhráin oíche amháin, agus chuaigh mé a chodladh le guth Thomáis le 'Shanagolden' i mo chluasa. Bhí sé fós i mo chluasa nuair a dhúisigh mé, an Naomh Éanna ag dul thar Ceann Boirne ar a bealach chuig na hoileáin.

**'Íosa Críost'...agus teanga 'cool'**

Ba mhór idir an Naomh Éanna agus na curachaí canbháis inar thrasnaigh muid an Súnda Salach (atá ainmnithe go maith) idir Inis Oirr agus Inis Meáin idir Aifrinn an Domhnaigh. Bhí ar gach teach ar ch'aon oileáin an sagart a thabhairt trasna uair nó dhó in aghaidh na bliana ar a seal. "Turn an tsagairt" a thugtaí ar an dualgas sin. Bhí sé go hálainn sa samhradh nuair a bheadh cead ag an sagart féin iomramh anois is arís. Ach bhí laethanta geimhriúla ann a mbíodh maidhmeanna móra farraige chomh hard le teach dhá stór ag caitheamh curaí is criú anonn is anall ar bharr an uisce. Insitear sna soiscéil faoinár Slánaitheoir ag codladh i ndeireadh an bháid lena chloigeann leagtha ar philiúr. Ní raibh baol ar bith go dtitfeadh sagart bocht óg dá lucht leanúna ina chodladh ar thransam curaí, ach ní bhíodh an Slánaitheóir céanna i bhfad óna chuid smaointe nó ó bharr a theanga – "Ó, Íosa Criost…"

Is fada é sin ón saol breá socair atá ag sagart maidin De Domhnaigh sa lá atá inniu ann. Is iomaí rud atruithe ó 1971, ach tá an Ghaeltacht beo fós, cé go raibh daoine ag tuar ag an am go mbeadh deireadh le Gaeilge sna Gaeltachtaí agus go mbeadh na hoileáin bánaithe roimh dheiridh an chéid. Ní raibh Raidió nó Teilifís i nGaeilge ag an am, agus chuidigh siad sin go mór, ach b'iad na daoine iad féin a choinnigh beo í. Bhí imní ann an uair sin mar atá anois go raibh déagóirí ag labhairt Béarla eatarthu féin. Tá postanna móra sna meáin anois ag cuid de na daoine óga nach labhrodh Gaeilge sna seachtóidí mar nach raibh sí "cool" an uair sin ach an oiread. An rud is mó atá ag teastáil ná misneach a choinneáil, agus leanacht oraibh á labhairt.

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*

*Conamara,*

*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

## *Abbeyglen Castle Hotel*
## *An Clochán*



**Lóistín, béilíthe, ócáideacha sóisialta – in Óstán a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar.**

***Cuirfidh Brian Hughes agus Paul Hughes míle fáilte romhat.***

**Teileafón….095-21021.**
**Facs……….095-21797.**
**E-Mail…….info@abbeyglen.ie**

# Bádóirí Oileán Iarthach



Coleman Coyne is gaire dúinn agus Mickey Mhary Ann.

# Céad bliain ó shin....agus seasca bliain ó shin.



1951
Hugh Ó Domhnaill agus a mhada i Muigh Inis 51 bliain ó shin.
Ba é Hugh athair Hugh Ó Domhnaill a bhíonn's ag tiomáint bus Charna anois.
Máistir scoile a bhí ann agus chaith sé na blianta ag múineadh i Muigh Inis.
Chaith Hugh Ó Domhnaill scaitheamh ina Chomhairleoir Contae freisin.



Tomás Ó Caodhna – Thomas an Ghréasaí – as Glinnsce.
Bhí sé ina shaighdiúr sna 'Irish Guards' sa gCéad Chogadh Mór...1914-1918.

Tháinig Thomas abhaile níos deireannaigh agus chaith a shaol go suaimhneach i nGlinnsce. Ach dúradh gur beag cainte a rinne sé ariamh faoin gCogadh.

Mac leis é Johnny a thagann anall as Boston anois agus aríst le scaitheamh a chaitheamh ina theach i nGlinnsce. Iníon leis í Carmel Keane i gCloch na Rón.

# Scoil na hÁirde Móire



Ar gcúl, ó chlé: Cóilín Ó Gionnáin (Caladh Fhínse), Tomás Ó Cualáin (Caladh Fhínse), ?, Marcus Ó Cualáin (Caladh Fhínse), ?, Bríd Mháirtín Fheichín – an múinteoir.

Lár báire, ó chlé: Máire Ní Mhaoilchiaráin (Caladh Fhínse), Micheál Ó Dubháin (Caladh Fhínse), Páraic Ó Cualáin (Caladh Fhínse), Seosamh Ó Maoilchiaráin (Caladh Fhínse), Máirtín Ó Cualáin (Caladh Fhínse), Páraic Ó Gionnáin (Caladh Fhínse), Úna Ní Mhaoilchiaráin (Caladh Fhínse).

Chun tosaigh, ó chlé: Bairbre Ní Mhaoilchiaráin (Caladh Fhínse), Bríd Ní Chualáin (Aird Mhóir), Áine Ní Chualáin (Caladh Fhínse), Máire Ní Chualáin (an Áird Mhóir), Máire Ní Ghiolla Phádraig (Caladh Fhínse), ?, Bríd Pól (Caladh Fhínse).

(Tá muid a'cheaptha gur tógadh an pictiúr am eicint sna 1950aidí).

# Pictiúir ón aimsir a caitheadh i Muigh Inis.



Seo pictiúir ó scoil Mhuigh Inse san aimsir a caitheadh; seo í an tsean scoil.

Níl muid in ann ainmneacha a chuir ar na daoine agus ar na gasúir atá sna pictiúir ach bhféidir go mbeadh cuid agaibh inann meabhair a fháil orthú.




# Anonn agus Anall i 2012




Máire agus Marcus Ó hIarnáin.

Bliain chorrach go leor a bhí inti ar fud na tíre. Bhí an cúlú eacnamaíochta ag leanacht ar aghaidh agus an bhí laghdú bagartha - agus curtha i bhfeidhm in áiteacha – ar an líon múinteoirí sna scoileanna. Bhí ceantracha mar seo go mór i mbaol mar go bhfuil an uimhir dhaltaí scoile íseal cheanna féin. Bhí conspóid ann freisin faoi tháillí ar dhamhachanna séarachais (septic tanks) agus táillí tí. Bhí go leor daoine as an gceantar ag agóidíocht i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus in áiteacha eile.



Máire Ní Fhlatharta agus Seosamh Ó Cuaig.



Peadar Ó Maoláin as Údarás na Gaeltachta ag labhairt ag oscailt an Ionaid Cúram Leanaí

Ar an taobh eile den scéal bhí roinnt ócáideacha maithe againn. Osclaíodh an tIonad Cúram - Assisted Living – le taobh an Tí Altranais agus osclaíodh an tIonad Cúram Leanaí ar an Eastáit Tionscail. B'ábhar mór sásaimh é seo do bhaill Fhóram Iorras Aithneach a rinne troid chrua agus fhada leis an tionscnaimh seo a choinneáil beo in imeacht na mblianta sul ar tugadh go ceann scríbe é sa deireadh. Tá coiste maith ina chion anois agus guíonn muid chuile rath orthu ina gcuid oibre; tá súil againn go rachaidh sé chun tairbhe do ghasúir na háite agus don Ghaeilge sa gceantar.



Seán Ó Cathasaigh

Toghadh Méara nua ar Charna freisin - Seán Ó Cathasaigh. Bhain an comórtas seo le feachtas bailiúcháin airgid a bhí ar bun ag Coiste Pobail Charna. Ar ndóigh tá cáil ar Sheán mar pheileadóir den scoth agus sé atá ina Rúnaí freisin ar Chumann Peile Charna/an Chaisil.



Dónal Ó Cualáin – Coimisineára Cúnta.

Tugadh céim an-ard sna Gardaí d'fhear as Carna i mbliana. Tá Dónal Ó Cualáin anois ina Choimisinéara Cúnta sa bhfórsa agus é i gceannas ar dhualgaisí na nGardaí in iarthar na hÉireann. Go n-éirí leis.

Thug Ollscoil na hÉireann i nGaillimh céim onórach do Josie Sheáin Jeaic. Ba mhaith an aghaidh ar é. Ní h'é amháin gur fonadóir den scoth é ach tá eolas agus tuiscint aige ar thraidisiún an tsean nóis agus an cheoil Ghaeiligh – agus tá sé ar dhuine de na daoine is mo a chuir borradh & beocht sa traidisiún sin le fada an lá.



Josie Sheáin Jeaic

# Club Lúthchleasaíochta in Iorras Aithneach.

Ar an 15 Samhain, tháinig grúpa tuismitheoirí agus daoine áitiúla le chéile in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna, chun Club Lúthchleasaíochta a bhunú.

Tugadh cuireadh do Phól Mac Conamara, oifigeach Chlub Lúthchleasaíocht Éireann chuig an gcruinniú seo. Tháinig sé agus rinne sé cur i láthair ar an gcaoi a mbunaítear club. Tógadh cinneadh go mbunófaí Club Lúthchleasaíochta sa cheantar agus toghadh coiste an oíche sin.

Tiocfaidh an coiste le chéile roimh an Nollaig chun gnáth rialacha an Chlub a phlé, mar shampla, traenáil, oiliúint agus eile.

Tá rún ag an gClub nasc a bheith acu le Club Lúthchleasaíochta Éireann in Eanáir 2013, agus a bheith faoi lán tseoil go luath sa mbliain nua le cúnamh Dé.

**Tuilleadh eolais: Caroline 087-7930029**

Scoil Phobail Mhic Dara – Dia dár Stiúradh

1972 - 2012
Ceiliúradh 40 bliain

Scoil Phobail Mhic Dara
Cárna
Fón: 095-32245

Suíomh gréasáin: www.spmd.ie

Ríomhphost: spmd@eircom.net


Ag cur Oideachas cuimsitheach Dara Leibhéal ar fáil
agus
Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (P.L.C.)
FETAC – Leibhéal 5 i gCuram Leanaí.

Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic
Dara
beannachtaí na Nollag agus na
hathbhliana ar an bpobal uilig.

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie

**Sladmhargadh na Nollag**
**ar siúl ón 3 – 24 Nollaig**

**Lacáiste suas le 50% ar leabhair**
**agus rogha CDs ar €10**




CONAMARA AGUS BOSTON: TRÍOCHA BLIAIN ANONN IS ANALL
Máirtín Ó Catháin

Mionléargas spéisiúil agus cuimsitheach ar phobal Chonamara i mBoston ina gcíortar a slí maireachtála, cúrsaí inimirce, polaitíochta agus sóisialta le tríocha bliain anuas. Pléitear deacrachtaí na n-imirceach, luaitear laochra spóirt agus cultúir, mar aon le polaiteoirí agus coirpigh.




BRÓGA JOHNNY THOMÁIS
Jackie Mac Donncha

Cnuasach gearrscéalta ina bhfuil téamaí uilíocha an tsaoil curtha inár láthair go liriciúil, tuisceanach, íogáir agus scéalta eile ina bhfuil an greann dubh, an t-osreálachas agus na scéalta ón mBíobla curtha as a riocht le teann spraoi.




AR NÓS AN PHÁISTE
Pádraig Standún

Ar an ngearrliosta do Ghradam Uí Shúilleabháin 2012.

Úrscéal corraitheach faoi sheanfhear a bhfuil an galar Alzheimer's air. Éalaíonn ó theach altranais agus faigheann eitilt go hAmstardam . . . é in airde ar bhalla in áit chontúirteach i Músaem Van Gogh, titim trí stór go talamh . . .


**Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie**

# Siopa

# Dowd

National Lottery

Carna
Conamara
Fón/facs: 095-32882



Cártaí Mháirín

Esso



## Ó Dubhda, Tógalaí



*Seolann muid beannachtaina Nollag chuig ár gcustaiméarai ar fad.*

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
Co. Galway Vocational Education Committee

# Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois

- Raon iomlán Cúrsaí Lae á gcur ar fáil i nGairmscoileanna uile an Choiste Gairmoideachais (12), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara
  - Baile Átha an Rí
  - Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
  - Baile Locha Riach
  - Tuaim
  - An Creagán
  - An Cnoc Breac
  - Indreabhán
  - Ros Muc
  - Corr na Móna
  - Inis Oírr, Oileáin Árann
  - Cill Rónáin, Oileáin Árann
  - Inis Meáin, Oileáin Árann
- Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais ( VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua
- Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna
- Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

# Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil ar fud an chontae, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**Seosamh Mac Donncha**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# Ionad Cuimhneacháin an nImirceach
## - ar shuíomh an tSean Halla

### Cén aidhm atá leis:

- Áiseanna a chur ar fáil do mhuintir na phobail;
- Omós a thabhairt d'imirceoirí Iorras Aithneach a d'imigh leis na scórtha agus na céadta bliain.
- Lár Ionad siombalach a dhéanadh ceangal idir an pobal sa mbaile agus iad siúd a bhfuil an baile fágtha acu.
- An turasóireacht a neartú – go háiríthe an turasóireacht chultúrtha.
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta.

### Céard a bheidh ann?

- Halla pobail le haghaidh imeachtaí ceoil, damhsa, ceolchoirmeacha agus roinnt imeachtaí spóirt.
- Seomra aclaíochta.
- Seomra cuartaíochta, comhluadair agus béadoidis a thabharfaidh deis do dhaoine...idir mhuintir an cheantair agus chuairteoirí...a theacht le chéile. Bheadh braon tae srl le fáil sa seomra cuartaíochta. Ag an mbinn thiar a beidh sé agus amharc brea siar an cuan as sin.
- Leabharlann le taobh an tseomra comhluadair ina mbeadh eolas agus cur síos ar stair theaghlaigh sa gceantar, stair na himirce agus eolas faoi cheangail idir an pobal sa mbaile agus thar lear – agus béalóideas agus ábhar eile.
- Café idirlíon ann freisin agus roinnt spásanna oifige. Mar shampla theastódh spás oifige le haghaidh foilsiú an irisleabhair "Iorras Aithneach". Chuideodh lár-ionad ceart le hobair an irisleabhair agus le cur chun cinn na turasóireachta cultúrtha.
- Gáirdín Omóis na nImirceach ann ar an gcnocán taobh amuigh agus an fharraige siar uait.
- Oifig eolais do chuairteoirí/turasóirí.

### Céard atá déanta go dtí seo?

- Socrú go dtabharfadh an Eaglais an suíomh ar léas fada blianta.
- Cead iomlán pleanála fáighte.
- Ciste airgid dá chuir i dtoll a cheile.
- Ceangal déanta le daoine thar lear – seisear 'ambassadóirí' againn.
- Staidéar chuimsítheach déanta againn ar an scéim uilig agus curtha chun cinn chuig Clár Leader.
- Coiste láidir ag obair agus comhlacht bunaíthe.

### Céard a chosnóidh sé?

- Cuid mhaith de €700,000.
- Caithfidh muid féin cuid mhaith de €200,000 a chruinniú.
- Beidh muid ansin ag braith ar chúnamh as an Státchiste – teastóidh deontas láidir.

# IONAD CUIMHNEACHÁIN NA N-IMIRCEACH-

# The Emigrants and Diaspora Centre.



Ionad Cuimhneacháin na nImirceach – an tIonad nua atá le tógáil ar shuíomh an tsean halla i gCarna. Beidh sé ina lár-ionad siombalach do mhuintir an phobail sa mbaile agus thar sáile. Seo pictiúr don Ionad mar a bhreathnódh sé agus é tógtha.




Ag plé Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an suíomh i mí nq Bealtaine. Ó chlé: Éamon Ó Cuív, T.D., Máirtín Ó Catháin –cathaoirleach an choiste; Seosamh Ó Curraoín – ball den choiste; an tAire Stáit Donncha Mac Fhionnlaoich, Bertie Ó hAinmhire – Rúnaí Roinn na Gaeltachta; an Dr Micheál Ó Cathasaigh; Susan uí Chatháin – ball den choiste. Teann ar ais ar chlé aríst agus tá an Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig ansin ( ar éigin gur féidir é a fheiceáil) agus an Comhairleoir Seosamh Ó Laoi taobh thiar d'Éamon Ó Cuív.




Tá **Colm Lydon** ar dhuine de na hoifigigh is airde céime sna póilíní i mBoston. Mac é le Cóilín Lydon as Roisín na Mainíoch agus le Bríd Uí Loideáin (Nic Dhonnchadha) as Leitir Ard atá ina gcónaí i Massachusetts anois le fada an lá.
Sna pictiúir seo tá Colm Lydon ag gárdáil Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn agus Uachtarán Mheiricea Barack Obama le linn dóibh a bheith i mBoston i mbliana.






**An tSeanadóra Margaret Craven**
Bhua sí an suíochán arís i mí na Samhna.




**Martin Walsh**
An pictiúr ar an mballa i dteach a mháthair, Mary, den chéad uair a toghadh é i 1997. Tá an suíochán coinnithe aige ó shin.

# Rósanna Rósanna



Áine Ní Mhaoilchiaráin as Muigh Inis, Carna – lá beirthe speisialta...12 bliain d'aois ar an 12ú Nollaig...sin 12-12-2012. Tá 'Sandy' a madra sa bpictiúr seo léi. Tógadh an pictiúr seo thíos le cósta i Muigh Inis.



Caoimhe (ar chlé) agus Chloe Ní Mhadaoín – cúpla as Cill Chiaráin. Mary Geraldine agus Pól Ó Madaoín a dtuismitheoirí.




Phioc siad an Rós ceart! Katie Ní Shúilleabháin ar chlé agus a col ceathrar Róisín Ní Shúilleabháin as Ros Muc ar dheis agus iad in éineacht le Rós Luxembourg i nGaillimh roimh chomórtas Rós Thrá Lí. Sise a bhua Craobh Rós Thrá Lí – Nicola McEvoy as Corcaigh ó dhúchas.

# Go n-éirí an saol libh!




Dymphna Nic Craith as Glinnsce agus Conor Ó Flatharta as Taom Beola a phós i Séipéal Charna ar an 26/10/2012.



Bríd Ní Dhonnacha, Garraí an tSágairt- iníon Richie agus Rita - agus Tomás Sharry, Inis Oirr.




Carol Ní Chualáin as Loch Con Aortha a phós Philip Power as Gaillimh i Séipeál Naomh Ciarán, Cill Chiaráin ar an 5ú Lúnasa 2012.





Margaret Stephen Taimín Sheáin as Roisín na Mainíoch agus Tom O' Donnell as Muigheo a phós i nGaillimh. Tá cónaí orthú i Londain.

# Céimíthe




Eileanóir Ní Chatháin (Gabhla) – Céim B.A. Onóracha i nGaeilge agus i mBéarla in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh.



Piaras Ó Bolguidhir (Áird Mhóir) - Céim Onórach san Ailtireacht in Ollscoil Luimní i Lúnasa 2012.



Kate Ní Churraoín ( Caladh an Chnoic). Bronnadh céim Onóracha BA uirthi in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh.



Marcus Mac Fhlannchadha (Cill Chiaráin), B. Eng. agus céim Mháisteachta in I.T. do Ailtirí/Innealtóirí bronta ar anois in Ollscoil na hÉireann i gCorcaigh.



An tAthair Shane Ó Súilleabháin agus a theaglach tar éis a oirdníthe mar Shagart i mbliana.

# Debs 2012



Josephine Ní Cheannabháin ar chlé agus Joanna Ní Cheannabháin as Muighros.



Amy Seoige (Bantrach Ard) agus Colm Ó Curraoín (Caladh an Chnoic).



Breda Ní Cheannabháin (Aird Mhóir) agus Páraic Ó Gaora (Crumpán, Carna).



Sarah Ní Bhriain ( Loch Con Aortha) agus Dónal Ó Loideáin (Carna).

# Lámh sa tSín agus lámh san Eóraip.




Tá margaí nua fáighte ag comhlacht Arramara Teo sa tSín agus tá lasta feamainne in aghaidh na míosa dá chur chun bhealaigh ansin anois. Tá obair mhór déanta ag an mbainisteoir díolacháin agus margaíochta Nóirín Bhreathnach. Tógadh an pictiúr seo sa tSín in mbliana. Ó chlé: Declan Kelleher, Ambassadóir na hÉireann i Beijing, Mr Nianxi Wu, Leas Uachtarán, Qingdao Gather Great Ocean Seaweed Industry Co., Ltd: An Taoíseach, Enda Kenny, Mr Shipeng Wu, Uachtarán Qingdao Gather Great Ocean Seaweed Industry Co., Ltd, Nóirín Bhreathnach, Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta in Arramara Teo; Richard Bruton, Aire Nuaiolaíochta agus Jabanna na hÉireann, Frank Ryan, Príomh Fheidhmeannach Enterprise Ireland agus iad ar thoscaireacht tráchtála tráth ar An Taoíseach, Mr Enda Kenny cuairt ar an tSín i Marta, 2012



Macdara Ó Cuaig as Aill na Brún i gCill Chiaráin – na páipéir ina lámha aige anseo – ag míniú cuid d'obair thaighde agus fhorbartha thionscail na mara don Choimisinéara Eorpach Máire Geoghegan-Quinn ag ócáid i mBaile Átha Cliath i mbliana. Saineolaí i bhForas na Mara é Macdara agus sí Máire Geoghegan-Quinn atá i gceannas ar chúrsaí nuaiolaíochta agus fiontraíochta san Eóraip.

# Cispheil na mBan i gCarna

*Dolores Uí Mhadaoin*



**Foireann Cispheil na mBan**
Ina seasamh ar gcúl ó chlé: Noreen Bhreathnach, Aisling Ní Chualáin, Pauline Uí Mhurchú, Barbara Ní Chonfhaola, Tríona Ní Chualáin & Dolores Uí Mhadaoin.
Chun tosaigh ó chlé: Niamh Ní Chonghaile, Éilis Ní Fhearráin, Irene Bhreathnach, Maire Uí Chonmhaigh, Fiona Ní Chualáin, Brenda Ní Mhaoilchiaráin & Sinead Bhreathnach.

I Meán Fómhair 2011 shocraigh grúpa ban áitiúil foireann oifigiúil cispheil mná a thosú. Mar gur imir siad ar fad cispheil do Scoil Phobail Mhic Dara., ag amanna éagsúla, bhí fonn ar na mná seo páirt a ghlacadh i gcomórtais arís. Is é an fonn seo a ghríosaigh iad Foireann Cispheil Charna a bhunú agus ceangal a dhéanamh le Bord Cispheil Cheantar na Gaillimhe, atá istigh le Cispheil Éireann. Tá rath agus borradh ar Rannán na mBan i gCeantar na Gaillimhe le blianta agus tá foirne ag iomaíocht ar fud an chontae, chomh maith le 5 fhoireann as Conamara i séasúr na bliana 2011/2012, dhá fhoireann as Uachtar Ard, Bearna, Na Gaeil as Leitir Móir agus muid fhéin.

Bhí ár gcéad séasúr thar a bheith dícheallach, sa méid nach raibh muid ach bunaithe i ndeireadh mhí Mhéan an Fhómhair agus gur thosaigh ár gcéad chluichí i lár Dheireadh Fómhair. Mar gur thosaigh muid amach le grúpa beag imreoirí, bhí orainn dul ag tóraíocht daoine a bhí fhios againn a d'imir le Scoil Phobail Mhic Dara san am a caitheadh, le himreoirí nua a thabhairt isteach. Ag deireadh mhí Mheán Fhómhair agus an dáta cláraithe ag teanna linn, bhí 18 cláraithe le Foireann Cispheil Charna. Bhí an traenálaí, Mairéad Ó Keeffe, ortha seo, a thóg an ról uirthi fhéin ar dtús go gearrthéarmach, go dtí go mbeadh muid ar ár gcosa, ach d'fhan Mairéad, baill ó Dhia uirthi, leis an bhfoireann ar feadh an tséasúir agus thug sí an-tacaíocht don ghrúpa agus tá muid thar a bheith buíoch di as ucht a ham agus a heolas ar an gcluiche a roinnt linn.

Mar nár imir an chuid is mó den fhoireann cispheil ná go deimhin aon spóirt foirne eile, le roinnt blianta, thóg sé píosa orainn muid fhéin a chur ar ár gcosa agus ár n-aclaíocht a thabhairt go leibhéal le go raibh muid in ann dul in iomaíocht leis na foirne eile a bhí bunaithe san Rannán le fada. Nuair a tháinig muid chomh fada le deireadh na sraithe i Márta, bhí ár bpainéal laghdaithe go mór, de bharr gortaithe agus de bharr gur éirigh roinnt imreoirí as, mar gheall ar an mbrú ama agus tacaíochta a theastaíonn ag an leibhéal seo.

Bhí dúshláin mhóra roimh an fhoireann agus muid ag fáil ré don dara séasúr iomaíochta. Ní raibh aon traenálaí againn; bhí laghdú ar an bhfoireann; bhí muid gan cúirt lánmhéide i gcomhair traenála, rud atá riachtanach le ár n-aclaíocht a choinneáil ag leibhéal ceart; agus bhí muid faoi bhrú airgid leis an bhfoireann a choinneáil le chéile. Mar sin fhéin thosaigh muid an séasúr go teann, mar gur éirigh linn an tUasal Seosamh Ó Neachtain a fháil mar phríomh thraenálaí; fear a bhfuil aitheantas faoi leith aige sa gcluiche; a raibh agus a bhfuil páirt mhór aige i gcispheil i nGaillimh le blianta fada agus atá ar choiste Bord Cispheil Cheantar na Gaillimhe. Tá eolas thar na bearta ag Seosamh ar chuile ghné den chispheil. Le painéal láidir de 13 imreoir agus traenálaí nua, tá muid an-dóchasach ag dul isteach sa séasúr nua. Go deimhin bhí ár gcéad bhua againn in ár gcéad chluiche den séasúr seo in aghaidh Thuama. Leis an tosach breá sin, tá muid ag súil le rudaí níos mó agus níos fearr i mbliana.




**Clíona Ní Chualáin (ar dheis) ag bronnadh an 'kit' nua ar captaein na foirne Pauline Uí Mhurchú(ar chlé).**

Traenáileann muid mar fhoireann faoi dhó sa tseachtain nó ar an láimh eile bíonn seisiún traenála againn i Scoil Phobail Mhic Dara agus cluiche in ár áit baile Uachtar Ard nó as baile, rud a chiallaíonn taisteal go Tuaim, Baile Átha an Rí , Baile Chláir na Gaillimhe nó go dtí ceann den iliomad cúirt atá i gCathair na Gaillimhe. Casann an traenálaí Seosamh Ó Neachtain linn chuile Dé hAoine in Uachtar Ard, ionas go mbeidh muid in ann leas a bhaint as seisiún traenála ar chúirt lánmhéide; agus traenáileann muid fhéin mar ghrúpa i halla Scoil Phobail Mhic Dara tráthnónta Luan le nár stuaim a choinneáil i gcaitheamh na seachtaine. Cuireann an costas ar halla Uachtar Ard a fháil an-bhrú airgid ar an gclub ach caithfear traenáil ar chúirt lánmhéide le réiteach i gcomhair cluiche agus ar ndóigh caitheann muid áit cheart a bheith againn i gcomhair cluichí nuair a bhíonn muid ag déanamh freastal ar fhoireann lén ár gcluichí baile. Mar aonad cláraithe bíonn orainn táille a íoc le Cispheil Éireann go bliantúil agus táille cláraithe agus árachas a íoc do chuile imreoir ar mian linn go dtraenáladh agus go n-imreodh siad do Charna. Chomh maith bíonn ar chuile chlub síntiús a thabhairt i gcomhair íocaíocht réiteoirí; cosnaíonn sé thart ar €1,000 sa mbliain ar an meán an foireann a choinneáil faoi lán tseoil. Íocann chuile imreoir a dtáille cláraithe fhéin agus mar sin ní chlúdaíonn an €1,000 ach ritheacht an chlub.

Tá Tigh Mheaic i gCarna tagtha chun cinn mar ár n-urraítheoirí oifigiúil dár bhfoireann i gcomhair séasúr 2012/2013 agus is ardú meanmach dhúinn é seo. Ba mhaith linn an deis seo a thógáil le buíochas a ghlacadh le Tigh Mheaic as an urraíocht sin agus tá muid an-bhródúil geansaí Charna lena n-ainm air a chaitheamh. Ba mhaith linn freisin buíochas a ghlacadh leis an bPríomhoide Dara Ó Maoilchiaráin agus le Páraic Ó Cualáin, Scoil Phobail Mhic Dara mar gheall ar úsáid an halla. Agus ar deireadh, do chuile dhuine a thugann cúnamh leis an bhfoireann a choinneáil ag imeacht trí thacaíocht a thabhairt dár n-iarrachtaí airgead a bhailiú i rith na bliana, le ticéid a cheannacht, cácaí a dhéanamh, duaiseanna raifil a thabhairt &rl., is mór againn bhur dtacaíocht.

Aon duine ar mian leo ár ndul chun cinn a leanacht don séasúr seo chugainn nó duine ar bith a mbeadh suim acu teacht ar an bhfoireann amach anseo, tá leathanach 'facebook' againn, Cispheil Charna nó is féidir teangmháil a dhéanamh linn ag bballcarna@hotmail.com

# Feachtas Bailte Slachtmhara Charna 2012



*Clíona Ní Chualáin*

Chur Baile Charna isteach ar an gComórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara i 2012 agus d'éirigh go breá leis an gcéad iarracht.

Bunaíodh Coiste Bailte Slachtmhara Charna i 2011 mar fhochoiste faoi chúram Coiste Pobail Charna. Bhí an Coiste Pobail chomh maith leis an fhochoiste, ghníomhach le ós cionn bliana anuas ag eagrú bailiúcháin bruscar ina raibh an pobail ar fad páirteach. Mar chuid don fheachtas déanadh iarracht feabhas agus slacht a chur ar bhaile Charna, mar shampla socraíodh ós cionn scór boscaí bláthanna i spotaí áirid ar fud an bhaile agus déanadh iarracht féar a choinneáil gearrtha go rialta. Déanadh na boscaí plandaí le comhoibriú ón Scéim FÁS agus tá plean tuilleadh boscaí a dhéanamh. Déanadh iarracht slacht a chur ar dhroch spotaí thart sa mbaile freisin. Chuidigh an feachtas le feabhas a chur ar Bhaile Charna ar mhaithe leis an bPobail féin agus le cuairteoirí a mhealladh isteach.

Níl an obair ach fós ina tús agus tá muid ag súil cur leis an gcéad bhliain agus iarratas a dhéanamh arís i 2013. Ba mhaith le Coiste Pobail Charna buíochas a ghlacadh le chuile duine a thug cúnamh leis na bailiúcháin bruscar, a eagrú i rith na bliana ar na sráideanna agus na tránna agus dóibh siúd uilig a rinne iarracht slacht a chur ar a gcuid áiteacha fhéin. Seo thíos mar a d'éirigh le na bailte ar fad i gContae na Gaillimhe:

SuperValu TidyTowns — ANALYSIS OF MARKS BY COUNTY

**GALWAY**

| CATEGORY A | MARK |
|---|---|
| Monivea | 294 |
| Williamstown | 281 |
| Caltra | 267 |
| Glinsk | 253 |
| Na Forbacha | 246 |
| Castleblakeney | 242 |
| Creggs | 238 |
| Letterfrack | 238 |
| Leenane | 232 |
| Lawrencetown | 231 |
| Tynagh | 225 |
| Ardrahan | 211 |
| Abbeyknockmoy | 210 |
| Castlegar | 205 |
| Menlough | 200 |
| Kilkerrin | 183 |
| Kilconnell | 180 |
| Newbridge | 180 |

| CATEGORY B | MARK |
|---|---|
| Milltown | 299 |
| Abbey | 298 |
| Clarinbridge | 291 |
| An Spideal | 274 |
| Roundstone | 258 |
| Dunmore | 254 |
| Carna | 250 |
| Moylough | 244 |
| Glenamaddy | 239 |
| Ahascragh | 226 |
| Aughrim | 216 |
| Ballygar | 215 |
| Craughwell | 180 |

ANALYSIS OF MARKS BY COUNTY — SuperValu TidyTowns

**GALWAY**

| CATEGORY C | MARK |
|---|---|
| Portumna | 280 |
| Clifden | 258 |
| Oughterard | 254 |
| Claregalway | 246 |
| Moycullen | 198 |

| CATEGORY D | MARK |
|---|---|
| Athenry | 258 |
| Loughrea | 240 |
| Oranmore | 227 |
| An Cheathru Rua | 192 |

| CATEGORY E | MARK |
|---|---|
| Ballinasloe | 274 |
| Tuam | 246 |

| CATEGORY H | MARK |
|---|---|
| Galway City Centre | 269 |

D'éirigh le Carna 250 pointe as 400 a fháil sa gcomórtas agus is seo sampla don méid a bhí le rá ag na moltóirí an lá ar tháinig siad go Carna:-

'On the day of adjudication Carna was largely litter-free. It is seen from your entry that you undertake major clean ups over the entire area and that these involve the whole community.

Tá sibh le moladh as an meitheal sin a eagrú mar tá a rian le feiceáil anois..'



## SEÁN KYNE TD

Galway West Constituency

**Oifig Dáil Ceantair,**
**Bóthar an Spidéal,**
**Maigh Cuillin,**
**Co. na Gaillimhe.**

TEL: +353 (0)91 868 111
MOB: +353 (0)87 613 7372

EMAIL: SEAN.KYNE@OIR.IE

**Is féidir coinne a dhéanamh le haghaidh an Luan nó Aoine ag an oifig i Maigh Cuillin ag 091-868111 nó r-phost ag sean.kyne@oir.ie**

**Bíonn clinic uair gach mí in áiteanna éagsúla (fograí ar Raidió na Gaeltachta nó na páipéir áitiúla)**

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL


The local call for your home heating oil.
The Sweeney Oil Company
For guaranteed lowest price call
Clifden 095 22636,
Galway 091 555 999
or order online at
thesweeneyoilcompany.ie
Home Heating Oil
Kerosene
Diesel
Fast & Efficient
Keenest Prices
The Sweeney Oil Company
The local call for your home heating oil

# SEOSAMH Ó CUAIG

## Áill na Brún, Cill Chiaráin



Comhairleoir Contae

**Tá fáil orm i gcónaí ...**

**095-33428**


**agus**

**087-2194247**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*

# 1962
## - Caoga Bliain Ó Shin

*Seosamh Ó Cuaig*



Tharla dhá rud mhóra i stair an domhain an bhliain sin 1962 - cuireadh tús le Comhairle na Vatacáine sa Róimh agus bhí an-chosúlacht ann ar feadh tamaill go dtosódh Cogadh Mór a Trí agus go gcuirfí deireadh linn ar fad an iarraidh seo. Na diúracáin a bhí ag an Rúis i gCúba a chuir gar don chogadh muid. Bhí scéin i ndaoine ar feadh laethanta. Sin í an bhliain ar thosaigh mé féin agus mo dheartháir i Meánscoil Sheosaimh i gCarna agus is cuimhneach liom go maith go gcuireadh na mná rialta ag guidhe an rang ag iarraidh ar Dhia muid a shábháil ar an uafás a bhí ar an mbealach. Réitíodh sa deireadh é, a bhuíochas sin cuid mhaith do na Cinnéidigh a bhí i gceannas sa Teach Bán ag an am.

Maidir le Vatacáin 2 chuir na socruithe a rinneadh ansin athrú ar an Eaglais sa bparóiste seo chomh maith le chuile áit eile. Nuair a bhíodh muide ag fríotháil an Aifrinn roimhe sin Laidin a bhíodh muid a fhreagairt agus gan a fhios againn beirthe ná beo céard a bhí muid a rá. Iompaithe uainn ar an altóir a bhíodh an sagart formhór an ama.

Tugadh isteach an Ghaeilge anois agus thug an sagart a aghaidh ar an bpobal. Ceapadh freisin nar mhaith an rud séipéal a bheith i bhfolach i gcrainnte. Is dóichí gur mar gheall air sin a gearradh na crainnte a bhí anoir le bóthar ar aghaidh shéipéal Chill Chiaráin. Bhí nádúr ag cuid againn leis na crainnte céanna mar ba mhinic linn moncaithe a dhéanamh dínn féin ag goil ó chrann go crann acu. Níl a fhios agam go dtí an lá atá inniu ann cén chaoi nár maraíodh nó nár leonadh muid nuair a thugadh muid aghaidh soir ann ón scoil i nganfhios don mháistir.



An Pápa Eóin XXIII

**Gradam do Johnny**

Tugadh gradam don Teachta Dála Johnny Geogheghan as ucht gurbh é a cheantar ab fhearr de na ceantair tuaithe ar fud na tíre an bhliain roimhe sin ó thaobh airgead a chur sa mBailiúchán Náisiúnta. Cuimhneoidh daoine go mbailíodh an Páirtí airgead ag na séipéil Domhnach áithrid den bhliain an uair sin. Dúradh ar an bpáipéar gur i nGlinsce, san Aird, i Maínis agus i gCarna a bailíodh an t-airgead.



Ceannaire na Rúise, Nikita Kruschew ar chlé agus an tUachtarán John F Kennedy.

**Teach solais**
Bhí an teach solais ar Chruach na Caoile as fidil. An bhliain roimhe sin a cuireadh bataire leictreach ann. Ba é Joe King as Inis Ní a bhí i gceannas ar an teach solais sin agus ar theach solais Inis Ní féin freisin.

**Saighdiúir**
Bhí neart scéalta á n-inseacht i gcónaí ag Joe King as Cloch na Rón nach raibh i bhfad sa mbaile as an gCongo. Laoch náisiúnta a bhí ann ag óige an cheantair a dúirt an "Connacht Tribune".

**An Cheardscoil**
Bhí tairiscintí á n-iarraidh i dtús na bliana le ceardscoil nua a dhéanamh i gCarna ach ní raibh an tAire Oideachais in ann a inseacht do Johnny Geogheghan sa Dáil i mí Iúil cén uair a dtógfaí í.

Gealladh ag cruinniú den VEC i mí an Aibreáin go mbeadh Ceardscoil nua Charna oscailte roimh an Nollaig nó go luath sa mbliain nua.

Sa deireadh, ar an gcéad lá de mhí na Nollag; tuairiscíodh ar an "Tuam Herald" go raibh fir ag obair ar shuíomh na ceardscoile. Ba iad Comhlacht Farragher's as Tuaim a fuair an conradh tógála.

**Sagairt**
Aistríodh an tAthair Edward Donoghue as Carna go Cill Chonla agus tháinig an tAthair John Philibin as Moorbhaile ina áit.

**Dochtúirí**
Ní raibh sé éasca dochtúir a choinneáil i gCarna na blianta sin . Fógraíodh i mí Feabhra go raibh "locum" ag teastáil "part-time and non-pensionable". £900 sa mbliain a gheobhadh sé.D'imigh an Dr. Pádraic Ó Finneadha as Carna sa Márta. B'as Cois Fharraige é. Chaith sé cupla bliain san Afraic roimhe sin. Thóg sé tamall go dtáinig an chéad dochtúir eile, ba é sin an Dr. Stynes as Bleá Cliath. Níor fhan seisean ró-fhada ach oiread agus b'éigean do na húdaráis a dhul ag tóraíocht arís. Ba é an Dr. Noel St. John Hennessy as Warrington a fuair siad an iarraidh seo.

**Macdara Ó Loideáin**
Bhíodh Macdara Ó Loideáin ag imirt do na Piarsaigh an bhliain sin. I gcuntas a foilsíodh ar an gConnacht Tribune faoi chluiche a d'imir siad in aghaidh Rinn Mhaoile dúradh an méid seo faoi ; " Dara Lydon broke up attack after attack."

**Drámaíocht**
Bhí an drámaíocht go láidir sa bparóiste ag an am. Eagraíodh Féile Drámaíochta i gCarna 4-11 Márta. Dúradh ar an "Irish Independent" gurb é Earnán de Blaghad a d'osclódh go hoigiuil í. Fear mór le rá ba ea é siúd—iar-Aire Rialtais agus fear a bhí i gceannas ar Amharclann na Mainistreach ar feadh na mblianta. Dúradh gur mhór an trua go raibh Óstán Mhongáin dúnta. Ba mhinic a d'fhan Earnán de Blaghad ann. Mar ba ghnáth na blianta sin rinne Aisteoirí Loch Con Aortha thar cionn ag an bhFéile. Bhain Scoil Náisiúnta Loch Con Aortha an chéad áit amach ag Féile Drámaíochta na Scol i mBleá Cliath freisin. Tugadh an-suntas don leaidín óg, Pádraic Mac Donncha as Loch Con Aortha. Bhí píosa deas ar an "Irish Independent" faoi féin agus faoina mháthair. "I only wish that he would show as much enthusiasm for learning his tables," dúirt Bairbre. Tháinig an lá ar ndóigh a raibh sé ina Chigire Scoile.

**Tuilleadh drámaíochta**
Ba é Mícheál Ó Móráin as Carna a bhí i gceannas nuair a d'oscail Easpag na Gaillimhe Féile Drámaíochta Chonnacht i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Ba é a chuir fáilte roimh an Easpag. Ba mhaith uaidh go deimhin—i nGaeilge agus i mBéarla.

**"An Buachaill Tuaithe"**
Rinne muintir Charna thar cionn ar fad leis an dráma "An Buachaill Tuaithe". Léiríodh é sin agus dráma as Loch Con Aortha ag Féile Chonnacht. Labhraíodh ar an "Irish Times" ar Mhícheál Ó Móráin, ar Bhairbre Mhic Dhonncha, agus ar Nóra Ní Chlochartaigh. Tugadh an-mholadh freisin don léiritheoir Tom Sailí Ó Flaithearta a raibh lámh mhór aige sa drámaíocht sa bparóiste ag an am.

**Faochain**
Bhí faochain á ndíol ar 34 scilling an céad.

**Gardaí**
Chuaigh an Sáirsint S. Ó Néill as Carna go dtí an "depot" ar chúrsa sé seachtainí. Chaithfeadh sé go ndeacha an cúrsa chun tairbhe dó mar dúradh faoi cheann cupla mí eile gur éirigh leis an Sáirsint Ó Néill sa scrúdú le bheith ina Chigire.

**Tráiléir**
Tháinig tráiléir le Gael Linn as na Cealla Beaga go Gaillimh le iasc i gcomhair mhonarcha na hAirde.

**Cártaí**
Imríodh cluichí cártaí 25 ar an gCaiseal. Muintir Ghlinsce a thug an duais leo—J. Mc Donagh, M.J. Keane agus G. Keaney.

**An tOllamh Ó Céidigh**
Bhí trí dhuine dhéag (13) daltaí ag an Ollamh Pádraig Ó Céidigh i gCarna ag déanamh staidéir ar an muireolaíocht. I dtithe sa gceantar a bhí siad ag fanacht. Rinne an tOllamh Ó Céidigh chuile iarracht as sin go lá an bháis Carna a chur ar an mapa ó thaobh na muireolaíochta de. Bhí ag éirí go breá leis an iarracht go dtí gur tógadh Áras Mháirtín Uí Riain ag Coláiste Ollscoile na Gaillimhe.

**Fear na rátaí**
Bíonn an-deacracht ag an Stát táillí a bhailiú ar an aimsir seo ach an uair sin bhíodh duine i chuile cheantar le airgead na rátaí a bhailiú. Máirtín Ó Dónaill as Coill Sáile a bhí againne. Thug sé beirt os comhair na cúirte i 1962 faoi gan na rataí a bheith íoctha acu. Ní bhacfaidh mé leis an mbeirt a ainmniú.

**Eascann Bhreá**
Mharaigh Alfred Ward eascann amach ó chéibh Chloch na Rón a raibh 24 pt. meáchain inti. 6 troithe agus 5 horlaí go leith ar fad a bhí sí.

**An Flu**
Scaip ruaig den flu trí Chonamara san Aibreán. Bhí chuile dhuine sa teach buailte in áiteacha.

**Liamháin Gréine**
Bhí na liamháin gréine go fairsing i gCuan Chloch na Rón i mí an Aibreáin. Bhí neart rónta le feiceáil amach ó Charna agus ó Mhaoras a dúirt an Connacht Tribune. Comhartha deá-aimsire a dúirt na daoine.


Jack Boulger as an gCaiseal agus 'Carna Bobby'.

**Stail**
Dhíol Cumann Capaillíní Chonamara " Carna Bobby " ar £35 (seanairgead) le Patrick Lally as an nGort. I gCaladh Fhínse a bhí sí ina searrach. Bhí an-mhianach go deo inti agus tháinig searraigh den scoth uaithi. Chaith sí seal ag Jack Boulger ar an gCaiseal agus seal eile ag Johnny Pháid i gCoill Sáile. 14.1 lámh ar airde a bhí sí. Tabhair faoi deara nach raibh aon airde mhór i gcapaillíní Chonamara an uair sin. An Cumann féin ba chúis le airde a theacht iontu ó shin. Níorbh é a leas é, déarfainn.

**An tEaspag**
Tháinig Ardeaspag Thuama, an Dr. Breathnach, go dtí an paróiste le gasúir a chur faoina láimh. Sílim gurbh shin í an bhliain a bhfuair mé féin an leidhce bheag bheannaithe faoin gcluais. Cuimhním go mbíodh muid ag aithris go ceann i bhfad ina dhiaidh sin ar an gcaoi a ndeireadh an tEaspag "suígí síos má sé bhur dtoil é." Ba é an Leifteanant Tomás Ó Máille a bhí i gceannas ar an ngarda onóra den FCA a bhí i gCill Chiaráín agus ba é an Leifteanant Pádraic Bairéad a bhí i gceannas i gCarna.


Brian Ó Luineacháin

**Brian Ó Luineacháin**
Thug Brian Ó Luineacháin (sinsear) cuairt ar Chloch na Rón. Ba é an Rúnaí Parlaiminte

sa Roinn Tailte ag an am é. Dúirt Pádraic Ó Cosgordha ag an gcruinniú a bhí aige ann gur cheart báid a dhéanamh sa taobh seo tíre. Tá na saortha ann, a dúirt sé, ach theastódh seideanna oibre uathu. D'iarr sé freisin go gcuirfí caoi ar chuid mhaith céibheanna.

**Iascach farraige**
Bhí Coiste Iascaireachta Farraige Charna ag obair leo. Seo iad na hoifigigh a bhí orthu:
Uachtarán-An tAthair Philibin;
Rúnaí-Mac Moylette;
Cisteoir-Seán Ó Ceoinín.
Bhí comórtas iascaireachta le bheith acu i mí Lúnasa agus bhí 30 bád istigh air cheana féin i mí an Mheithimh.

Tháinig an lá mór sa deireadh. Chuir an comhlacht Lister corn airgid ar fáil. Maraíodh trí cheathrú tonna éisc. Seo iad na buaiteoirí a bhí ann:

An breac ba throime, Seán Ó Ceoinín, Oide Scoile—sciata 146 pt. meáchain;
An dara breac ba throime, Seán Ó Ceoinín agus M. Macken;
An mála éisc ba throime, An tAthair Ó Móráin—186 pt.
An dara mála éisc ba throime, Seán Ó Ceoinín—175 pt.
Duais na mban, Bean John Moylette.

An bád is mó a raibh iasc inti théis an lae, Seán Ó Ceoinín.
Duais speisialta as an mbreac ba lú, Frank Colleran as Gaillimh – roc cheithre unsa dhéag go leith.

**An Choláiste Gaeilge**
Dúradh i mí an Mheithimh go raibh ardú 50% tagtha ar líon na ndaltaí a bhí ag iarraidh a theacht chuig an gColáiste Gaeilge. Chuir sé sin iontas ar an gcoiste féin ach ar ndóigh bhí siad thar a bheith sásta.

**Portáin**
Bhí portáin á gceannacht i monarcha na hAirde. Cheithre scilleacha an chloch a bhí na hiascairí a fháil orthu. Míníodh ar an bpáipéar nach mbíodh meas ar bith orthu roimhe sin. Bhí na portáin á bpróiseáil sa monarcha agus iad á gcur i mboscaí punt meáchain le cur ar an margadh.

**Bric mhóra**
Lá dá raibh Joseph Mc Donagh ag iascach le dorú amuigh ag Sceirde mharaigh sé dhá tope mhóra. Bhí ceann acu 45 pt. meáchain agus an ceann eile 42 pt.

**Geallta**
Fógraíodh go raibh regatta Chloch na Rón le tosú aríst—ar an dara lá fichead de mhí Iúil.

**Lá Fhéil' Mhic Dara**
Rinneadh ceiliúradh ar Lá Fhéil Mhic Dara mar ba dual. Sa tuairisc a bhí ar an gConnacht Tribune dúradh go raibh ceol agus damhsa sa Más, go raibh geallta bád agus comórtais snámha ann "and other aquatic contests." Ní bhíonn a leath oiread anois ann.

**An Pháirc**
Osclaíodh go hoifigiúil páirc achóirithe Charna. Imríodh cluiche peile idir na Piarsaigh agus an Clochán agus imríodh cluiche iománaíochta idir foirne as an gColáiste Gaeilge - Gaillimh v Luimneach.

**Gliomaigh agus Cráifiscí**
Thosaigh Gael Linn ag ceannacht gliomaigh agus cráifiscí de réir an mheáchain. Ba mhór an biseach ar na hiascairí é sin. De réir an dosaen a cheannaítí iad go dtí sin agus bhíodh ceannaitheoirí ag súil le tri cinn déag a bheith sa dosaen.

**Lucht campála**
Bhí trí scóir (60) "boy scouts" ag campáil i gCarna i mí Lúnasa. Bhí siad ag an gcéilí a bhí sa halla ag lucht an chomórtais iascaireachta farraige agus chas siad amhráin Ghearmánacha ann. Chuaigh siad amach ar an Oileán Máisean ag campáil ina dhiaidh sin.

**Capall**
£260 (an seanairgead) a chuaigh an capall ba daoire a díoladh sa gClochán.

**Pósadh**
Phós Seán Curran, Carna, agus Mary Patricia Hughes as an gCreagán. In Óstán Hayden a bhí an bhainis acu. Chaith siad mí na meala i mBleá Cliath.

Phós Joe Keane as Cloch na Rón agus Carmel Keaney as Glinsce. Tí Ghaora i gCarna a

bhí an bhainis acusan agus chaith siad mí na meala ag taisteal i ndeisceart na tíre.

**Scoil Ghlinsce**
Bhí Scoil nua Náisiúnta Ghlinsce beagnach tógtha.

**Aeraíocht**
Ba é an Teachta Dála Johnny Geogheghan a d'oscail go hoifigiúil an aeraíocht ag regatta an Chloiginn. Ba é Stiofán Ó Cualáin a bhí ina mholtóir ar na comórtais damhsa.

**Teilifís**
Tháinig Teilifís Éireann ar scáileán i gCloch na Rón. Bhailigh daoine Tí Phatrick King lena fheiceáil. Dúradh go raibh UTV le fáil go héasca i gConamara ach go raibh Teilifís Éireann doiléir go leor.

**Scoláireacht**
Fuair Eibhlín Nic Dhonncha as Cill Chiaráin scoláireacht go dtí Coláiste Sheosaimh i gCarna. Dhá bhliain déag go leith d'aois a bhí sí.

**Muiríní**
20 bád a bhí ag muirínteacht i ndeireadh na bliana. Dúradh in áit eicínt gur £12,000 (an seanairgead) a rinne na hiascairí ar na muiríní an bhliain roimhe sin.

**Go Meiriceá**
Chuaigh Bríd Ní Bhriain (18) agus Bairbre (16) as Loch Con Aortha go Meiriceá. Bhí a máthair Julia agus a ndeartháir Pádraic (12) in éineacht leo in Aefort na Sionainne. Dúradh ar an bpáipéar gur anonn ag a n-aint a bhíodar ag goil agus go raibh sise thall le dhá scór bliain.

**Bainisteoir Nua**
Ceapadh T. Hyde ina bhainisteoir ar mhonarcha na hAirde. Ba é Seán Coffey a bhí ann roimhe.

**Piasúin**
Ag comórtas "clay pigeon shooting" a bhí sa gClochán bhuaigh an Dr. Hennessy agus an tAthair Carter duaiseanna.

**Scadáin**
Thóg Stephen King agus Alfie Ward bleaist mór scadán i gCuan Chloch na Rón.

**Imirce**
D'imigh go leor daoine óga go Sasana an bhliain sin.

**Oistrí**
Cheannaigh Gael Linn beirtreacha oistrí an cheantair. Chuir siad chúig bhád ag obair ag tógáil oistrí agus ag réiteach na mbeirtreacha. Sé scilleacha an dosaen a bhí siad a fháil ar na hoistrí.


**Géabha Fiáine**
Tugadh dlíthe nua isteach faoi mharú géabha fiáine. Níor thaitnigh sin le foghlaeirí an pharóiste. San oíche a bhídís amuigh- oícheanta fuara feannta freisin.
Bhíodh an Dr. Hennessey ag marú géabha fiáine é féin. Mharaigh sé sé cinn acu aon tráthnóna amháin.

**Banaltraí**
Bhí na banaltraí Máire Ní Chualáin agus Bríd Guairim sa mbaile ar saoire. Bhí siad le freastal ar chomhdháil i mBleá Cliath go gairid ina dhiaidh sin le plé a dhéanamh ar an gcóras siciatrach ar fud an domhain.

**Coiste i mBleá Cliath**
Toghadh Pádraic Ó Gaora agus Seosamh Mac an Rí ar choiste Mhuintir na Gaillimhe i mBleá Cliath.

**Roulette**
Ciontaíodh fear sa gcúirt faoi a bheith ag mealladh daoine le "roulette" a imirt i gCarna. Thug an Sáirsint P. Ó Néill fianaise go bhfaca sé Patrick Dodd agus "roulette wheel" aige. Bhí slua cruinnithe air. Thóg an Sáirsint an roth mídhleathach. Cuireadh £10 (seanairgead) fíneála ar Dodd.

**Cúrsa**



Josie Sheáin Jeaic

Chuaigh Josie Sheáin Jeaic go Sasana ar chúrsa traenála iascaireachta.

**Sa Damer**
D'inis Beairtle Beag Ó Conaola scéalta in amharclann an

Damer i mBleá Cliath. Cumann Gaelach Choláiste Ollscoile Bhleá Cliath a thug cuireadh dó ann.

**Oifigigh Airm**

Fuair scór oifigeach airm a gcoimisiún ar Churach Chill Dara. Bhí an Leifteanant Maitias Mac Donncha as Leitir Ard ar dhuine acu.

**Teach saoire**

Bhí teach saoire i gCarna ag Leslie Bishop. B'eisean a bhí i gceannas ar John Jameson and Sons ó 1914. (An bhfuil a fhios ag aonduine cá bhfuil an teach seo?) Dúradh gur an-iascaire a bhí in Leslie.

**Monarcha Ghael Linn**

Bhí monarcha Ghael Linn san Aird ag déanamh go maith. Bhí siad ag láimhsiú gliomaigh, cráifiscí, portáin agus muiríní. Bhí glasraí á bhfás sa gceantar agus iad á bpróiseáil sa monarcha freisin. Bhí scéim tógála coiníní ag obair agus chuir Gael Linn fógra sna páipéir ag iarraidh cúntóra a ghabhfadh ag díol éisc, agus ag tabhairt aire do scéim na gcoiníní. Dúradh go dteastódh taithí ar thiomáint agus eolas ar innealra.

**Duais**

Bhuaigh Mary Berry as an gCoillín duais sa gcomórtas "Captain Mac" ar an "Irish Press".

**Damhsa**

Ba iad "Billy Mack And His Showband" a bhí ag casadh an cheoil ag damhsa a bhí ar an Sraith Salach ag Craobh Charna / Chloch na Rón den INTO.

**Cúrsaí peile**

Ní raibh foireann bhuan peile ar bith ag Carna fós. Leis na Pairsaigh a bhíodh cuid de pheileadóirí maithe na háite ag imirt. Ach d'imir foireann as an bparóiste Rinn Mhaoile i gcomhair an Atlantic Alginates Trophy. Bhuaigh Rinn Mhaoile – 5-4 in aghaidh 1-0. Ba shin é an cluiche ceannais. Bhí seacht bhfoireann sa gcomórtas ar fad.

Dúirt Lúc Mac an Iomaire liom gur foireann faoi aois a bhí iontu sin a tugadh le chéile go speisialta i gcomhair na hócáide. De réir na tuairisce a bhí ar an gConnacht Tribune seo iad na peileadóirí óga a bhí i gceist: P. O Malley, E.O Malley, M. O Malley, L Ridge, P Cooke, M Casey, S. Mc Donagh, P Lee, S Mulkerrin, M Hernon, C Casey, B. Cloherty, S Greene, G Derrane, P Sweeney.

**Peil i Meiriceá**

Bhí John agus Joe Greene ar an bhfoireann Mheiriceánach a d'imir Co. An Dúin thall an bhliain sin. Dúradh ar an "Irish Press" go raibh "solid reliable game" ag Joe Greene in aghaidh James Mc Cartan. Bhí an-cháil go deo ar James Mc Cartan ag an am.

**Turas na gCros**

Dúradh i litir a scríobhadh chuig an "Irish Independent" gur i mBéarla a bhí an t-eolas ar stáisiúin Thuras na gCros i Séipéal Charna. An raibh sé seo fíor?

**Bás**



**Páraicín Mhacaí as an gCoillín – Páraic Mac an Iomaire.**
Bhásaigh sé caoga bliain ó shin – i 1962. Bhí stór mór staire agus béaloidis aige.

Seo daoine ar tuairiscíodh a mbás sna nuachtáin:

John Jennings i bhFínis, Mrs. Mann (nee Marion Cloherty), Coleman Barrett, fear óg as Maínis. Cuireadh Mrs. Mann agus an Bairéadach an lá céanna. Domhnach a bhí ann. Níor facthas a leithéid de chruinniú ag an reilig riamh cheana. Cailleadh freisin Páraic Mac an Iomaire, an seanchaí mór as an gCoillín, Miss Agnes Mongan (deirfiúr Josie), Beairtle Mac Donncha, an Aird Thiar, Simon Jennings, Roisín na Mainiach.

**Sioc**

Thosaigh an sioc mór gar don Nollaig. Tuilleadh faoi sin an bhliain seo chugainn, faoin bheith slán dúinn.

# Nóirín Uí Shúilleabháin

## - Ceoltóir agus Cumadóir

**Dlúthdhiosca nua seolta ag Nóirín.**




Sheol an Seanadóir Labhrás Ó Murchú, Árd-Stiúrthóir Comhaltas Ceoltóirí Éireann, an dlúthiosca nua "The Quiet House" le Noirín Uí Shúilleabháin in Árás Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge mar chuid de Seachtain na Gaeilge i mbliana.

Tá cliú agus cáil ar Nóirín uí Shúilleabháin (Ní Ghabháin) mar cheann de na ceoltóirí feadóige stáin is fearr sa tír le fada an lá. Rugadh i dteaghlach ceolmhar í – is deartháireacha léi Frankie agus Sean Gavin – iad siúd ag casadh léi ar an ndlúthiosca seo. Tá Nóirín ina cónaí i gCarna leis na blianta anuas agus í ag múineadh ceoil traidisiúnta sa gceantar, agus ag casadh go rialta i seisiúin ar fud na tíre.

Tá meas ag comhluadar an cheoil traidisiúnta ar Nóirín mar mhúinteoir ceoil traidisiúnta agus tá a cuid scileanna teagaisc agus a díogras molta go hard. Tá sí ina cumadóir freisin agus ag Fleadh Ceoil na hÉireann i mbliana bhuaigh sí an chéad duais i gcomórtas do fonn nua-chumtha lena port "Just Like That".

Tá an dlúthiosca "The Quiet House" le fáil i siopaí ar fud na tíre, nó ar líne ó www.noreenosullivan.com

## Ag choinneáil Oidreacht na háite Beo






# Ceannródaíthe



**Pat Walsh - Páraic Mháirtín Tom, as Caladh Mhaínse ar dheis - agus a dheartháir John Walsh ar chlé - ag comhdháil lucht 'Union' oibríthe tógála i St. Louis i Meiricea i 1966.**

# Pat Walsh - Páraic Mháirtín Tom Céad Slán Leis

*Máirtín Ó Catháin*



Pat Walsh

D'éirigh liom a dhul ag breathnú ar Phat trí huaire sa gcoicís dheireannach dá shaol. Chaith sé na laetheanta deireannacha sin ina theach cónaíthe i Neponset Avenue i Dorchester i mBoston. Thug a chlann agus a gharchlann aire mhaith dó. Níor aithne sé muid an uair dheireannach a ndeachaigh muid chun na tí. Bhí sé ina chodladh – codhladh suaimhneach síorraí. Ba uaigneach an uair í. Bhíodh cleachtadh ag duine ar Phat i gcónaí ag cuir míle fáilte roimhe – é ag iarraidh chuile chúnamh a thabhairt. Anois bhí a sheal tugtha sa saol seo. Bhí an glór láidir fuinniúil íseal agus lagbhríoch. Bhásaigh Pat ar an 13ú Samhain 2012. Deich mbliana agus cheithre fichid a bhí sé.

San 'Boston City Paper' scríobh an t-eagarthóir Paul Feeney faoi Phat Walsh: "He was a tough, hard nosed and driven labour leader but also on the other hand an involved, concerned and active member of his church/parish and his neighbourhood with a heart of gold". Bhfhíor dó.

D'fhéadfadh Pat a bheith toibeann scaittí, trodach corr uair agus suailceach agus stuama freisin; bhí brú go leor ag baint leis an bpost a bhí aige mar cheannasaí ar an 'Union'. Ach sé an rud ba shuntasaigh faoi Phat Walsh go mba fear mórchríoch a bhí ann, fear flaithiúil, fear cineálta agus fear a bhí dilis i gcónaí do mhuintir Chonamara.

Fear ábalta a bhí ann agus bhí an cháil air go ndearnadh sé láimhsiú thar cionn – agus forbairt lena chois sin – ar an gcraobh do chearchumann na n-oibríthe tógála a raibh sé i gceannas ar i mBoston...Craobh 223 den Labourers Union of North America.

Ní raibh d'oideachas scoile air ach na blianta a chaith sé ina ghasúr i mbunscoil Charna ach bhí sé meabhrach... agus misniúil lena chois sin.

Bhíodh ag bordáil ar 2,000 fear scaittí sa 'Union' agus bhíodh Pat seasta ag toraíocht oibre dóibh, ag seasamh cearta dóibh agus ag cinntiú go raibh socruithe maithe déanta dhóibh i dtaobh cúrsaí sláinte agus pinsin.


Ní mar a chéile a oibríonn na ceárdchumainn thógála- an Union - i Meiricea agus a oibríonn siad anseo in Éirinn. Sna Státaí féachainn daoine le ballraíocht a fháil i gcraobh den cheárdchumann – an Union - agus ansin téann

lucht an 'Union' sa tóir ar phost dóibh. Bíonn socruithe déanta leis an Stát agus le conraitheoirí faoi lear áiríthe baill den 'Union' a bheith fostaíthe acu. Dá réir sin táthar ag braith go mór ar an gceannasaí lena chinntiú go bhfaighidh daoine obair.

Tá buntáistí móra ag baint le ballraíocht sa 'Union' – árachas sláinte, pinsean maith agus chapshuim airgid nuair a bheidh 30 bliain caite agat ann. Dá réir sin ba mhór an rud ballraíocht sa 'Union' agus bhí cara sa gcúirt ag muintir Chonamara. Ní shin le rá gur chaith Pat Walsh go dona le dream ar bith; bhí sé de cháil ar Chraobh 223 den 'Union' go mba iad an chéad chraobh den cheárdchumann iad i Massachusetts a thug isteach mná agus mionlaigh.

D'fhéadfaí dúshlán a thabhairt don cheannaire ag cruinniú cinn bhliain agus d'fhéadfaí é a chuir as a phost; thárla sin do Phat cupla geábh. Ach bhí feith na polaitíochta ag baint le Pat – bhí sé i mbun feachtais i gcónaí do Ted Kennedy – agus níor baineadh cor as; bhí na bhótaí aige imeasc na mball.

Ba mhór an t-údar bróid dó é nuair a toghadh mac a dhearthára Martin Walsh ina Fheisire Páirliminte i Massachussets i 1997 – suíochán atá coinníthe aige ó shin.




Martin Walsh

Mar a scríobh Paul Feeney san 'Boston City Paper'..."The Boston Irish scene will never be quite the same again". Bhfíor dó é sin freisin.

Bhí cosán fada treafa ag Pat Walsh an lá ar leagadh síos é i reilig Cedar Grove le taobh a bhean Nappy (as Leitir Peic sa Spidéal) agus gar dá dhearthái, John. Cosán fada a bhí ann as Caladh Fhínse an baile a d'fhág sé ionann agus 65 bliain ó shin. Bhí cion fir – agus i bhfad níos mó ná sin – déanta aige do mhuintir Chonamara agus na hÉireann ar an taobh eile den Atlantach.






**Pat Walsh, an ceannaire ceárdchumainn (an Union) - Pat Mháirtín Tom - ag ceiliúradh a 90ú lá beirthe i gcuideachta a ghar-chlann uilig ar an 15ú Lúnasa 2012 i mBoston.**
*(Líne chúl - ó chlé):* Marcus Mulkerrin, Robert McDonagh, Martin Mulkerrin, Patrick Walsh.
*(An dara líne - ó chlé):* Kelly Walsh, Pat Walsh (Pat Mháirtín Tom), Patrick Mulkerrin.
*(An triú líne - ó chlé):* Ann Marie McDonagh, Nuala McDonagh, Barbara Mulkerrin.
*(Chun tosaigh)*: Colleen Walsh.

# An Chéad Chomaoineach



Scoil na hÁirde Móire. Ar chúl. An máistir Johnny Ó Conghaile agus an tAthair Pádraig Standún. Chun tosaigh - ó chlé; Sinéad Ní Chlocharthaigh, Liam Ó Loideáin, Kevin Mac an Iomaire, Micheál Breathnach agus Molly Nic Dhonnacha.



Scoil Charna. Ó chlé: Lucas Ó Callaghan agus Máirtín Ó Cualáin. An mháistreás Caroline Ní Chongaile in éineacht le.



Scoil na hÁirde Thiar - Micheál Ó Loideáin agus Molly Ní Chríodháin.

# An Chéad Chomaoineach



Scoil Chill Chiaráin. Ó chlé; Darren Canavan, Siobhán Ní Chadhain, Aleanna Ní Chualáin, Saoirse Bhreathnach, Róisín Ní Eidhin, David Ó Conghaile agus Cian Ó Cuinn.



Scoil Mhuigh Inse. Ó chlé: Shauna Ní Chormaic, Aoife Dunworth, Shaunadh Ní Chlochartaigh agus Fionn De Brún.

# Banríonacha




Bernadette Ní Chonghaile as Ros a 'Mhíl - "Banríon Fhéile na mBád 2012" i gCill Chiaráin agus Micheál Ó Cadhain ag bronadh na duaise uirthi.

"Banríon Sheo na gCaipilíní i gCloch na Rón" anseo ar dheis – sin í Helen Ní Ghuairim as Roisín na Mainíoch. Tá an teaghlach uilig sa bpictiúr seo – ó chlé: Noel Ó Guairim, Aoife Ní Ghuairim, Helen Ní Ghuairim agus Anne Marie Ní Ghuairim.




# Debs 2012



**Ó chlé:** Daniel Ó Conaire, Cill Chiaráin agus Margaret Nic Dhonnacha ,an Aird Mhóir.

**Lár báire:** Séamús Mac Donnacha Glinnsce.

**Ó chlé:** Éilis Ní Fhearáin Dubhithir agus Aidan Ó Neasa as Coill Sáile.



**Ó chlé: Col Ceathracha;** Ciarán Ó Dubháin (Roisín na Maithníoch), Una Bhreathnach agus Conal Ó Flatharta (an Aird Mhóir).

# Féile Lá L'Páraic



**Bhí sárú faoi chosc ar chaitheamh tabac thart ar an Ospidéal i nGaillimh ach ní raibh an bheirt seo ag glacadh le rialach mar sin!**




Ba mhór i gceist táillí ar 'septic tanks' i mbliana ach fuair Seán Mac Donnchadha as Glinnsce bealach níos saoire lena ghnó a dhéanamh – coinnigh súil ar an soitheach atá istigh faoi!

# Amuigh faoin spéir i gCill Chiaráin.



Banríon na Féile 2012 – Coiste agus iomaitheoirí.
Ar gcúl – ó chlé: Seán O Cualáin, Bob Healy, duine de na breithiúna an bhean ard sin agus Páraic O'Ceannabháin-Coiste.
Chun tosaigh: Anna McDonagh,Sarah Ní Cheannabháin, Bernadette Ní Chonaola, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Barbara Grealish agus Máirín Seoige FCL – na hiomaitheoirí



Ciarán Mac an Iomaire agus Keelan Mac an Iomaire i mbun obair dheonach ag baint tomachai a bhí beagán gar don bhóthar.




Miriam O Callaghan le foireann Tí Chadhain i gCill Chiaráin.
Ó chlé - Micheál O'Cadhain, Bairbre Grealish Annemarie Uí Chadhain Miriam O'Callaghan Katie Ní Cheanabháin, Colm O'Neasa agus Pádraig O' Conaola.

# 'Smilers' Mhóra na Bliana!



Christine Ní Dhonabháin as an Meall Rua.



Bríd uí Chadhain agus Colmán Ó Cadhain as Cill Chiaráin.



Christina Ní Chormaic-Seoige ar chlé agus Máire Ní Uaithnín.



Seán Ó Cualáin as Loch Con Aortha – údar aige!

# Ollamh de bhunú na hAirde Thiar i Harvard

## - Lorg a chuid oibre ar Chóras Sláinte Mheiriceá





An tOllamh John E. McDonough agus a bhean Janice Furlong.

Sé John E. McDonough an tOllamh sa Roinn Sláinte Poiblí in Ollscoil Harvard - ceann de na hollscoileanna is mo cáil i Meiriceá. Ba as an Aird Thiar i gCarna a athair Josie Joe Phaitsín. Col ceathracha é féin agus Páraic Beag thiar san Aird Thiar agus, ar ndóigh, go leor eile de mhuintir Mhic Dhonnchadha.

Chaith John E. McDonough scaitheamh blianta ina Sheanadóir Stáit i Massachusetts agus bhí baint mhór aige le múnlú an pholasaí nua sláinte poiblí sa Stát sin idir 2003 agus 2007. Chaith sé scaitheamh ina dhiaidh sin ag obair in oifig an tSeanadóra Ted Kennedy i Washington. Bhí lámh mhór aige ansin in ullmhú moltaí a bhain leis an bpolasaí nua sláinte i Meiricea – no "Obama care" mar a thugtar air.

Chas Máirtín Ó Catháin leis an Ollamh John McDonough agus labhair sé leis faoina shaol agus faoina shaothar.

---

**MÓC: Inis dom faoi do chuimhní cinn ar d'athair, Josie Joe Phaitsín? Ar labhair sé aon fhocal Gaeilge libh no ar thug tú féin aon fhocal den teanga leat...no ar casadh aon amhrán Gaeilge sa teach?**

JMcD: Labhair m'athair Gaeilge le daoine muintireacha, le muintir Chonamara agus cairde ón 'tseantír' mar a thug sé uirthi. Is cuimhneach liom go mbíodh sé ar a shuaimhneas ag Gaeilgeoireacht. Ach, ar ndóigh, Béarla uilig a labhair sé le mo mháthair agus linne.. béarla i gcónaí. Dá bhrí sin níor fhoghlaim muid aon Ghaeilge – ní raibh de de nós ag tuismitheoirí as Éirinn an Ghaeilge a roint lena gclanna. D'fhoghlaim mé amhráin na hÉireann, "Kevin Barry" mar shampla, ach níor fhoghlaim mé aon amhráin Ghaeilge.

Nuair a phós m'athair agus mo mháthair d'fhágadar South Boston agus chuaigh amach go cathair gar d'arbh ainm Waltham – silim go rabhadar ag iarraidh saol nua a mhúnlú dóibh féin agus gan a bheith fite fuaite uilig sa bpobal Éireannach.

**MÓC: Cá ndeachaigh tú chun na scoile?**

JMcD: Scoil Chaitliceach Ghramadaí –na Mná rialta Doiminiceacha. As sin chuaigh mé go hArdscoil Choláiste Bhostún (Boston College High School) agus na hÍosánaigh i gceannas ansin... rang 1971. Coláiste. Chuaigh mé ag staidéar arís níos deireannaigh san Harvard Kennedy School of Government agus bhain mé Máistreacht sa Riarachán Sláinte Phoiblí amach ansin i 1990. Bhain mé céim PHd amach i gcúrsaí Sláinte Phoiblí in Ollscoil Mhichigan i 1996.

**MÓC: Inis dúinn faoi do chuid blianta mar Sheanadóir sa bPáirlimint Stáit i Massachusetts sna 1980í. Cén fáth a ndeachaigh tú isteach sa bpolaitíocht... agus cé na hábhair ar leag tú béin orthu sa bPáirlimint?**

JMcD: Bronnadh mo chéad chéim ollscoile orm í 1975; Béarla an príomhábhar a bhí agam. Bhí mé i mo eagarthóir ar pháipéar nuachta an choláiste agus mé ag cuimhniú ar ghairm na hiriseoireacht; bhí mé ag iarraidh a bheith i mo Carl Bernstein a raibh an cháil mhór air de bharr scannal Watergate! Níor tharla sin. Chuaigh mé ag plé le hobair eagrúcháin agus stiúrthóireachta ar bhun gairmiúil - tithíocht/tionónta, cúrsaí pobail, an pholaitíocht. De réir a chéile chuir mé mo lámh sa bpolaitíocht áitiúil i mo cheantar féin i Jamaica Plain i mBoston; bhí mé gaibhte chun cónaíthe ansin i 1976. Bhí mé gníomhach i bhfeachtas thoghchán Mhéara Bhoston i 1979; bhí mé ag tacú le fear den chine dhubh d'arbh ainm Mel King mar go raibh mé tógtha leis an dearca a bhí aige ar chúrsaí sóisialta. Chuir mé aithne ar go leor daoine i mo cheantar an uair sin. Ina dhiaidh sin bhí baint agam le hiarracht le smacht a fháil ar an gcoiste áitiúil den pháirtí Daonlathach i Jamaica Plain. D'éirigh leis an iarracht sin i 1980 agus cuireadh mise i gceannas ar choiste an Pháirtí Dhaonlathaigh i gceantar bharda 11.

I 1984 a thug mé iarraidh faoi thoghchán an Ionadaí Stáit in aghaidh Jimmy Craven a bhí in oifig le 30 bliain roimhe sin. Fuair mé an ceann is fearr air i gceantar a bhí ag athrú go treán san am – bhí níos mó daoine ó tíortha éagsúla ag teannamh isteach.

Cuireadh mé ar an gcoiste cúram sláinte sa bPáirlimint Stáit thuas i mBeacon Hill i mBoston. Bhí ceist an árachais sláinte don phobal uilig ar cheann de na hábhar ba mho a bhí ag déanamh tinnis dom; bh'shin fadhb mhór – agus sea fós ar bhealaí i Stáit Aontaíthe Mheiriceá. Choinnigh mé orm ag obair mar chathaoirleach ar an gCoiste Cúraim Sláinte sa bPáirlimint Stáit agus silim gur dearnadh go leor obair mhaith. Sa bhliain 1996 bhí díospóireacht againn sa bPáirlimint faoi cheapachán an Cheann Chomhairle agus chaill an fear a raibh mise ag tacú leis; bhí mé buartha go maith faoi sin mar gur shíl mé go mba dhuine fadbhreathnaíoch a bhí ann agus dearca nua aige ar chúrsaí sóisialta agus ar chúrsaí an tsaoil. Thug an Ceann Comhairle nua bóthar do na daoine a thacaigh leis an iarrathóir eile -mé féin san áireamh- agus chaill mé ceannas ar an gCoiste Sláinte.

Faoin mbliain 1997 bhí trí bliana déag caite agam sa bPáirlimint i Massachusetts - ní raibh mé ag súil go gcaithfinn an t-achar sin ann. Ní raibh son airgead sábháilte agam le hoideachas a chuir ar mo chlann. Bhí an chéim PhD fáighte agam faoin am sin freisin agus shocraigh mé go raibh sé in am éirí as an bpolaitíocht. D'fhág mé an Pháirlimint Stáit ar an 30-11-1997.

**MÓC: Rinne tú go leor oibre ar an gcóras nua Cúram Sláinte a cuireadh i bhfeidhm i Massachusetts i 2006. Cén chaoi ar thárla sé sin?**

JMcD: Bhí suim agam sa pholasaí cúraim sláinte i Masasachusetts agus i Meiriceá uilig ó thosaigh mé sa bpolaitíocht i 1985. D'imigh mé as an bpolaitíocht i 1997. Théis dom scaitheamh a chaitheamh mar ollamh in Ollscoil Brandeis bheartaigh mé gur mhaith liom a bheith níos gaire don ghníomhaíocht arís –bh'shin i 2003.

Thóg mé post mar Stiúrthóir leis an eagraíocht a sheas cearta do dhaoine a bhí i dtuilleamaí an chórais sláinte i Massachusetts – 'Health Care for All' - agus d'fhan mé sa bpost sin go dtí 2008.

I 2003 a thosaigh Mitt Romney mar Ghobharnóir ar Stát Massachusetts. Ar go leor cúiseanna, cuid dó a tharla mar gheall ar an obair a rinne muid féin, bhí leasuithe ar an gcóras cúram sláinte go mór i gceist san am. Bhí muid 'á iarraidh, bhí Romney á' iarraidh. Bh'facthas domsa go raibh an córas árachais sláinte a bhí i gceist ag Romney an-teoranta agus lag. D'oibrigh muid leis na Daonlathaigh le córas láidir, téagartha sláinte poiblí a chuir i bhfeidhm. Shínigh Romney é mar bhí sé ag iarraidh go mbeadh an t-ábhar seo aige agus é ag fiach ar an Uachtarántacht i 2008. Ní raibh aon mhuinín againn as Romney ariamh – ach d'oibrigh muid leis mar gur fheil sé dúinn sin a dhéanamh. Is deistapaíoch é Romney amach is amach - chomh fada agus go mbeidh an bhuntáiste aige féin as déarfaidh nó déanfaidh sé rud ar bith. Bheadh sé ina Uachtarán uafásach do Mheiriceá agus don domhan.

**MÓC: Bhí tú in do chomhairleoir ag an Seanadóir Ted Kennedy... cén sórt duine a bhí ann agus cén chuimhne atá agat air?**

**JMcD:** I 2006 a glacadh leis an dlí a chuir leasú ar an gcóras cúraim sláinte i Massachusetts. Nuair a tosaíodh dá ag cur an chórais sin i bhfeidhm d'iarr Ted Kennedy orm dul síos go Washington DC le lámh chúnta a thabhairt in ullmhú polasaí nua sláinte pobail; thuig sé go mbeadh leasú ar an gcóras sláinte ag teacht chun cinn i 2009 faoin Uachtarán Daonlathach. Dúirt mé go ndéanfainn é sin agus bhí mé thíos in oifig Khennedy i DC idir lár 2008 agus tús na bliana 2010. Thart ar deich lá sular thosaigh mé theagmhaigh an chéad stróc do Ted Kennedy; bhí an t-ailse imchinne i ngreim ann. Chúig mhí dhéag a bhí mé ag obair leis nuair a bhásaigh sé. Níor oibrigh mé dó nuair a bhí sé i mbarr a mhaitheasa ach, fós féin, bhí sé ag déanamh a dhichill agus é gar do dheireadh a shaoil. Ba mhór an onóir agus an pribhléid dom a bheith ag obair do fhear a bhí chomh cáiliúil leis.

**MÓC: Maidir le Harvard – cén dualgas go díreach atá ort san Ollscoil?**

**JMcD:** Is ollamh mé sa scoil Sláinte Phoiblí agus tá mé i gceannas ar an Roinn Sláinte Phoiblí. An córas sláinte phoiblí sna Stáit Aonaithe Mheiriceá agus cúrsaí sláinte phoiblí go ginearálta an t-ábhar teagaisc atá agam. Chomh maith leis sin tá ról agam sa scoil mar Stiúrthóir san Ionad um Cheannasaíocht Sláinte Phoiblí agus bím ag eagrú cúrsaí oiliúna/ cláreagrú oideachais do scoláirí, agus ag tabhairt deiseanna dóibh taithí a fháil taobh amuigh den scoil. Is institiúid iontach í, agus tá mé ag baint an-taithneamh as a bheith ag múineadh agus ag cur oiliúna ar na ceannairí a bheidh againn sa gcóras sláinte phoiblí amach anseo sna Stáit Aontaíthe agus ar fud an domhain.

**MÓC: Ar tháinig tú ar cuairt go hÉirinn nó go dtí Carna ariamh? An bhfuil sé ar intinn agat teacht?**

**JMcD:** Tháinig mé ar cuairt i 1965 nuair a bhí mé 12, arís i 1976 agus 1979. Tá sé i bhfad ró-fhada ó bhí mé ann agus tá súil agam filleadh arís sa gcúpla bliain amach romhainn.



**Bronnadh Gradam Liteartha ar Chló Iar-Chonnachta ar Jackie Mac Donncha i mí na Samhna**

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**



# Tigh Mheaic

Carna



Ceol & Craic gach seachtain

Bia ar fáil - Bricfeasta, Lón, Dinnéar

Cóisir agus Lónadóireacht Baile (Home Catering)



**Fón: 095 32730 / 087 2826244**
**tighmheaic@gmail.com**
**Lean Tigh Mheaic ar Facebook!**

Free WiFi



# Nioclás Ó Conchubhair Teo

**Homevalue**

**Leitirmóir, Co na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,*
*Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,*
*Péint & Srl*


TG4
súil eile

Comhar na nOileán Teo

## An Clár Forbartha Tuaithe – Gaeltacht na Gaillimhe

An duine aonarach tú atá ag iarraidh do ghnó féin a fhorbairt, nó gnó nua a bhunú? An ball tú de ghrúpa pobail atá ag iarraidh imeachtaí, nó seirbhísí nó áiseanna a chur ar fáil don phobal?

Tá Comhar na nOileán anois ag cur an Chlár Forbartha Pobail i bhfeidhm i nGaeltacht na Gaillimhe. Faoin gclár seo is féidir tacú le tograí a bhaineann le:

- **Éagsúlú ó Ghníomhaíochtaí Talmhaíochta** – *dírithe ar theaghlaigh feirmeoireachta*
  *Samplaí:* Caifé feirme, Athchóiriú ar Shean fhoirgneamh mar theach lóistín féin freastal
- **Gníomhaíochtaí Turasóireachta**
  Saoire gníomhaíochta, Margaíocht ar thurais, Spóirt eachtraíochta, Uasghrádú ar ionad campála
- **Forbairt nó Cruthú Ghnó**
  Ceardlann Potaireachta, Suiteáil Craein ar bhád tuga, Ionad forbairt pearsanta
- **Seirbhísí don phobail**
  Athchóiriú ar Ionad Pobail, Trealamh aclaíochta d'ionad pobail, Staidéar féidearatha ar fhorbairt eacnamaíochta
- **Athnuachan ar bhailte**
  Páirc spraoi, Páirc uile-aimseartha
- **Caomhnú Oidhreachta agus Timpeallachta**
  Brúiteoir gloine, Córas fhuinnemah inathnuaite d'ionad pobail, Staidéar ar Éagsúlacht Bhitheolaíocht
- **Traenáil** nach bhfuil á chur ar fáil ag eagrais eile

Is féidir uasmhéid 75% den chostas agus uasmhéid €150,000 san iomlán a cheadú d'aon togra.

Má tá togra ar intinn agat, is féidir teagmháil a dhéanmah le Oifigeach Forbartha a bheidh sásta an togra a phlé leat agus dul tríd an bpróiseas iarratais leat. Cuir glaoch ar 091 869 648 nó ar 099 75096 nó cuir rphost chuig fios@oileain.ie

LEADER

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in Rural Areas.

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

# Áras Shorcha Ní Ghuairim
## Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

OÉ Gaillimh
NUI Galway

### Saothrú na Gaeilge san Aois Dhigiteach

Tá roinnt tionscadal á saothrú san Áras i Roisín na Mainiach atá dírithe ar an saibhreas cultúrtha atá fágtha ag ár sinsear le huacht againn a roinnt le glúnta an lae inniu agus amárach. Tá acmhainní digiteacha teanga, foghlama agus siamsaíochta a chabhróidh le forbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil óg agus sean, á bhforbairt ó thobar saibhir dúchais agus cultúir an cheantair.

Ar Lá Fhéile Bríde seo caite agus an tÁras lán go béal seoladh An Cainéal iTunes U – COGG, beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Is éard atá sa Chainéal iTunes U - COGG ná cnuasach saibhir d'acmhainní físe agus fuaime atá dírithe ar shealbhú agus ar shaibhriú na Gaeilge i measc scoláirí i mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá amhráin a gcasadh, dánta á n-aithris, scéalta spraíúla á n-insint, eolas á roinnt agus míreanna staire á gcur i láthair i gcanúintí éagsúla ar an gCainéal nua seo atá le fáil ar Ardán Apple an iTunes U. Chomh maith le láidriú na Gaeilge cuirfidh na hacmhainní le heispéireas na foghlama do ghasúir óga i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna ar fud na tíre. Ba mhaith an mhaise don tionscadal é múinteoirí ó bhunscoileanna áitiúla a bheith ar fáil le comhairle a roinnt go fial agus go flaithiúil le linn don tionscadal a bheith á chur i dtoll a chéile. Mar chuid den tionscadal forbraíodh pleananna foghlama a mbeidh múinteoirí ar fud na tíre in ann a úsáid leis an leas is mó a bhaint as na míreanna foghlama sa seomra ranga. Cabhraíonn an Cainéal nua go mór le dul i ngleic leis na bearnaí móra sa tsoláthar reatha d'acmhainní teagaisc digiteacha trí Ghaeilge, go háirithe ar gcéad leibhéal.

Cuireadh sméar mhullaigh ar an obair uile nuair a bhuaigh an Cainéal Gradam Náisiúnta Ríomhsheirbhísí an Rialtais 2012 (eGovernment of Ireland Awards), cúpla mí tar éis a sheolta. Luach saothair a bhí anseo ar an iarracht mhór a bhí curtha isteach ag gach duine agus eagraíocht a bhí páirteach ann, idir An tAcadamh, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, RTÉ Raidió na Gaeltachta, múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí trí chéile. Mar gheall ar rath an tionscadail in imeacht achair an-ghearr tá comhráití ar siúl le COGG faoi láthair le súil tuilleadh acmhainní a fhorbairt don Chainéal.

### Bailiúchán D.R.I.

Tionscadal suimiúil eile atá idir lámha san Áras is ea Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI-Digital Repository of Ireland). Tá sé mar aidhm leis an tionscadal seo córais chartlannaithe agus táispeantais tarraingteacha trí Ghaeilge a fhorbairt. Dá bharr sin beidh pobal na Gaeilge in ann teacht ar an saibhreas mór teanga agus cultúir atá i mbailiúcháin éagsúla a bhaineann le Iorras Aithneach agus leis an nGaeltacht trí chéile. Beidh bailiúcháin bhéaloidis, amhrán, cheoil, sheanlámhscribhinní, litríochta, ghrianghraif agus fhíse i measc na mbailiúchán luachmhara a ndéanfar digitiú, catalógú, seachadadh agus cur síos orthu. Beidh cartlanna ar seoda náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh

na Gaeilge agus na saíochta náisiúnta á saothrú, e.g. Cartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta (1972-2012), Bailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth agus Bailiúchán Joe Éinniú. Chomh maith le Ollscoil na hÉireann, Gaillimh féin tá Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath páirteach sa tionscadal.

## Cuairteoirí

Tá an obair seo uile fíorthábhachtach le láithreach a chothú don Ghaeilge sa aois dhigiteach. Tá láithreacht san aois dhigiteach inniu chomh tábhachtach d'inmharthanacht agus do sheasmhacht teangacha comhaimseartha agus a bhí láithreacht do theangacha i ré an chlóphreasa leathmhíle bliain ó shin. Beidh seoda na Cartlainne cóirithe go digiteach agus ar fáil trí mheáin theicneolaíochta éagsúla, e.g. an tIdirlíon agus ar láthair an Árais Nua trasna an bhóthair ó Áras Shorcha Ní Ghuairim freisin. Táthar ag súil go dtabharfaidh mic léinn agus turasóirí ó chian agus ó chóngar cuairt ar Iorras Aithneach de bharr an léargais tarraingteach a bheas faighte acu ar an gcultúr uathúil traidisiúnta ar-líne. Caithfidh na cuairteoirí seo seal in Iorras Aithneach le barr slachta a chur ar a gcuid Gaeilge. Beidh glúnta éagsúla an phobail seo freisin in ann saibhreas na Cartlainne a eispéiriú ag féilte, ag ceolchoirmeacha agus ag taispeántais a mbeidh siad ag freastal orthu agus cothófar dearcadh an-dearfach i leith na Gaeilge dá bharr. Beidh ról tábhachtach ag an gCartlann ceangal a chothú idir ghlúnta óga na Gaeltachta agus stairsheanchas agus saíocht thraidisiúnta a muintire agus cabhróidh sé lena chinntiú nach mbrisfear an slabhra dúchais idir aos óg na Gaeltachta agus a sinsear.




SHOTOKAN **KARATE** SHOTOKAN

**Aois?**
Gach aois ós cionn 7 mbliana.

**Éadach?**
Is féidir cineal ar bith éadach scaoilte a chaith, ach gan aon *broga na Seodra a chaith sa rang.*

**Cén fáth?**
Anáil níos fearr. Foghlaim araíonachta agus féinsmacht. Foghlaim chun thú féin a chosaint. Feabhas ar féinmhuinín

**Áit?**
- Ionad Pobal/ Cill Chiaráin
- Scoil Phobal Mhic Dara/Carna

**Uaireanta?**
- Dé Máirt 7i.n. 8:15i.n. i gCarna
- Dé Céadaoin 7i.n. 8:15i.n. Cill Chiaráin
- Dé Domhnaigh 1i.n. – 2:15i.n. i Cill Chiaráin.

*Fáilte roimh daoine atá ag tosú!*

*Is féidir tosú aon am.*

Connemara Shotokan Karate (Facebook)

**Ríomhphost:** kilkerrinkarate@eircom.net

**Fiosraithe: Seán Mac Donnacha 1st Dan 087-6681363**

# BEANNACHTAÍ NA FÉILE

NOLLAIG 2012



LÓN SA SPÉIR
www.menatlunchfilm.com



Anam an Amhráin
DVD ar díol

2013




Stair an GAA i Meiriceá



SEÓ SPÓIRT

@sontafilms facebook.com/sonta.teo

# Barr bainte amach ag na Cualáin

## - a gclár teilifíse molta i bhfad agus i ngearr

Tugadh moladh mór in Éirinn don chlár atá déanta ag clann Uí Chualáin anseo i Loch Con Aortha ar a dtugtar "Lón sa Spéir". Ach ní lú ná sin de mholadh atá fáighte ag an gclár ar an taobh eile den Atlantach

Baineann an clár seo a rinneadh faoi stiúr na ndeartháracha Seán Ó Cualáin agus Éamon Ó Cualáin – Sónta an comhlacht atá acu - le pictiúr a tógadh do ghrúpa fear ag ithe a mbéilí go hárd ar an Rockfeller Centre i 1931. Tá leaganacha Gaeilge agus Béarla déanta ag na Cualáin don chlár…agus tá leaganacha 50 nóiméad agus 70 nóiméad curtha i dtoll a chéile. Bheadh an ceann is giortaigh feiliúnach le haghaidh na teilifíse agus bheadh an leagan fada feiliúnach le haghaidh pictiúrlanna agus fiseán baile. Ar ndóigh, tá Seán agus Éamon fite fuaite i gCumann Peile Charna / An Chaisil; sé Seán an bainisteoir agus tá Éamon ar an bpainéal. Shroicheadar go barr na spéire ar bhealaí eile i mbliana!

Féach ar an bpíosa ina dhiaidh seo; mar seo a rinneadh cur síos ar an gclár san nuachtán "The New York Times" le gairid théis do na Cualáin é a 'speáint ag féile sa gcathair sin.

# How a Galway Pub Led to a Skyscraper



Bettman/Corbis

The photograph, at the heart of "Men at Lunch," a new documentary investigating its subjects and context.

By JOHN ANDERSON

Published: November 8, 2012

Ar lean →

A bit of the mystery is resolved in "Men at Lunch," a documentary about the photo that's featured in the current DOC NYC series at the IFC Center in Greenwich Village. Its director isn't making any exorbitant claims. "We just muddied the waters a bit," Sean O Cualain said with a smile during a recent interview in New York. "It was already a complex story full of unknowns. And we added a few more unknowns."

But "Men at Lunch" does solve some of the puzzle created during a New York autumn when Babe Ruth's Yankees were winning the World Series and Franklin Delano Roosevelt was winning the presidency. Produced by Mr. O Cualain's brother, Eamonn, and made on a virtual shoestring, the film establishes the identity of at least two of the long-anonymous workers. Joseph Eckner, third from left, and Joe Curtis, third from right, were cross-referenced with other photos that the O Cualains were shown at Rockefeller Center. While the "Lunch" print itself bears no identifications, Eckner and Curtis were certainly the same men named on other photos taken that day.

Two others — at each end of the row, one lighting a cigarette, the other holding a bottle and glaring at the camera — were traced to Ireland, which is where the O Cualain brothers, natives of Galway, entered the story.

"We were in doing another documentary and were having lunch in Whelan's Pub, in Shanaglish," Sean O Cualain said, referring to a small village in County Galway. "We saw the picture on the wall, and Mikey Whelan told us the story." As Mr. Whelan, the publican, explained it, the framed copy had come from a Boston-area man named Pat Glynn, who was convinced that his father, Sonny Glynn, was the man with the bottle at the far right, and that his uncle, Matty O'Shaughnessy, was at the far left with a cigarette.

Comparisons with family photos seem to back him up. What Mr. Glynn knew for sure is that the men had emigrated in the '20s from Shanaglish, hence the prominent display of the photo in a pub there.µ

"With all the evidence they've given us and based on their own belief," Eamonn O Cualain said, "we believe them."

By the end of the film, his brother added, "you want to believe them too."

The popularity of the picture, which has been colorized, satirized, burlesqued with the Muppets and turned into a life-size sculpture by Sergio Furnari, is partly about the casual recklessness of its subjects: The beam on which they sit seems suspended over an urban abyss, with the vastness of Central Park spread out behind them and nothing, seemingly below. But in fact a finished floor of 30 Rockefeller Plaza was probably just a few feet away. And it was certainly not casual. As the Rockefeller collection shows, it was among many such posed photos taken and distributed to the news media with the intention of promoting Depression-era real estate (albeit by photographers who were "absolutely mad," said the archivist, Christine Roussel).

The O Cualains have a copy of a second shot, evidently taken just seconds after the famous original, the cracked glass negative of which is owned by the Corbis collection and kept in the Iron Mountain storage facility, 220 feet beneath the surface of western Pennsylvania.

"We found it on a poster site on the Internet, but pretty quickly after we started asking questions the phone started going dead," Sean O Cualain said, regarding the site. "They didn't know who owned the copyright, you know what I mean? So we couldn't use it in the film, but we have it on our office wall, and it's taken three or four seconds after the original snap."

The cigarette has just been lighted, his brother said. "And the guy on the far side has a funny look on his face, as if the photographer said, 'Don't look at the bloody camera!' "



**Matty O'Shaughnessy -**
now identified as the far left man in the "Lunch Atop a Skyscraper"



**Sonny Glynn -**
now connected to the far right man in "Lunch Atop a Skyscraper."

The presence in the picture of Sonny Glynn and Matty O'Shaughnessy are another reason "Lunch Atop a Skyscraper" long ago became a classic: The synthesis of immigration, aspiration and determination, the vertical grasp of Manhattan at a time when jobs were scarce and men were desperate. As John Rasenberger, the author of "High Steel: The Daring Men Who Built the World's Greatest Skyline," says in the documentary: "The pay was good. The thing was, you had to be willing to die."

Whether its subject is a masterpiece or a novelty, "Men at Lunch" was a natural for DOC NYC, now in its third year. "Needless to say, I am a fan," said the senior programmer Mystelle Brabbee, who called the film a "love letter," albeit one that takes a different tack from other films about architecture.

"We mostly hear about the famous architects and financiers, but this one iconic photograph shows the spirit of how Rockefeller Center was built — the fulfillment of the promise of Manhattan," she said. "Beauty, service, dignity and humor dangling 56 stories above the midstream rush of the metropolis, all summarized in this moment."

The documentary invites the viewer to meditate on that moment, she added, "without trying to reveal all the answers surrounding it."



**Seán & Éamonn Ó Cualáin**



**Mo chuid den Nollaig oraibh a mhuintir Iorras Aithneach agus a mhuintir Chonamara.**

AN SEANADÓIR
TREVOR Ó CLOCHARTAIGH

Caorán Beag, An Cheathrú Rua.
087-2476624

Email – sfconamara@gmail.com Web-www.sfgaillimh.org

Facebook – www.facebook.com/trevoroc Twitter - @sfconamara




**STOCKISTS OF THESE LEADING QUALITY BRANDS**

crocs™ CONVERSE fitflop Columbia Sportswear Company
Timberland KEEN MERRELL
GEOX THE SHOE THAT BREATHES ecco GORE-TEX dubarry of Ireland emu Naturally Australian

**GERALD STANLEY & SON LTD.**, LOWER MARKET STREET • TELPHONE: 095-21039

# Gerry Joe Mheáigín Ó Cualáin

## 17 Eanáir 1969 - 24 Aibreán 2012

*Neasa Ní Chualáin*

Bhí muintir Dhumhaigh Ithir agus Pobal Charna faoi scáth an bhróin san Aibreán seo caite nuair a tháinig an scéala gur frítheadh corp Gerry Joe Meáigín ar Chruach na Cara.

Bhí Gerry ar iarraidh ó thráthnóna Dé Luain, an 23ú Aibreán, nuair nár fhill sé abhaile le titim na hoíche tar éis dhó a bheith ag gliomadóireacht in aice le Cruach na Caoile.

Bhí cuardadh mór ar bun ar muir agus ar thír. Tháinig Gerry é fhéin i gcabhair ar dhaoine a bhí i ngábh ar an bhfarraige. Ba snámhaí den scoth a bhí ann agus tumadóir. Thabharfá a' leabhair go mba rún san uisce é. Chaitheadh sé amach é fhéin do Chéibh an Chorradáin agus ní bheadh fhios ag an té a bhí faire cén taobh don chuan a dtiocfadh sé aníos.

Bhíodh sé ag bualadh báire do Charna Caiseal agus chuir sé an-suim sa mbáire agus é ar dhuine do lucht leanta na foirne.

Ba fear óg fuinniúil a bhí ann. Fear stuama, deislámhach. Tá tithe thart sa bPobal a bhfuil lorg a láimh le feicéail iontu.

Duine áithrid a bhí ann a bhí in ann labhairt le uasal agus íseal. Thaithne seanachas leis agus bhí seanachas aige. Roinn sé a cheird lena chlann. Fear Gealgháireach, oibligéadach, fiosrach. Fear nádúrtha, Gaelach. Fear Spraoi.

Gerry, aithríonn muid uainn thú sa gcomhluadar. Suaimhneas síoraí dhuit i bhfarraigí na bhFlaitheas.



**Gearóid Ó Cualáin**

**D'aithris iníon Gerry – Tríona Ní Chualáin - an dán seo a chum sí féin in omós dá hathair ag Aifreann na sochraide i gCarna.**

I'm trying to remember
Right back to the start
Recall all the memories
I hold so close to heart.

I think the first for me
Was Christmas long ago
A cupboard for me, a cot for Fi
And a yellow truck for Joe.

I always remember that
This thought always stayed
Those presents were the best
Because they were handmade.

Next that enters my head
Was when little Ger was born
You made us all hide
And inside my mind was torn.

I remember utter confusion
I didn't understand
But then you explained it to me
As you held my hand.

Now in regards to order
I could be very wrong
But the next thing I can think of
Is the squidilly didilly song.

Then there's mending nets
Bhí an ghráin agam ar an lá
But then i'd rob your tools
And cut wood with your saw.

Oh man I remember the night
Me and Fiona were bold
We climbed and broke Nanny's dresser
But so did you we were told.

I often think of the days
We worked in the garaí féar
And you'd build a racecourse for us
So that we could play there.

I can remember working in Nelleen's
With hammers 'helping' you
"Leag an balla sin"
You gave us something to do.

I laugh when I think of this
When you taught Fiona to dive
Ger pushed her off the pier
And you slapped him in the behind.

I remember playing soccer
With Uncle Josie and you
We were Chelsea football club
And they were Liverpool.

Me, Ger, Fiona and Joe
Tried to keep up
Then ye kicked the ball at the same time
And the ball went POP!

Which brings me to something funny
When you used to play for Cárna
I was stuck amongst men in the dressing rooms
Trying to escape looking for a bearna.

None of us can forget
The 23rd of June
Oíche Tine Chnámh
Made more special with you.

Then there was the day at the beach
When you showed us your old hideout
Which later came into use
Scaring the neighbours with shouts.

Jesus I nearly forgot
When we'd all play moo moos
We'd all pretend to be cows
Crawling around all the rooms.

It's funny when I eat beans
I always think of you
Seconds no matter what
Even if I didn't want to.

Oh and of course the easy singles
And toasted cheese with mustard
You always loved your gingernuts
And apple pie with custard.

Remember when Mom was sick
And you took care of us
You dressed us for the Pléaráca
And made sure you took photos.

I can remember Joe's confirmation
And being half ready
You had to paint my nails
And make sure that I was tidy.

I will always remember the nights
You would sit and tell us stories
About Potamus, Pocaí Rinn
And the Beardy Weirdies.

I loved how you called me Brocsaí
And always said you loved me
You always told me you were proud of us
And how you were so lucky.

You always told the world
About us all
Fiona so so pretty
And me so so tall.

Joe the strongest man in Carna
And Ger the 'baby' that grew
Dad, we never said it
But we were proud of you.

Dad you were so talented
You could do anything
I can't think of one challenge
That you couldn't win.

I know that I am skipping
A load of memories of you
But this is the most recent
And will always make me blue.

Before I left for Spain
At my going away
You made me the happiest
That I had been all day.

You requested a song for me
And took me for a dance
I miss you so muchDad I wish you had one more chance.

## Dán le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin

**Bás Ghearóid Ó Cualáin**
(timpiste farraige)

Is deacair an uair a sheachaint
Bí ar muir nó bí ar tír
Ach tagann sin gan tuiscint
Chun tú 'sciobadh leis go síor

Níl údar gur féidir é mhíniú
Sé'n nádúr an cumhacht mo léan
Ní bheidh toil Dé dá shárú
Trí amhras go brách ná séan.

Bhí oileán mara sroichte aige
Le na bhrí is neart sa snámh
Ansin go tobann d'éag, cad chuige?
Leis an séipéilín in aice láimh'.

Gaoth ó thalamh le stolladh deas
Bhí an fharraige réasúnta ciúin
Ach cibé as tá rún le meas
Nach mbeidh réitithe go lá an Luain.

Ag fágáil slán le meas do cháil
Tá do mhuintir is cairde buan
Fear chomh breá nár mhór an feall
Faoi fhód chomh hóg ag suan.



Gerry Joe Mheáigín Ó Cualáin as Dubhithir agus Gráinne agus na gasúir ...agus iad níos óige.


Thárla tragóid i mbliana nuair a bhásaigh Gerry i dtimpiste farraige gar do oileán Mhic Dara. Faoi scáth Dia agus Mhacdara go raibh sé.



**Ar gcúl - ó chlé:** An tAthair Seamus Ó Dúill, Príomhóide Máire uí Fhlatharta, Liam Ó Criodháin, Amie de Búrca, Fionn de Brún agus an tAthair Pádraig Standún. **Chun tosaigh ó chlé:** Emmet Ó Dáibhéid, An tEaspag, Micheál Ó Néaraigh agus Tony Ó Fallúin.


Titim na hOíche - Cartúr i Muigh Inis

# Go n-éirí libh!



Colm Ó Monachain agus Amy Rowe (Muigh Inis & Baile Átha Cliath) a phós i gConga ar an 20-7-2012.



Màire Martha Ní Chathasaigh as Muigh Inis & David Lennon a phòs ar an 21 Iúil 2012 i Lisloughrey Lodge.



Máire Eibhlín Ní Chlochartaigh, Muigh Inis. Dioplóma Iarchéime san Oideachas - Samhain 2011.

# AG CAINT AGUS AG ÉISTEACHT I gCARNA



Inseoidh mise duit é – Éamon Mheaic agus Éamon Ó Cuív ag oscailt Ionad Cúram Leanaí Charna i mbliana.



Éamon Mheaic ar chlé agus an tAire Sláinte James Reilly ag oscailt an Ionad Tacaíochta – Assisted Living Centre – ag an Teach Altranais i gCarna i mbliana.




Inseoidh mise duit é freisin – Maitias Ó Coirbín ar dheis ag caint leis an Aire Stáit Gaeltachta Donncha Mac Fhionnlaíoch ag oscailt an Ionaid Cúram Leanaí.




An tAire Stáit Gaeltachta Donncha Mac Fhionlaíoch ag labhairt sa Teach Altranais i gCarna le linn a chuarta ansin i mbliana. An Dr Micheál Ó Cathasaigh lena thaobh.

# Coisíthe i gcéin agus i gcongar.




Ceathar col cheathrar a rith an marathon i mBaile Átha Cliath. Ó chlé: Andrew Keane (Nua Eabhrach), Amy McMahon (Nua Eabhrach), Marcus Mac Fhlannchadha (Cill Chiaráin)- an peileadóir – agus Philip Keane (Manchester) Tá aithne mhór ar Mharcus mar pheileadóir agus is clann mhac agus iníon le Brian agus Margaret Clancy iad an triúr eile.




Heidi Casey as Glinnsce agus a hathair Joe Cloherty as Bun na hAbhann théis dóibh an rasa 10K. as Carna go Muigh Inis - agus ar ais- a chríochnú i nDeireadh Fómhair 2012.




Trish Puliafico – iníon le Joe Puliafico – ag baint spraoi as an rasa 10K. i mí Dheireadh Fómhair.


# Craobh Idirmheánach an Chontae buaite agus Bleán Rí buailte 6-10-2012.





An Cupán bronnta ag Cathaoirleach Bhord an Chontae John Joe Halloran ar chaiptín Charna/an Chaisil Joe Seoige agus meanga go cluasa ar chuile dhuine i bPáirc an Phiarsaigh.





Na Cadhain – ó chlé: Conor, Máire, Niall – Réalt Spóirt na Seachtaine ag an 'Connacht Tribune'- agus Breandán.





Seán Ó Cathasaigh lán-tosach Charna, a bhean May agus na gasúir.




# Rinne siad an t-acsain...6-10-2012.




Colm Ó Duibháin – an ceann seo buaite.




Coisí cumasach – Mark Clancy.



An ceann seo saothraíthe agat a Mhic Uí Chuirrín!



Joe Seoige – ag buachtáil rása.



Greim daingean – Niall Ó Cadhain.

## Craobh Idirmheánach an Chontae buaite agus Bleán Rí buailte – 6-10-2012.




An Cupán bronnta ag Cathaoirleach Bhord an Chontae John Joe Halloran ar chaiptín Charna/an Chaisil Joe Seoige agus meanga go cluasa ar chuile dhuine i bPáirc an Phiarsaigh.





Na Cadhain – ó chlé: Conor, Máire, Niall – Réalt Spóirt na Seachtaine ag an 'Connacht Tribune'- agus Breandán.


Seán Ó Cathasaigh lán-tosach Charna, a bhean May agus na gasúir.




# Rinne siad an t-acsain...6-10-2012.




Colm Ó Duibháin – an ceann seo buaite.




Coisí cumasach – Mark Clancy.



An ceann seo saothraíthe agat a Mhic Uí Chuirrín!



Joe Seoige – ag buachtáil rása.



Greim daingean – Niall Ó Cadhain.

# Gradaim mhóra do dhaoine óga ag an Oireachtas.



Pic:Clive Wasson

Corn Uí Riada – príobh ghradaim amhránaíochta sean-nóis an Oireachtais – ag teacht go Carna aríst i 2012. An Corn dá bhronnadh anseo ar Phól Ó Ceannabháin as an Aird Thoir ag Oireachtas na bliana seo i Leitir Ceannainn.



Pic:Clive Wasson

Craobh an damhsa ar an sean nós buaite ag Breandán Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch ag Oireachtas na bliana seo i Leitir Ceannainn. Fuair Breandán an chéad áit freisin sa comórtas ceoil ar an veidhlín.



Pic ©An toireachtas

Paraic Ó Ceannabháin ( An Aird Mhóir) a fuair an dara duais i gcomórtas Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Chonamara.



Aisling Ní Cheannabháin as Leitir Deiscirt a fuair an dara duais sa damhsa ar an sean-nós sa rannóg idir 15 agus 18 bliain d'aois.

# Lucht na gCurrach




Ar gcúl ó chlé: Johnny Ó Domhnaill Leitir Ard baill den choiste, Buaitóirí na Sinsear - Dún na nGall: Oscar Duffy, James McGonagle, Paul McGonagle...ansin Máirtin Éinniu An Áird agus Annie Lee An Chreathrú Rua buaitóirí fear agus bean...agus taobh thiar dhóibh Michael Éinniu as an Áird, baill de choiste Féile Mhic Dara.

Sa lár - Fóireann Co. Chláir: Breda Quirke, Ailse Deane agus Eileen Quirke.

Líne tosaigh: Páraic Seoige, Bantrachard, Micheal Éinniu An Áird agus Tomás Ó Conaire as an gCoillín...sin iad na buaitóirí faoi 18 ag Féile Mhic Dara.



Ó chlé:Páraic Seoige Bantrachard, Micheál Éinniu agus Tomás Ó Conaire. Bhuaigh siad an chéad áit ag an Tostál i mBóthar na Trá i nGaillimh agus an phríomh áit sna pointe.




**Bealtaine i gCarna.**
**Cuid d'fhoireann Theach Altranais Charna.**




**Foireann Peile Ghaillimh Thiar Faoi 15 2012**

Tá Seosamh Ó Guairim, Aird Thoir, Carna sa líne cúil - clé go deas - an trí duine déag agus Micheál Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha sa líne tosaigh - clé go deas - an t-aonú duine déag.



# Altóir na Naomh

Peter Michael Ó Suilleabháin as An Áird Thoir ag déanamh a bhealach amach leis an Altóir go dtí Oileán Mhic Dara. Seo é an chéad uair an Altóir a bheith amuigh ar an Oileán. Ní raibh aon Aifreann ar an Oileán le dhá bhliain de bharr na droch aimsire. Is é Peter é féin a rinne an Altóir 3 bliana ó shin.

Seo é an Altóir sa gCurrach


Sa bpictiúr thíos agus an Altóir socraithe ag an séipeal. Ó chlé: an tAthair Éamon Ó Conghaile, an tAthair Fiontan Ó Muimhneacháin, an tAthair Shane Ó Súilleabháin, an tAthair Páraic Standún, an tAthair Ciarán de Búrca agus, an tAthair Paraic Ó Consaidín.



# Teaghlaigh faoi bhrón ag tacú leis na hOspidé



**Bronnadh** seic ar ar chiste tacaíochta Ospidéal na hOllscoile i nGaillimh théis Siúlóid Chuimhneacháin Úna Bhairéad as Muigh Inis. Ó chlé – Dr Maccon Keane, saineolai ailse, UCHG, Tina Nic Cába, Nuala Ní Liatháin, Angus Woods, Charlene uí Chonghaile, Bernadette uí Mhaoilchiaráin, Micheál Ó Ceannabháin (athair Úna), Tom Bairéad (fearcéile Úna)...ansin na gasúir ó chlé: Páraic, Nóra agus Abaigh...ansin ar dheis do Tom tá Mary Ann uí Cheannabháin (máthair Úna), Síle McCrorie (CNM3 –rannóg ailse UCHG) Tony Canavan, (ceannasai HSE Gaillimh agus Ros Comáin), Mairéad McSharry (deirfiúr le Úna) agus Colette Cowan (Stiúrthóir Banáltrachta i UCHG). Bhásaigh Úna Bairéad - Úna Ní Cheannabháin roimh phósadh d'í -ina bean óg i mbliana, go ndéana Dia grásta uirthí.




Lorna Bairéad – as Baile Cláir na Gaillimhe - lena haintin Máire Ní Chlochartaigh taréis na rothaiochta ar mhaithe le Ospidéal Shráid Temple...agus rinne Lorna an míle deireannach ar a rothar féin!




**Bronnadh** seic ar Ospidéal Shráid an tSeampaill i mBaile Átha Cliath théis Mórshiúl na gCapall as Gabhla go Muigh Inis i gcuimhne ar Aibha Ní Chonaire – 6 bliana d'aois – a bhásaigh ar an 14ú Nollaig 2011. Ó chlé: Seán Ó Caodhna (uncail Aibha), feidhmeannach as an Opsidéal sa lár agus Seán Ó Conaire (athair Aibha).

# Mark Clancy
## - Tá an mianach ann ón dá thaobh

*Seosamh Ó Cuaig*



Mark Clancy

Ar dhuine de na himreoirí a rinne cion fir do Charna / An Caiseal an lá ar bhuaigh siad craobh an chontae i bPáirc an Phiarsaigh i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair 2012 bhí Mark Mac Fhlanncha as Cill Chiaráin. "Tá sé go maith," a dúirt fear a bhí ag breathnú air. "Tuige nach mbeadh ," a dúirt fear eile, "tá an mianach ann—bhí na Clancys go maith ag an lúthchleasaíocht." "Bhí," a dúirt an chéad fhear "ach tá mianach a mháthar ann freisin; bhí an-cháil lena linn ar a seanathair siúd, Mark Mc Donagh as Maigh Cuilinn."

Bhí freisin: chaith sé blianta ina chaiptín ar fhoirne peile agus iománaíochta Mhaigh Cuilinn. B'as a hainmníodh Mark Mac Fhlanncha.

Poblachtánach go smior a bhí i Mark Mc Donagh freisin. I bpríosún Mhuinseo a bhí sé seachtain na Cásca 1916. Mí Feabhra roimhe sin a gabhadh é. Bhíodh cruinnithe ar fud na tíre ag an am ag iarraidh daoine a mhealladh isteach in arm na Breataine le dhul amach sa gCogadh Mór. Bhí cruinniú acu sin i Maigh Cuilinn agus boic mhóra an cheantair ar fad an-sásta go raibh. Ba é Mark Mc Donagh a bhí ina chaiptín ar Óglaigh na hÉireann i Maigh Cuilinn agus diabhal blas a rinne sé ach na hÓglaigh a mháirseáil síos tríd an gcruinniú. Gabhadh é, tugadh os comhair na cúirte é agus gearradh trí mhí príosúin air.

Bhí sé páirteach go láidir i gCogadh na Saoirse ina dhiaidh sin. Fuair sé fuacht agus é i bhfolach ar na Black and Tans i mbráca i gcoill i lár an Gheimhridh. Má fuair féin tháinig sé thríd agus mhair sé go raibh sé 86 bliain d'aois.

Thóg sé féin agus a bhean clann mhór. Bhí beirt mhac leo ina n-iománaithe breátha, Tom agus Mark Óg. Fuair sé bás deas san ospidéal i nGaillimh i Márta na bliana 1968 agus é féin agus cuid dá mhuintir ag rá an pháidrín inGAEILGE.

I Maigh Cuilinn a cuireadh é. Bhí an bhratach náisiúnta ar a chónra agus chaith saighdiúirí as Dún Uí Mhaoilíosa trí rois piléar os cionn na huaighe.

Cé hionadh go raibh bród ar Alma Clancy agus í ag breathnú ar a mac cumasach féin an lá stairiúil úd i bPáirc an Phiarsaigh.

# An Daonáirimh - 'CENSUS' 2011

San Aibreán 2011 a tógadh an Daonáirimh is deireannaigh sa tír seo. Foillsíodh go leor de na torthaí i mbliana, 2012. Tugtar torthaí an Daonáirimh de réir DEDs (District Electoral Divisions). Tá 3 DED sa bpobal seo. Tabharfaidh muid dibh anseo cuid den na torthaí a bhí ar an Daonáirimh sa bpobal seo de réir na DEDs. I dtosach – An Cnoc Buí.

**AN CNOC BUÍ** - Bailte Aird Thoir, Aird Thiar, Carna, Coillín, Dubhithir, Glinnsce, Leath Mhás, Leitir Ard, Leitir Deiscirt, Más, Maoiras agus Muigh Inis.

**AOIS GHRÚPAÍ**

| Aois. | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 0 | 5 | 9 | 14 |
| 1 | 5 | 13 | 18 |
| 2 | 6 | 5 | 11 |
| 3 | 9 | 7 | 16 |
| 4 | 4 | 9 | 13 |
| 5 | 3 | 8 | 11 |
| 6 | 6 | 7 | 13 |
| 7 | 3 | 3 | 6 |
| 8 | 1 | 7 | 8 |
| 9 | 3 | 3 | 6 |
| 10 | 5 | 5 | 10 |
| 11 | 5 | 3 | 8 |
| 12 | 9 | 3 | 12 |
| 13 | 2 | 4 | 6 |
| 14 | 5 | 5 | 10 |
| 15 | 5 | 1 | 6 |
| 16 | 4 | 5 | 9 |
| 17 | 4 | 1 | 5 |
| 18 | 3 | 10 | 13 |
| 19 | 9 | 3 | 12 |
| 20-24 | 21 | 29 | 50 |
| 25-29 | 26 | 24 | 50 |

**Pósta, Singil...srl.**

| Stádas | Fear | Bean |
|---|---|---|
| Singil | 247 | 224 |
| Pósta | 141 | 142 |
| Scartha | 9 | 11 |
| Colscartha | 6 | 2 |
| Baintreach | 13 | 58 |
| Iomlán | 416 | 437 |

**CUMAS LABHARTHA GAEILGE.**

| Cumas | Daoine |
|---|---|
| Tá | 697 |
| Níl | 94 |
| Níl sé ráite | 19 |
| Iomlán | 810 |

**TÍTHE CÓNAÍTHE .**

| Cineál áit chónaíthe | Teaghlaigh | Iomlán daoine. |
|---|---|---|
| Teach/Bungalow | 282 | 775 |
| Árasán | 2 | 4 |
| Bed-sit | 0 | 0 |
| Carbhán /Mobile Home | 4 | 9 |
| Níl sé ráite | 10 | 29 |
| Iomlán | 298 | 817 |

## Aois na dtíthe

| An tréimhse ar tógadh an teach. | Teaghlaigh | Daoine |
|---|---|---|
| Roimh 1919 | 51 | 110 |
| 1919 go 1945 | 25 | 57 |
| 1946 go 1960 | 18 | 44 |
| 1961 go 1970 | 20 | 47 |
| 1971 go 1980 | 36 | 75 |
| 1981 go 1990 | 33 | 110 |
| 1991 go 2000 | 42 | 145 |
| 2001 go 2005 | 36 | 120 |
| 2006 nó níos mó | 25 | 71 |
| Níl sé ráite | 8 | 29 |
| Iomlán | 294 | 808 |

## Títhe príobháideacha - córas teas lárnaigh (Central Heating).

| | |
|---|---|
| Gan aon teas lárnach | 7 |
| Ola | 185 |
| Gás nádúrtha | 2 |
| Leictreachas | 12 |
| Gual | 3 |
| Móin | 69 |
| Leachtach Peitriliam Gáis - Liquid Petrolium gas. | 1 |
| Adhmad -slisíní | 5 |
| Eile | 4 |
| Níl sé ráite | 6 |
| Iomlán | 294 |

## AN LÍON SEOMRAÍ SA TEACH.

| Méid Seomraí | Teaghlaigh | Daoine |
|---|---|---|
| Seomra amháin | 1 | 3 |
| Dhá sheomra | 8 | 23 |
| Trí sheomra | 20 | 40 |
| Ceithre sheomra | 44 | 107 |
| Chúig sheomra | 44 | 113 |
| Sé sheomra | 66 | 180 |
| Seacht gcinn | 44 | 124 |
| Ocht gcinn agus nó níos mó | 56 | 192 |
| Níl sé ráite | 11 | 26 |
| Iomlán | 294 | 808 |

## CINEÁL CÓRAS SÉARACHAIS.

| | |
|---|---|
| Scéim phoiblí- ceangal le roint títhe | 21 |
| Damhach séarachais féin- Septic tank. | 240 |
| Deis séarachais eile | 18 |
| Eile | 5 |
| Gan aon saoráid séarachais | 0 |
| Níl sé ráite | 10 |
| Iomlán | 294 |

DAOINE ÓS CIONN 15 – OBAIR, GAN OBAIR, STAIDÉAR SRL.

| Stadas Eacnamaíochta/Sóisialta | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Ag obair | 117 | 129 | 246 |
| Ag cuartú oibre - don chéad uair | 5 | 2 | 7 |
| Dífhostaithe tar éis jab a cailleadh nó tar éis éirí as post. | 84 | 35 | 119 |
| Macléinn/Iníon léinn | 28 | 25 | 53 |
| Ag breathnú i ndiaidh tí/teaghlach | 11 | 65 | 76 |
| Éirithe as obair uilig. | 44 | 51 | 95 |
| Ní féidir a bheith ag obair mar gheall ar thinneas nó míchumas | 55 | 38 | 93 |
| Eile | 1 | 1 | 2 |
| Iomlán | 345 | 346 | 691 |

AOIS AR CHRÍOCHNAIGH DAOINE SA SCOIL.

| Aois | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Faoi 15 bliana | 35 | 26 | 61 |
| 15 | 18 | 12 | 30 |
| 16 | 29 | 16 | 45 |
| 17 | 14 | 22 | 36 |
| 18 | 36 | 31 | 67 |
| 19 | 11 | 15 | 26 |
| 20 | 9 | 11 | 20 |
| 21 agus níos mó | 42 | 52 | 94 |
| Níl sé ráite | 78 | 91 | 169 |
| Iomlán | 272 | 276 | 548 |

AN CINEÁL STAIDÉIR ATÁ MICLÉINN ÓS CIONN-15 A DHÉANAMH.

| CINEÁL STAIDÉIR | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Oideachas agus oiliúint do mhúinteoirí | 6 | 17 | 23 |
| Ealaíon - Arts | 2 | 2 | 4 |
| Daonnachtaí - Humanities | 1 | 10 | 11 |
| Eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí | 10 | 25 | 35 |
| Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht | 8 | 10 | 18 |
| Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht | 22 | 2 | 24 |
| Talmhaíochta agus Tréidliacht. | 12 | 0 | 12 |
| Sláinte agus réimse cabhrach daonna. | 6 | 28 | 34 |
| Seirbhísí | 6 | 18 | 24 |
| Ábhair eile | 0 | 0 | 0 |
| Níl sé ráite | 199 | 164 | 363 |
| Iomláin | 272 | 276 | 548 |

AN LEIBHÉAL OIDEACHAIS ATÁ AR DHAOINE ATÁ ÓS CIONN 15 BLIAIN D'AOIS.

| Leibhéal Oideachais | Fear | Bean | Iomláin |
|---|---|---|---|
| Gan oideachas foirmealta scoile ar bith. | 10 | 10 | 20 |
| Scoil Náisiúnta - bunoideachas. | 64 | 45 | 109 |
| Suas go Meán Teist ...Inter Cert. | 52 | 33 | 85 |
| Suas go hArd Teist...Leaving Cert. | 44 | 47 | 91 |
| Cáilíocht Theicniúil nó Gairmchúrsa | 9 | 17 | 26 |
| Ard-Teastas / Printíseacht Críochnaithe | 10 | 4 | 14 |
| Ard-Teastas | 5 | 18 | 23 |
| Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta | 14 | 30 | 44 |
| Céim Bhaitsiléara Onóracha, Cáilíocht ghairmiúil | 12 | 14 | 26 |
| Dioplóma Iarchéime nó Céim | 10 | 20 | 30 |
| Dochtúireacht (Ph.D) nó níos airde | 2 | 0 | 2 |
| Níl sé ráite | 40 | 38 | 78 |
| Iomlán | 272 | 276 | 548 |

**Daoine ag obair de réir tionscail.**

| Tionscail | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 18 | 4 |
| Tógáil agus obair a bhaineann le buildeáil. | 7 | 1 |
| Tionscail Dhéantúsaíochta | 11 | 4 |
| Tráchtáil agus Trádáil | 15 | 17 |
| Seirbhísí Iompair agus Cumarsáide | 4 | 4 |
| Ríarachán Poiblí | 5 | 9 |
| Seirbhísí gairmiúla | 22 | 64 |
| Eile | 35 | 26 |
| Iomlán | 117 | 129 |

**LÍON CARANNA I DTÍTHE.**

| | |
|---|---|
| Gan aon carr | 49 |
| Carr amháin | 115 |
| Dhá charr | 109 |
| Trí charr | 15 |
| Ceithre cinn nó níos mó carr | 6 |

| Líon na dteaghlach le ríomhaire | |
|---|---|
| Pearsanta | |
| Tá | 171 |
| Níl | 116 |
| Níl sé ráite | 7 |
| Iomlán | 294 |

| Líon na dteaghlach le deis leathanbhanda no a leithide. | |
|---|---|
| Leathanbhanda | 134 |
| Eile | 31 |
| Níl | 121 |
| Níl sé ráite | 8 |
| Iomlán | 294 |

**TOGHROINN ABHAINN GHABHLA** - Seo hiad na bailte a bhfuil cónaí iontu anois agus atá i dToghroinn Abhainn Ghabhla: Bun na hAbhann, Gabhla, Doire Iorrais, Coill Sáile, Loch Con Aortha agus Inis Treabhair (duine amháin ansin).

**Daonra de réir Aois Ghrúpaí**

| Aois | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 0 | 2 | 3 | 5 |
| 1 | 0 | 2 | 2 |
| 2 | 2 | 3 | 5 |
| 3 | 3 | 1 | 4 |
| 4 | 0 | 1 | 1 |
| 5 | 0 | 1 | 1 |
| 6 | 1 | 4 | 5 |
| 7 | 2 | 1 | 3 |
| 8 | 1 | 1 | 2 |
| 9 | 0 | 0 | 0 |
| 10 | 2 | 0 | 2 |
| 11 | 2 | 2 | 4 |
| 12 | 2 | 0 | 2 |
| 13 | 0 | 3 | 3 |
| 14 | 1 | 2 | 3 |
| 15 | 3 | 0 | 3 |
| 16 | 2 | 0 | 2 |
| 17 | 3 | 1 | 4 |
| 18 | 3 | 1 | 4 |
| 19 | 3 | 2 | 5 |
| 20-24 | 16 | 6 | 22 |
| 25-29 | 4 | 9 | 13 |
| 30-34 | 8 | 13 | 21 |
| 35-39 | 7 | 8 | 15 |
| 40-44 | 7 | 3 | 10 |
| 45-49 | 9 | 7 | 16 |
| 50-54 | 13 | 15 | 28 |
| 55-59 | 9 | 14 | 23 |
| 60-64 | 20 | 11 | 31 |
| 65-69 | 17 | 9 | 26 |

**PÓSTA/SINGIL SRL**

| | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Singil | 93 | 58 |
| Pósta | 59 | 59 |
| Scartha | 3 | 4 |
| Colscartha | 2 | 4 |
| Baintreach | 6 | 13 |
| Iomlán | 163 | 138 |

**CUMAS LABHARTHA GAEILGE.**

| | Daoine |
|---|---|
| Tá | 254 |
| Níl | 35 |
| Níl sé ráite | 0 |
| Iomláin | 289 |

**TÍTHE CÓNAÍTHE**

| Cineáil lóistín | Líonta tí | Daoine |
|---|---|---|
| Teach/Bungalow | 113 | 291 |
| Árasán | 1 | 2 |
| Bed-sit | 0 | 0 |
| Carbhán/Mobile Home | 3 | 4 |
| Níl sé ráite | 0 | 0 |
| Iomláin | 117 | 297 |

| AOIS NA DTÍTHE | | |
|---|---|---|
| Bliain tóghta | Líonta tí | Daoine |
| Roimh 1919 | 11 | 18 |
| 1919 go 1945 | 12 | 24 |
| 1946 go 1960 | 12 | 25 |
| 1961 go1970 | 17 | 36 |
| 1971 go 1980 | 21 | 62 |
| 1981 go 1990 | 13 | 38 |
| 1991 go 2000 | 9 | 27 |
| 2001 go 2005 | 8 | 27 |
| 2006 nó níos déanaí | 11 | 36 |
| Níl sé ráite | 0 | 0 |
| Iomláin | 114 | 293 |

| TÍTHE PRÍOBHÁIDEACH – CINEÁL TEAS LÁRNACH (Central heating). | |
|---|---|
| Gan aon teas lárnach | 4 |
| Ola | 56 |
| Gás nádúrtha | 0 |
| Leictreachais | 2 |
| Gual | 0 |
| Móin | 49 |
| Leachtach Peitriliam Gáis | 1 |
| Adhmad - slisíní adhmaid. | 2 |
| Eile | 0 |
| Níl sé ráite | 0 |
| Iomlán | 114 |

| Morgáiste no gan morgáiste srl. | | |
|---|---|---|
| Cineál seilbhe | Líonta tí | Daoine |
| Úinéir i selbh le morgáiste | 26 | 89 |
| Úinéir i seilbh gan aon morgáiste | 80 | 190 |
| Ar cíos ó Thiarna Talún Príobháideach | 2 | 3 |
| Ar cíos ó Údarás Áitiúil | 3 | 5 |
| Ar cíos ó Chomhlacht Deonach | 0 | 0 |
| Cíos saor i aisce | 2 | 3 |
| Níl sé ráite | 1 | 3 |
| Iomlán | 114 | 293 |

| Teaghlach príobháideach - (Soláthar uisce) | |
|---|---|
| Scéim phoiblí | 80 |
| Scéim grúpa (údaráis aitiúil) | 15 |
| Scéim grúpa (príobháideach) | 2 |
| Eile (príobháideach) | 16 |
| Aon cheann | 1 |
| Níl sé ráite | 0 |
| Iomlán | 114 |

| Teaghlach príobháideach – an cineál córas séarachais. | |
|---|---|
| Scéim phoiblí | 3 |
| Dabhach séarachais | 104 |
| Cóireála eile | 6 |
| Eile | 1 |
| Gan aon saoráid séarachais | 0 |
| Níl sé ráite | 0 |
| Iomláin | 114 |

| AN LÍON SEOMRAiSA TEACH. | | |
|---|---|---|
| | Teaghlaigh | Daoine |
| Seomra amháin | 0 | 0 |
| Dhá sheomra | 4 | 5 |
| Trí sheomra | 11 | 17 |
| Ceithre sheomra | 13 | 29 |
| Cúig sheomra | 23 | 62 |
| Sé Sheomra | 20 | 57 |
| Seacht gcinn | 20 | 54 |
| Ocht gcinn no níos mo | 20 | 66 |
| Níl sé ráite | 3 | 3 |
| Iomlán | 114 | 293 |

| An raibh cónaí sa teach oíche an Daonáirimh. | |
|---|---|
| Daoine ina gcónaí ann | 115 |
| Gan cónaí ann | 51 |
| Iomlán | 166 |

| DAOINE OS CIONN 15 – AG OBAIR, GAN OBAIR, STAIDÉAR SRL | | | |
|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Iomlán |
| Ag obair | 46 | 41 | 87 |
| Ag cuartú oibre don chéad uair | 1 | 1 | 2 |
| Dífhostaithe tar éis jab a cailleadh nó tar éis éirí as post. | 24 | 16 | 40 |
| Macléinn - Iníon Léinn | 21 | 8 | 29 |
| Ag breathnú i ndiaidh tí/teaghlach | 7 | 24 | 31 |
| Éirithe as obair. | 34 | 13 | 47 |
| Ní féidir a bheith ag obair mar gheall ar thinneas nó míchumas | 12 | 8 | 20 |
| Eile | 0 | 3 | 3 |
| Iomlán | 145 | 114 | 259 |

| AOIS AR CHRÍOCHNAIGH DAOINE SA SCOIL. | | | |
|---|---|---|---|
| | FIr | Mná | Iomlán |
| Faoi 15 bliana | 42 | 19 | 61 |
| 15 | 10 | 5 | 15 |
| 16 | 9 | 8 | 17 |
| 17 | 7 | 7 | 14 |
| 18 | 8 | 13 | 21 |
| 19 | 1 | 1 | 2 |
| 20 | 1 | 5 | 6 |
| 21 agus os a chionn | 7 | 14 | 21 |
| Níl sé ráite | 31 | 23 | 54 |
| Iomlán | 116 | 95 | 211 |

| AN CINEÁL STAIDÉIR ATÁ MICLÉINN ÓS CIONN 15 A DHÉANAMH. | | | |
|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Iomlán |
| Oideachas agus oiliúint do mhúinteoirí | 1 | 6 | 7 |
| Ealaíon - Arts | 4 | 0 | 4 |
| Daonnachtaí- Humanities | 0 | 3 | 3 |
| Eolaíochtaí shóisialta, gnó agus dlí | 1 | 8 | 9 |
| **Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht** | 2 | 2 | 4 |
| **Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Tógáil** | 10 | 2 | 12 |
| **Talmhaíocht agus Tréidliacht** | 4 | 0 | 4 |
| **Sláinte agus cúrsaí cabhrach** | 0 | 7 | 7 |
| **Seirbhísí** | 2 | 5 | 7 |
| **Ábhair eile** | 0 | 0 | 0 |
| Níl sé ráite | 92 | 62 | 154 |
| Iomlán | 116 | 95 | 211 |

| Líon na dteaghlach le ríomhaire pearsanta | |
|---|---|
| Tá | 62 |
| Níl | 51 |
| Níl sé ráite | 1 |
| Iomlán | 114 |

| Daonra 15 bliana d'aois agus os a chionn - an leibhéal ab airde oideachais bainte amach acu. | | | |
|---|---|---|---|
| **Leibhéal Oideachais** | Fir | Mná | Iomlán |
| Gan aon oideachas scoile/foirmeálta. | 7 | 2 | 9 |
| Bunoideachas | 53 | 25 | 78 |
| **Íochtarach den Dara Grád.** | 18 | 18 | 36 |
| **Uachtarach den Dara Grád.** | 17 | 19 | 36 |
| **Cáilíocht Theicniúil nó Gairmchúrsa** | 7 | 8 | 15 |
| **Ard-Teastas / Printíseacht Críochnaithe** | 5 | 0 | 5 |
| **Ard-Teastas** | 1 | 8 | 9 |
| **Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta** | 2 | 4 | 6 |
| **Céim Bhaitsiléara Onóracha, Cáilíocht ghairmiúil** | 2 | 6 | 8 |
| **Dioplóma Iarchéime nó Céim** | 2 | 5 | 7 |
| **Dochtúireacht (Ph.D) nó níos airde** | 0 | 0 | 0 |
| Níl sé ráite | 2 | 0 | 2 |
| Iomlán | 116 | 95 | 211 |

| Daoine ag obair de réir tionscail. | | |
|---|---|---|
| Tionscail | Fear | Bean |
| **Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht** | 13 | 2 |
| **Tógála agus foirgníochta** | 6 | 0 |
| **Tionscail Déantúsaíochta** | 7 | 4 |
| **Tráchtál agus trádáil** | 2 | 4 |
| **Iompar agus cumarsáid** | 4 | 1 |
| **Riarachán poiblí** | 1 | 4 |
| **Seirbhísí gairmiúla** | 1 | 19 |
| Eile | 12 | 7 |
| Iomlán | 46 | 41 |

| **Méid tithe le carr** | |
|---|---|
| Gan aon carr | 26 |
| Carr amháin | 44 |
| Dhá charr | 37 |
| Trí charr | 5 |
| Ceithre charr nó níos mó | 2 |

| Líon na dteaghlach le seirbhís idirlíona. | |
|---|---|
| **Leathanbhanda** | 48 |
| Eile | 9 |
| Níl | 56 |
| Níl sé ráite | 1 |
| Iomlán | 114 |

**TOGHROINN - SCAINNIMH** - Seo hiad na bailte a bhfuil daonra iontu atá sa toghroinn seo: Roisín na Mainíoch, Caladh Fhínse, An Aird Mhóir agus as sin soir go Cill Chiaráin/Cill Chiaráin féin agus Caladh an Chnoic (amach ó thuaidh).

**Daonra de réir aoisghrúpaí.**

| Aois | Fear | Bean | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 0 | 4 | 9 | 13 |
| 1 | 2 | 2 | 4 |
| 2 | 6 | 5 | 11 |
| 3 | 4 | 4 | 8 |
| 4 | 8 | 9 | 17 |
| 5 | 3 | 1 | 4 |
| 6 | 3 | 3 | 6 |
| 7 | 3 | 6 | 9 |
| 8 | 5 | 3 | 8 |
| 9 | 2 | 3 | 5 |
| 10 | 0 | 6 | 6 |
| 11 | 7 | 5 | 12 |
| 12 | 8 | 3 | 11 |
| 13 | 3 | 9 | 12 |
| 14 | 5 | 5 | 10 |
| 15 | 6 | 7 | 13 |
| 16 | 5 | 9 | 14 |
| 17 | 4 | 7 | 11 |
| 18 | 3 | 4 | 7 |
| 19 | 6 | 7 | 13 |
| 20-24 | 22 | 20 | 42 |
| 25-29 | 15 | 18 | 33 |
| 30-34 | 16 | 22 | 38 |
| 35-39 | 24 | 24 | 48 |
| 40-44 | 24 | 20 | 44 |
| 45-49 | 21 | 17 | 38 |
| 50-54 | 27 | 25 | 52 |
| 55-59 | 36 | 27 | 63 |
| 60-64 | 26 | 19 | 45 |
| 65-69 | 16 | 12 | 28 |
| 70-74 | 17 | 10 | 27 |
| 75-79 | 6 | 3 | 9 |
| 80-84 | 5 | 8 | 13 |
| 85+ | 3 | 7 | 10 |
| Total | 345 | 339 | 684 |

**Stadas Pósta.**

| Stadas | Fear | Bean |
|---|---|---|
| Singil | 209 | 184 |
| Pósta | 112 | 113 |
| Scartha | 8 | 7 |
| Colscartha | 6 | 9 |
| Baintreach | 10 | 26 |
| Iomlán | 345 | 339 |

**Gaeilge - Cumas labhartha.**

| Cumas | Daoine |
|---|---|
| Tá | 601 |
| Níl | 42 |
| Níl sé ráite | 13 |
| Iomlán | 656 |

**Teaghlaigh phríobháideacha de réir cineáil lóistín**

| Cineál lóistín | Líonta tí | Daoine |
|---|---|---|
| Teach/Bungalow | 209 | 659 |
| Árasán | 2 | 8 |
| Bed-sit | 1 | 4 |
| Carbhán /Mobile Home | 4 | 5 |
| Níl sé ráite | 10 | 20 |
| Iomlán | 226 | 696 |

**Aois an Tí.**

| Bliain tóghta | Líonta Tí | Daoine |
|---|---|---|
| Roimh 1919 | 26 | 73 |
| 1919 go 1945 | 19 | 51 |
| 1946 go 1960 | 8 | 20 |
| 1961 go 1970 | 15 | 30 |
| 1971 go 1980 | 26 | 77 |
| 1981 go 1990 | 29 | 104 |
| 1991 go 2000 | 33 | 142 |
| 2001 go 2005 | 27 | 79 |
| 2006 nó níos mó | 26 | 81 |
| Níl sé ráite | 13 | 34 |
| Iomlán | 222 | 691 |

**Méid tithe le carr**

| | |
|---|---|
| Gan aon carr | 26 |
| Carr amháin | 44 |
| Dhá charr | 37 |
| Trí charr | 5 |
| Ceithre charr nó níos mó | 2 |

**Morgáiste no gan morgáiste srl.**

| Cineál seilbhe | Líonta tí | Daoine |
|---|---|---|
| Úinéir i selbh le morgáiste | 26 | 89 |
| Úinéir i seilbh gan aon morgáiste | 80 | 190 |
| Ar cíos ó Thiarna Talún Príobháideach | 2 | 3 |
| Ar cíos ó Údarás Áitiúil | 3 | 5 |
| Ar cíos ó Chomhlacht Deonach | 0 | 0 |
| Cíos saor i aisce | 2 | 3 |
| Níl sé ráite | 1 | 3 |
| Iomlán | 114 | 293 |

| AN LÍON SEOMRAiSA TEACH. | | |
|---|---|---|
| | Teaghlaigh | Daoine |
| Seomra amháin | 0 | 0 |
| Dhá sheomra | 4 | 5 |
| Trí sheomra | 11 | 17 |
| Ceithre sheomra | 13 | 29 |
| Cúig sheomra | 23 | 62 |
| Sé Sheomra | 20 | 57 |
| Seacht gcinn | 20 | 54 |
| Ocht gcinn no níos mo | 20 | 66 |
| Níl sé ráite | 3 | 3 |
| Iomlán | 114 | 293 |

| Teaghlach príobháideach - Soláthar uisce. | |
|---|---|
| Scéim phoiblí | 180 |
| Scéim grúpa (údaráis aitiúil) | 26 |
| Scéim grúpa (príobháideach) | 4 |
| Eile (príobháideach) | 2 |
| Gan seirbhís | 0 |
| Níl sé ráite | 10 |
| Iomlán | 222 |

| Teaghlach príobháideach - (Teas lárnach - Central Heating). | |
|---|---|
| Gan aon teas lárnach | 6 |
| Ola | 132 |
| Gás nádúrtha | 3 |
| Leictreachais | 1 |
| Gual | 3 |
| Móin | 67 |
| Leachtach Peitriliam Gáis | 1 |
| Adhmad (millíní adhmaid) | 1 |
| Eile | 1 |
| Níl sé ráite | 7 |
| Iomlán | 222 |

| Teaghlaigh príobháideacha - saoráidí séarachais. | |
|---|---|
| Scéim phoiblí | 21 |
| Dabhach séarachais | 180 |
| Dabhach séarachais | 11 |
| Eile | 1 |
| Gan aon saoráid séarchais | 0 |
| Níl sé ráite | 9 |
| Iomlán | 222 |

| An raibh cónaí sa teach oíche an Daonáirimh. | |
|---|---|
| Daoine ina gcónaí ann | 115 |
| Gan cónaí ann | 51 |
| Iomlán | 166 |

**Daonra 15 bliana d'aois – dífhostaithe/ag obair/ ag staidéar.**

| Príomhstádas Eacnamaíoch | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Ag obair | 86 | 77 | 163 |
| Ag cuartú oibre don chéad uair | 3 | 5 | 8 |
| Dífhostaithe tar éis jab a cailleadh nó tar éis éirí as post. | 94 | 36 | 130 |
| Mac Léinn | 28 | 45 | 73 |
| Ag breathnú ina dhiaidh tí/teaghlach | 8 | 59 | 67 |
| Éiríthe as an obair uilig. | 36 | 22 | 58 |
| Ní féidir a bheith ag obair mar gheall ar thinneas nó míchumas | 25 | 19 | 44 |
| Eile | 2 | 3 | 5 |
| Iomlán | 282 | 266 | 548 |

| Daonra 15 bliana d'aois agus os a chionn – aois ar fhágadar an scoil. | | | |
|---|---|---|---|
| Aois | Fear | Bean | Iomlán |
| Faoi 15 bliana | 24 | 10 | 34 |
| 15 | 32 | 13 | 45 |
| 16 | 29 | 17 | 46 |
| 17 | 23 | 21 | 44 |
| 18 | 20 | 28 | 48 |
| 19 | 4 | 8 | 12 |
| 20 | 3 | 7 | 10 |
| 21 agus níos sine | 16 | 34 | 50 |
| Níl sé ráite | 82 | 60 | 142 |
| Iomlán | 233 | 198 | 431 |

| Líon na dteaghlach le ríomhaire pearsanta | |
|---|---|
| Tá | 62 |
| Níl | 51 |
| Níl sé ráite | 1 |
| Iomlán | 114 |

**Daonra 15 bliana d'aois agus os a chionn agus an staidéar atá siad a dhéanamh.**

| Cáilíocht | Fear | Bean | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Oideachas agus oiliúint do mhúinteoirí | 5 | 14 | 19 |
| Na Dán | 3 | 1 | 4 |
| Daonnachtaí | 2 | 11 | 13 |
| Eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí | 5 | 9 | 14 |
| Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht | 3 | 5 | 8 |
| Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Tógáil | 13 | 1 | 14 |
| Talmhaíocht agus Tréidliachta | 6 | 0 | 6 |
| Sláinte agus staidéar gaolmhar leis. | 2 | 18 | 20 |
| Seirbhísí | 5 | 12 | 17 |
| Ábhair eile | 0 | 1 | 1 |
| Níl sé ráite | 189 | 126 | 315 |
| Iomlán | 233 | 198 | 431 |

**Daonra 15 bliana d'aois agus ós a chionn sin- an leibhéal ab airde oideachais a bhaineadar amach.**

| Leibhéal Oideachais | Fear | Bean | Iomláin |
|---|---|---|---|
| Gan aon oideachas scoile/foirmeálta. | 13 | 7 | 20 |
| Bunoideachas | 70 | 33 | 103 |
| Íochtarach den Dara Grád | 62 | 34 | 96 |
| Uachtarach den Dara Grád | 40 | 44 | 84 |
| Cáilíocht Theicniúil nó Gairmchúrsa | 7 | 15 | 22 |
| Advance Ard-Teastas / Printíseacht Críochnaithe | 7 | 9 | 16 |
| Ard-Teastas | 4 | 6 | 10 |
| Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta | 3 | 13 | 16 |
| Céim Bhaitsiléara Onóracha, Cáilíocht ghairmiúil | 3 | 11 | 14 |
| Dioplóma Iarchéime nó Céim | 2 | 13 | 15 |
| Dochtúireacht (Ph.D) nó níos airde | 5 | 1 | 6 |
| Níl sé ráite | 17 | 12 | 29 |
| Iomlán | 233 | 198 | 431 |

**Daoine ag obair de réir tionscail.**

| Tionscail | Fear | Bean |
|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 14 | 0 |
| Obair thógála agus obair ghaolmhar. | 7 | 0 |
| Tionscail Déantúsaíochta | 17 | 5 |
| Tráchtála agus trádáil | 6 | 7 |
| Iompar agus cumarsáid | 8 | 7 |
| Riarachán poiblí | 2 | 5 |
| Seirbhísí gairmiúla | 16 | 43 |
| Eile | 16 | 10 |
| Iomlán | 86 | 77 |


| Líon na dteaghlach le córas leathanbhanda ar an idirlíon. | |
|---|---|
| Leathanbhanda | 105 |
| Eile | 10 |
| Níl | 95 |
| Níl sé ráite | 12 |
| Iomlán | 222 |

# C.L.G.
# Carna/Caiseal

Cuireann an cumann áitiúil foirne idirmhéanach agus soirear chun páirce i rith na bliana. Freisin i gcóir le cumann Peil na bPiarsaigh Rosmuc cuirtear chuig foirne faoi aois idir 11 agus 15 bliana d'aois. Cuirtear treanail ar na foirne seo faoi scáth an dá chunamm.

Buíochas tacaíocht an phobal ó thaobh ceannacht lotto's agus chuile chunadh eile i rith na bliana

# Clifden Mart Clifden



## Co. Galway

**Weekly sales of cattle and sheep every Friday**



Sales of Connemara Ponies take place in February, May, August and October.

**All enquiries tel; 095-21861**

IRELAND

COMHAR CREIDMHEASA CAISEAL CONAMARA

CASHEL-CONNEMARA CREDIT UNION LTD

## TEACH AN ÚDARÁIS
## CARNA

**AMANTA OSCAILTE**
**4pm to 7pm**
**DÉARDAOIN**

TEILEAFÓN
AN CAISEAL 095-31128
AN CLOCHÁN 095-21101
IASACHT UAIT?
FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA




*Ballynahinch Castle Hotel.*

**Teileafón: 095-31006**
**Fax: 095-31085**
**E-mail: info@ballynahinch-castle.com**

# BRODERICK'S ELECTRICAL CENTRE

## Westport

Tá chuile chineál deis ar nós meaisíní, reoiteoirí agus deiseanna eile go leor ar fáil i Brodericks. Tá eolas maith againn i gConamara agus tabharfaidh muid na hearraí chomh fada leat.
Nollaig Shona dhibh uilig.

ZANUSSI

morphy richards

Broderick's Electrical in Westport is one of the best known home appliance and home entertainment shops in Mayo, stocking all the leading brands and digital TVs.

SIEMENS

belling

Teileafón: 098-28130
Fax: 098-28130
broderickselectrical@town.ie

SAMSUNG



# CATERENT

## FURNITURE AND CATERING EQUIPMENT HIRE

5a Racecourse Business Park
Ballybrit
Galway
Tel: - 091 771744
Fax: - 091 771745
Website: www.caterent.ie
Email: caterent@eircom.net



*Kavanagh's* SuperValu, The Square, Clifden

# Specialists in fresh foods

If you need any help in our fresh fish department or have any questions, I'll be happy to help you.

Just ask. *Martina*

**Open 7 Days A Week**

**Fruit & Veg • Meat & Deli • Fine Range of Fresh Cut Cheese • Fresh Fish**
**Daily Lobster, Crab & Mussels • Off License • Instore Bakery • Household 180 Car Park Spaces**

*Kavanagh's*
**SuperValu**
**Real Food, Real People**

**Irish Seafood Producers Group**

Cill Chiarain
Conamara
Co. na Gallimhe
Fón: +353 95 33300
Facs: +353 95 33453
www.ispg.ie

LIGHTHOUSE NETWORKS
WIRELESS BROADBAND in the WEST

Local Company
Local Service
Local Support

Low-Call: 076 - 6020502

BANDA LEATHAN DON IARTHAR

www.lightnet.ie

Lighthouse Networks are based in Loughrea, Co. Galway.

Peter Keane

Clifden

Aerials, Satellite Dishes, Sales, Repairs, Service,
*Wireless Broadband installation*.

***Digital Terrestrial Television is now available***



095-21827
0876687468




Go n-éirí leis an Irisleabhar

# I GCUIMHNE AR AIBHA



Mórshiúl na gCapall as Gabhla go reilig Mhuigh Inse I gcuimhne ar Aibha Ní Chonaire ar an 19ú Feabhra 2012. Bhásaigh Aibha – 6 bhliana d'aois – dhá mhí roimhe sin. Josie de Búrca agus a char capail ag ceann an Mhórshiúil , Willie Leahy (fear an hata) taobh thiar dó. Bhí trí scóir caipilín uilig ann.


Suaimhneas i Muighinis

# Turas na bhfainleog agus turas Agnieszka.



Bhí aird mhuintir na tíre ar an turas a rinne Agnieszka Jabhenska lena hasal Mucci ar fud na tíre i 2012. Turas cuimhneacháin a bhí ann i gcuimhne ar pháirtí Agnieszka a bhásaigh go tragóideach i Malaysia. Chaith Agneiszka agus Mucci oíche ag tí Churraoín i gCaladh an Chnoic ar a camchuairt agus tá sí anseo in éineacht Cathy Ní Churraoín. Choinigh Agnieszka agus Mucci ag taisteal ansin ach bhí deireadh truamhéileach leis an aistir. Théis dó a bheith tugtha isteach le haghaidh cóir leighis thréadliachta bhásaigh Mucci i dtimpiste. Scaipeadh a chuid luaithre i gceantar Bhaile Uí Chonaola an áit ar scaipeadh luaithe páirtí Agnieszka.



Fainleoga óga i Muigh Inis. Caitlín uí Chlochartaigh a thug faoi deara iad agus a fuair an pictiúr seo dúinn.



Sheba, an madra as Muigh Inis ag ceiliúradh na Nollag. Cónaíonn Sheba tí Chaitlín agus tí Mhichíl Uí Chlochartaigh i Muigh Inis.

# *Dul faoi lámh Easpaig*



**Scoil Áird Mhóir: Ar chúl ó chlé:** An tAthair Seamus Ó Dúill, Aonghus Mac Donncha, Mairéal Einniú, Roisín Ní Dhonnchadha Declan Mahon, Aoife Ní Choistealbha, Catherine Ní Chlochartaigh, Máire uí Bholguidhir agus An tAthair Pádraig Standún. **Líne láir ó chlé:** Gráinne Ní Fhlatharta agus Kayleigh de Búrca. **Líne tosaigh ó chlé:** Thomas Ó hAllmhuráin, Aisling Ní Loideain, Caleigh Ní Mhathúna, An tEaspaig Micheál Ó Néaraigh, Elane Ní Dhonnchú agus Orla Ní Dhuinnshléibhe.



**Scoil Chill Chiaráin: Ar gcúl:** An tAthair Séamus Ó Dúill, Marissa Ní Neasa, Gráinne Ní Eidhin, Kevin Ó Ceallaigh, Alan Ó Súilleabháin agus Sarah Ní Chuirrín. **Chun tosaigh ó chlé:** Eóin Ó Tuathail, an tEaspag Micheál Ó Néaraigh agus Isabel Ní Thuathail. An tAthair Standún ar dheis uilig.

# *Dul faoi lámh Easpaig*



**Scoil Mhuig Inse.** Ó Chlé: Máirtín Ó Cualáin, Katie Ní Dhonnabháin,Dara Ó Cualáin, Aoife Ní Loideáin, Mághnus Ó Domhnaill agus Courtney Ní Chormaic



**Scoil Charna: Ar gcúl ó chlé:** An tAthair Séamus Ó Dúill, Príomhoide Máire Ní Uaithín agus An tAthair Pádraig Standún. **Líne láir ó chlé:** Síleagh Ní Ghríofa, Aoife Ní Ghuairim, Dónal Ó Maoilchiaráin, Rebecca Ní Mhadaoin, Ciarán Ó Dunaird, Ciara Ní Cheannabháin, Liam Ó Caonaigh agus Eoin Mac Giolla Phádraig. **Chun tosaigh ó chlé**: MacDara Ó Coileain, Áine Ní Mhaoilchiaráin, An tEaspag, Micheál Ó Néaraigh,, Chloe Ní Chathasaigh agus Elaine Ní Chuaig.

# Inniu agus Inné.




Scaitheamh blianta ó shin: Ó chlé – Jackie Neachtain as Boston (ba as an Aird Mhóir agus Finis a mhuintir), Michael Mhicil Peige Ó Cosgordha as an Leath Mhás agus Joe Mhadaoín as Finis.




Ciara Foley as Milton gar do Bhoston agus í páirteach i gcomórais Damhsa an Domhain i mBéal Feiriste i mbliana.
Sé Pat Corbett – Pat Pháraic Val Mheaite – a hathair mór. Cónaíonn Pat i mBrighton i Massachusetts le scaitheamh maith blianta.



Osclaíodh an tIonad Nua Cúram Leanaí i gCarna i mbliana agus saothraíodh go crua é. Seo baill den ghrúpa a choinnigh an iarracht ar mhaithe le forbairt an Ionaid beo ar feadh blianta agus a chuaigh ag cruinnithe chuig an Dáil, go Gaillimh agus áiteacha eile lena chinntiú go mbeadh sé ann. Ar gcúl…ó chlé: Seosamh Ó Cuaig, Susan uí Chathán agus Máirtín Ó Gríofa. Chun tosaigh – Ribeárd Ó hÉilí ar chlé agus Josie Ó Curraoín.




Stiofán Ó Cuirrín as an Aird Mhóir agus a ghar-iníon Ríona agus iad ag ceiliúradh i Stád an Phiarsaigh i nGaillimh théis do Charna/an Caiseal Craobh Peile Idirmheánach an Chontae a bhuachaint ar an 6ú Deireadh Fómhair 2012.


# Debs 2012



**Ó chlé:** Breandán Ó hIarnáin (Roisín na Maithníoch), Helen Ní Ghuairim ( Roisín na Maithníoch) Christina Ní Ceanneabháin (Coile Sáile), Lisa Ní Fhlatharta (Bantrach Ard) agus Séamús Ó Neasa (Coill Sáile).



**Ó chlé:** Cian Ó Suilleabháin (Glinnsce) agus Bríd Ní Ghríofa (Maoinis).



**Ó chlé:** Pierce Mac Donnacha (Cill Chiaráin) agus Sarah Ní Cheanneabháin (Cill Chiaráin).

# Oíche Shamhna 2011



Tí Mheaic



Tí Chadhain

FIANNA FÁIL

## Éamonn Ó Cuiv T.D.



**Oifig Dáil cheantair, Teach Kirwin,**
**Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh**

**Fón:** **(091) 562846**
**Facs:** **(091) 562844**
Ríomhphost: eamon.ocuiv@oir.ie
Suíomh Idirlíon: www.eamonocuiv.ie

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION" • C.I.S. • "MEMBER OF HOME BOUND"

# 'Artics' i Sráidbhaile Chill Ciaráin

## - Ré na Feilméireachta Bradán



*Louis Mac an Iomaire*

Nach iontach go bhfuil an fheilméireacht éisc i gceist i measc an phobail arís. Tá daoine - mar a bhí ariamh - ag déanamh argóintí ar shon agus in aghaidh an tionscáil seo. Tá plean ag Bord Iascaigh Mhara feilm mhór bradán orgánach a chur ar shuíomh amach ó Inis Oirr - feilm a chruthós postanna ar mhuir agus ar thír. Tá plean ag Údarás na Gaeltachta cúnamh a chur ar fáil le borradh a chuir faoin tionscáil seo i gCuan Chill Chiaráin. Tar éis troid fhada ag Fóram Iorras Aithneach is cosúil ag mbeidh toradh ar an obair. Tionscail í seo ar bhain muintir na h-áite seo an-tairbhe asti blianta siar. Is cuimhneach liom an lá a raibh 22 leorraíthe móra - na 'Artics' - i sráidbhaile Chill Chiaráin. Sin scaitheamh maith blianta ó shin. Tá iarracht ar bun anois arís leis an bhfeilméireacht bradán a neartú. An aidhm-jobanna agus fostaíocht a chur ar fáil do mhuintir an cheantair ar dhá thaobh an chuain. Más ea fhéin cén áit ar domhan a bhfuil dream chomh maith le dhul chun farraige le na ngnó a dhéanamh ná muintir na nOileán nó muintir Iorris Aithneach.

Nuair a bhí muid óg, fiú amháin, sul na thosaigh muid ar scoil, bhí Tower Cheann Golaim, Oileán Fhiadhinse, Carraig na Meacan, Bior Mór, Bior Beag ar bharr a ngoib againn, mar aon leis na scórtha carraig agus oileán atá san gcuan. Bhí scil agus nádúr na farraige ins na daoine. Ní obair éasca í obair na farraige ach ní raibh fuacht ná leisce ar na daoine cur suas leis an gcruatan le greim a mbéil nó punt a shaothrú.

Níl mé cinnte cén t'am ar thosaigh an Fheilméireacht Éisc san gceantar seo. Ní dhéanamh mé iarracht am ná dáta a chur air mar níl a fhios agam. San mbliain 1985 a chonaic mé an chéad bhradán feilme agus ba ag obair i monarca Errigal Éisc i gCill Chiaráin a bhí mé - cúig nó sé do thonnaí bradán. Iasc breá, le glanadh, le pacáil, é a dháileadh ar na custaeméirí agus é a chur ar leoraí agus chun bóthair leis. Chuir sé iontas orm an tóir a bhí ar an iasc seo. Is iomadh tonna bradán a réitíodh muid san monarca seo. Tógadh monarca Chill Chiaráin Éisc., comhlacht nua glan le iasc a phróiseáil an uair sin. Tógadh an monarca ar árd-chaighdeán. Bhí an comhlucht margaíocht I.S.P.G ar an suíomh céanna. Ag díol an éisc leis na Feilmeacha Éisc a bhíodh siad.

**Bradáin dá gcur ar fud an domhain.**

De réir na mblianta bhí fás mór ar an tionscaíl. Bhíodh muid ag próisáil éisc dos na feilmeachaí timpeall an chuain. Timpeall 10 bhfeilm ar fad. Tar-éis tamaill bhí muid ag próiseáil éisc do ceithre fheilm as tuaisceart Chonamara. Bhí timpeall is fiche duine ag obair, idir fhir agus mhná, go gearr-théarmach. Uaireanta nuair a bhí muid faoi lán t-seoil bhí ós cionn dhá scór ag obair. Bhí muid ag próiseáil 3,000 go dtí 4,000 tonna bradán san mbliain. Bhí na h-uaireannta fada agus an obair crua, ach bhí an fhoireann oibre go h-iontach agus bhí muid lán-tsásta an obair a dhéanamh agus muid buíoch an obair a bheith againn.mBhí laethanta fada, fuar againn san monarca ach bhí na daoine a bhí

ag obair ar na cliabháin amuigh i chuile chineál aimsire le gála, báisteach, sneachtaa, sioc, stoirm agus farraigí árda - ag beathú an éisc, ag faire amach don rón, ag bailiú leac-oidhre san monarca le h-aghaidh obair an lae. Shaothraigh siad a bpáigh, amuigh i chuile chineál aimsire. San monarca bhí muid ag glanadh agus ag pacáil an éisc. Bhí muid ag baint na gcnámha as cuid acu de réir mar bhí ordú ón I.S.P.G. Iadsan a bhíodh ag díol. Obair chrua mar dhá mbeadh a dhá-oiread éisc ann ní raibh a n-dothain againn de bharr a raibh de ghlaoch orthu amach don Fhrainc, An Spainn, An Ghearmainn, An Eilbhéis, go dtí an Bheilg, An Olainn, An Iodáil, Meiriceá, Taiwan, An tSeapainn, Sasana agus margadh na hÉireann. Tar éis bliain nó dhó bhí muid ag próiseáil éisc do Fanad Fisheries as Dún na nGall. Tháinig na céadta tonna achar 210 míle ó bhaile le réiteach i gCill Chiaráin. Bhí iasc próiseáilte ag teacht ó Chorcaigh agus ó Chiarraí agus as Muigheo. Le baint dos na leoraithe móra le tabhairt isteach san monarca, le dáileadh ar chustaeméirí ar fud an domain agus le cur lena gcuid fhéin agus iad a sheoladh amach leis na leoraithe móra.

Bhíodh baile Chill Chiaráin lán le leoraithe móra ó mhaidin go h-oíche. Bhí 6 leoraí mhóra ann lá amháin – 8 gcinn ag an monarca, 3 cinn i gcarr chlós an t-séipeail agus 5 cinn i gcarr – chlós Tí Chadhain; b'shin 22 artic i gCill Chiaráin. Bhí fear ag rá liom nach bhfaca sé a leithide ariamh, ach sul má bhí sé a h-aon ar maidin bhí chuile cheann acu imíthe agus 30 tonna bradán ar chuile cheann acu.

**Teastaíonn an obair go géar.**

Cuireann tionscáil mar seo go leor daoine ag obair ar fud na tíre. An dream a bhíonn ag déanamh eangacha agus dhá ndeasú. An dream a bhíonn ag tarraingt beatha bradán, ag tabhairt na mbradáin bheaga le cur sna cliabháin, an dream a thugann an t-iasc go dtí an monarca, an dream a thugann go dtí an margadh é. An dream a dhéanann na boscaí lena phacáil, na síopaí, na stáisiúin ola, na comharchumainn. Bíonn rópaí, pící, boltaí, sceana, elasto-plast, ábhar glantacháin ag teastáil i gcónaí.


Is iomadh dream a mbíonn brabach beag nó mór acu de bharr an fheilméireacht éisc. Bíonn misneach ag dream atá ag saothrú agus ag obair sna bailte áitiúila. Tá mé ag faire agus ag guidhe agus ag súil leis an lá nuair a bheidh na cuanta lán le hobair agus glór na ndaoine le cloisteail agus iad ag saothrú san gcuan. Agus a bhfuil a fhios agat cén rud is fearr faoi seo go léir? Nuair a bhí muide ag obair go crua ag pacáil éisc agus dhá sheoladh amach as Cill Chiaráin… bhí an obair cheanna agus an tábhacht chéanna leí i monarcha na hÁirde Thoir 10 míle ó bhaile.

Bhí airgead agus páigh le fáil agus le saothrú…agus tá scéilín beag agam faoi sin!! Bhí mé ag caint le fear le gairid agus is dóigh go n-insíonn sé dhom chomh tábhachtach agus atá an tionscáil seo. Roinnt mhaith blianta ó shin thaisteal sé thrí cheanntar Iorrus Aithneach. Ní fhaca sé scór daoine ar an mbóthar,ní raibh tada ag tárlú. Thart ar deich mbliana ina dhiaidh sin chuaigh sé an bealach ceanna. Bhí arthú mór ar an áit. Bhí an áit ag 'Buzzail' a deir sé. Bhí daoine i chuile áit, bhí an bóthar gnóthach, bhí na títhe lán. Bhí títhe nua dhá dtogáil. Bhí na scoileanna lán le gasúir. Bhí gáire agus áthas ar na daoine mar bhí siad ag saothrú an feilmeireach éisc arís. Tá súil agam nach i bhfad uainn aríst é.

# Rásaí Currach i g Cill Chiaráin sna 1960aidí.



**An Chraobh ag fir Leitir Ard – Páraic Cheoinín as chlé agus Marcus Mac an Iomaire sa lár. Tá Teddy McGauley as Arramara Teo ar dheis. Sí Molly McHale atá ag bronnadh na duaise.**



**Boston 1965**

Máire Ní Mháille (Mary Joe Pheadair) as Ros Cíde, Ros Muc agus John Walsh (John Mháirtín Tom) as Caladh Fhínse i gCarna.



Páraic Chóilín Sheáin Dhúdara (Ó Cualáin) agus a dheirfiúr Máire Chóilín as Dubhithir i nGaillimh i 1966.

# Féile Mhic Dara 2012



Muintir Fhéinneadh as Leitir Deiscirt agus a gcáirde théis dóibh a bheith ar Oileán Mhic Dara i mbliana. Ar gcúl – ó chlé: Adrian Moroney, Máire Moroney-Ní Fhéinneadha, Paddy Fitzpatrick as Rinn Mhaoile, Baba uí Fhéinneadha, Coleman Ó Féinneadha, Michael Lavery as Baile Uí Chonaola.
Chun Tosaigh - Deirdre Ní Fhéinneadha ar chlé & Fíona Murray as Inis Bófinne.



**<u>Ar gcúl -ó chlé:</u> Treasa uí Ghaora, Muigh Inis; Nina uí Chlochartaigh, Aird Mhóir; Bríd uí Chlochartaigh, Roisín na Maithníoch agus Ann Mahon an Aird Mhóir. <u>Chun tosaigh- ó chlé:</u> Robert Seoige, Bantrach Ard; Páraic Ó Ceanneabháin, Cill Chiaráin; Johnny Tom Tamín Dé Burca agus Michael Loftus as an gCeathrú Rua. Comórtas fir agus mná. Féile Mhic Dara 2012.**

# CASEY AND FEENEY

Muigh Inis, Carna



## Plant Hire

6-12 tonna excavators/Dumpers/Rock Breakers.



Réiteach bunchloch tí/Draeneail talún
Tógáil sconsaí le meaisín/réiteach córais séarachais.

*We do all types of work on foundations/rafts/perculation/land drainage/machine wall building.*
*All works considered.*

**087-9189208 agus 087-2681641**

**E-mail: caseyandfeeneyplanthire@gmail.com**
**Casey and Feeney, Muigh Inis, Carna, Conamara.**



**Tomás Ó Curraoin**
**Na Fothraí Maola Thiar**
**Bearna,**
**Co. na Gaillimhe**

**087-2933782**
**www.galway.ie**

**Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

# Iorras Aithneach
## - Ceantar Láidir Gaeltachta



*le Steve Ó Cúláin - Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta*

**Cúlra**

Le blianta anuas dhírigh an tÚdarás a pholasaí forbartha do cheantar Iorrais Aithneach ar fhorbairt tograí bunaithe ar acmhainní nádúrtha ar nós muirshaothrú, próiseáil éisc agus feamainne, agus ar na hearnálacha seirbhísí turasóireachta, sóisialta, oideachais agus ealaíona. De bharr suíomh tíreolaíoch an cheantair, agus é suite in iardheisceart Chonamara, bhí dúshlán ann i gcónaí don Údarás fiontar a mhealladh le lonnú in Iorras Aithneach.

Le pobal inmharthana a fhorbairt in aon cheantar díríonn an tÚdarás a ghníomhaíochtaí ar:

- ancaire láidir fostaíochta a aithint agus a chothú;
- spásanna fiontraíochta a sholáthar d'fhiontair;
- tacú le scátheagras forbartha pobail (comharchumann nó comhlacht corpraithe pobalbhunaithe);
- tacú le soláthar cúrsaí oiliúna agus oideachais;
- tacú oiread agus is féidir le bonneagar sóisialta (ionad pobail, páirc imeartha, club óige, naíonra/naíolann, ionad lae, srl.);
- cúnamh d'imeachtaí sóisialta, cultúrtha, spóirt, ealaíona.

Tá feirmeoireacht bradán ar bun anois i gConamara le os cionn chúig bhliana dhéag is fiche ó tosaíodh na chéad trialacha. Bhí stair an tionscail sách corrach faoi mar a bhí i go leor áiteanna eile ar fud an domhain. Bhí an tionscal muirshaothraithe agus próiseála éisc mar chnámh droma na fostaíochta i gCeantar Iorras Aithnigh ar feadh na mblianta ach de bharr cúinsí casta, theip ar chuid de na príomhchomhlachtaí feirmeoireachta bradán agus bhí tionchar aige sin ar na comhlachtaí próiseála éisc agus comhlachtaí iompar agus margaíochta. Tá iarracht amháin eile á dhéanamh anois ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Maoiniú Mara Teo, Michael Muhr agus Roinn na Mara athstruchtúrú iomlán á dhéanamh ar an earnáil sin chun iarracht a dhéanamh feirmeoireacht bradán inmharthana a athbheochan i gCuan Chill Chiaráin i gCo. na Gaillimhe. Tá comhlacht nua bunaithe, Bradán Beo Teo, agus le roinnt seachtainí anuas tá cúigear fostaithe ag an gcomhlacht agus na gealacháin curtha i bhfarraige. Tá súil againn gurb é seo an chéad chéim san iarracht todhchaí na feirmeoireachta bradán orgánaigh i ndeisceart Chonamara a aththosú agus a fhorbairt.

Tá 75 duine fostaithe faoi láthair san earnáil uisceshaothraithe i gConamara sna réimsí feirmeoireachta éisc, próiseála, pacáistiú agus díolacháin. Cabhróidh bunú an chomhlachta Bradán Beo Teo leis na poist seo a chosaint agus cinnteoidh sé forbairt inmharthana an tionscail feirmeoireachta bradán i gCuan Chill Chiaráin amach anseo. Beidh Bradán Beo Teo ag obair i bpáirtnéireacht le Bord Iascaigh Mhara agus Foras na Mara le forbairt inmharthana na bhfeirmeacha éisc agus cosaint na timpeallachta i gConamara a chinntiú agus beidh an fhorbairt iomlán faoi cheannas agus faoi bhrat amháin ó thaobh stiúir agus ceadúnais de.

**Arramara Teoranta**

Tá an comhlacht próiseála feamainne, Arramara Teo, i mbun gnó i gCill Chiaráin ó 1947. Ó Dheireadh Fómhair 2006 is le hÚdarás na Gaeltachta 100% de scairshealbhaíocht Arramara Teoranta. Tá feabhas mór curtha ar ghnó Arramara ó shin. Tá scór fostaithe sa chomhlacht

agus tá suas le 200 bainteoir feamainne ag soláthar feamainne don chomhlacht. Tá an táirgíocht feabhsaithe, tá fás ar an díolachán agus tá cuid mhaith de na fadhbanna a bhí sa chomhlacht ag deireadh 2006 réitithe ar bhealach amháin nó eile. Leanfaidh an tÚdarás orthu ag obair le bainistíocht Arramara Teoranta le hiarracht todhchaí an chomhlachta a láidriú agus a dhaingniú sa cheantar. Caithfear an comhlacht a chur ar bhonn níos láidre agus tá céimeanna suntasacha riachtanach chun é sin a dhéanamh agus leanfaidh muid orainn inár n-iarrachtaí. Feictear dúinne go bhfuil deiseanna cur leis an mbreisluach ar an amhábhar feamainne agus tarraingeoidh sé seo infheistíocht agus cruthóidh sé fostaíocht. Táimid dóchasach faoi thodhchaí an tionscal seo ach tá go leor oibre le déanamh fós.

**Seirbhísí Cúraim agus Oideachais**

Tá iarrachtaí déanta an bonn fostaíochta in earnáil na seirbhíse a leathnú sa cheantar. Tá tacaíocht curtha ar fáil do Theach Altranais Charna agus don Ionad Tacaíochta Cónaithe. Tá beagnach dhá scór duine fostaithe go lánaimseartha sna hIonaid seo agus tá tábhacht thar na bearta le tionscail mar seo i gceantair atá scoite amach ó na cathracha. Tá tábhacht ar leith leis an bhforbairt atá déanta ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar chúrsaí ollscolaíochta i gCarna. Tá cúrsaí á soláthar sa bhfoirgneamh nua a chuir an tÚdarás ar fáil don Acadamh agus tá tábhacht ar leith cultúrtha agus oidhreachta ag baint leis an obair bhailiúcháin atá á thionscnaimh ag an Acadamh in Áras Shorcha Ní Ghuairim.

**Turasóireacht**

Is ceantar álainn é an ceantar seo le tírdhreach tarraingteach le lochanna, oileáin agus tránna fairsinge, agus tá an cultúr gaelach beo bríomhar ann i gcónaí. Tá roinnt tograí turasóireachta forbartha sa cheantar ach is léir go bhfuil gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscal seo, an t-infreastruchtúr agus seirbhísí don turasóireacht ach go háirithe, le turasóirí a mhealladh agus a choinneáil thar oíche ann. Tá an tÚdarás i gcónaí ag lorg príomhaithe le teacht ar aghaidh le tograí turasóireachta don cheantar gur féidir linn tacú leo. Níl sé seo éasca in aimsir lag trá eacnamaíochta mar níl an creidmheas cómhaoinithe ag na bainc ná i bpócaí na bhfiontraithe, faraor. Fáiltíonn muid roimh an gcoincheap atá á fhorbairt ag Fóram Iorrais Aithneach d'Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Tá cúnamh curtha ar fáil againn d'fhéilte agus d'imeachtaí eile chaitheamh aimsire leis na blianta anuas sa cheantar ar nós Féile Chill Chiaráin agus Féile Mhic Dara, Féile Pharáid Lá Fhéile Pádraig, Féile Chomórtha Joe Éinniú, 7rl. Ar ndóigh, is iad muintir na háite iad féin a eagraíonn agus a ritheann na himeachtaí seo agus sin mar is cóir agus is fearr é.

**Seirbhísí Óige**

Tá infheistíocht de €400,000 déanta ag an Údarás in Ionad Cúram Leanaí Charna a osclaíodh níos luaithe i mbliana, seo sa bhreis ar €600,000 a d'infheistigh Pobal ann. Tá os cionn daichead páiste ag déanamh freastail ar an ionad agus ag úsáid na seirbhísí naíolainne, naíonra agus iar-scoile. Lena chois seo tá Ionad Buail Isteach á reáchtáil ag Óige na Gaeltachta sa cheantar le tacaíocht ón Údarás; cuirtear tacaíocht ar fáil go rialta do ranganna Gaeilge atá á n-eagrú ag FCL Teo; agus tugtar cúnamh d'imeachtaí ealaíne sa cheantar trínár bhfochuideachta, Ealaíon (na Gaeltachta) Teo.

**Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta**

Tá beagnach leathchéad duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta atá á riaradh ag an Údarás i gcomhar le FCL Teo. Clúdaíonn na scéimeanna an ceantar ar fad agus tá dlúthcheangal leis na coistí pobail áitiúla i bhforbairt tograí áitiúla agus soláthar seirbhísí éagsúla. I measc na dtionscnamh agus seirbhísí a chuirtear ar fáil tá:

- cúntóirí cúram leanaí;
- cúntóirí cúram don aosach;
- cothabháil ar reiligí agus áiseanna pobail eile;
- forbairt na timpeallachta;
- seirbhísí riaracháin do choistí áitiúla.

Tá ár mbuíochas tuilte ag lucht stiúrtha na scéimeanna seo chomh maith leis na rannpháirtithe atá ag déanamh na hoibre!

**Forbairt Chonamara Láir**

Bunaíodh an struchtúr nua seo in 2007 mar thoradh ar dhianscrúdú a rinne Údarás na Gaeltachta ar chúrsaí forbartha pobail i gceantar Chonamara Thiar agus tá deontas reáchtála á chur ar fáil ag an Údarás don eagraíocht ó shin i leith. Tá ionadaithe ó na coistí pobail i gCarna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Camus, An Caiseal agus an Sraith Salach gníomhach sa Chomharchumann. Tá sárobair á dhéanamh ag FCL Teo sa cheantar ar a n-áirítear tacaíocht do choistí áitiúla i leith fhorbairt pháirc spraoi agus páirc spóirt uileaimsire i gCill Chiaráin; forbairt féilte áitiúla; athchóiriú seanscoil na Srath Salaigh, Halla Pobail Chamuis agus Halla Pobail an Chaisil mar áis phobail; comhordú ar na Scéimeanna Fostaíochta sa cheantar; forbairt Scoil Ghlinsce mar áis oideachais phobail, tacaíocht don Ionad Cúram Leanaí nua. Tá eagraíochtaí mar seo fíorthábhachtach d'fhorbairt aon cheantar tuaithe agus is amhlaidh atá sa cheantar seo freisin. Tá an eagraíocht *Pobal* ag tacú freisin le tionscnaimh ar mhaithe leis an bpobal aosach agus an óige.

Fáiltíonn an tÚdarás i gcónaí roimh fhiosrúcháin ón bpobal maidir le forbairt tograí fiontraíochta sa cheantar. Reáchtálann an tÚdarás seisiúin oiliúna sa cheantar ar bhonn rialta chun forbairt na fiontraíochta agus forbartha tuaithe a chur chun cinn. Bíonn feidhmeannach ó Oifig Réigiúnach an Údaráis ag freastal go rialta ar an gceantar agus bíonn seirbhísí eolais ar fáil i dTeach an Údaráis i gCarna.

**An Ghaeilge: Acmhainn Luachmhar**

Tá an Ghaeilge agus an traidisiún ceoil agus cultúrtha ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá ag pobal Iorras Aithnigh. Tá saibhreas mór ceoil agus amhránaíochta sean-nóis sa cheantar nach bhfuil a mhacasamhail le fáil in mórán eile ceantair Gaeltachta. Luaitear ceoltóirí agus fonnadóirí sean-nóis an cheantair i measc na léiritheoirí is paiteanta sna réimsí seo ar fud na hÉireann. Tá filí agus údair de bhunadh an cheantair freisin a bhfuil meas mór orthu agus ómós mór dóibh i measc phobal na Gaeilge trí chéile. Tá sé an-tábhachtach go n-aithneodh pobal Iorras Aithneach, mar aon lena gceannairí pobail agus ceannairí eagrais/institiúidí áitiúla, go bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh mar eochairghné d'fhorbairt inmharthana an cheantair sa todhchaí.

Tá sé ríthábhachtach mar sin go mbeadh guth agus toil an phobail maidir le sealbhú, buanú, forbairt agus daingniú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail an cheantair an-soiléir agus nach mbeadh aon éiginnteacht ann maidir le toil agus mian an phobail faoin gceist thábhachtach seo.

Beidh muidne san Údarás lán toilteanach cabhrú leis an bpobal seo a mhianta i leith an teanga agus forbartha pobail a bhaint amach le nach mbeidh sé le rá linn amach anseo gurb í seo an ghlúin a chlis a n-oidhreacht shaibhir a bhronnadh ar an gcéad ghlúin eile.

Beidh fáilte roimh éinne ó cheantar Iorras Aithneach teagmháil a dhéanamh leis an Údarás ó thaobh forbairt na fiontraíochtaan réigiúin san oifig sna Forbacha nó i gCarna:

Teil: 091-503100
Facs: 091-503101
R-phost: eolas@udaras.ie

Is iad na feidhmeannaigh a bhíonn ag plé le forbairt an réigiúin ó lá go lá ná:

Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Réigiúnach Chonnacht Laighean
Éamonn Ó hÉanaigh, Feidhmeannach Forbartha
Meadbh Seoighe, Feidhmeannach Feirmeoireacht Éisc, Bia Mara agus Bia
Peadar Ó Maoláin, Feidhmeannach Teanga.

## Satellite TV - - CCTV Systems - - Oil Boiler Servicing

# Tommy Stephen

Rusheen na Managh
Carna, Connemara, Co. Galway
Tel: 087 280 7137
Email : tsbreathnach@gmail.cor









**Satellite TV Systems (Sky Agent) - Installation & Servicing**
**CCTV Systems - Installation & Servicing Oil Boiler Servicing**
Expert advise and all work guaranteed. What we sell, we service.

***Cludadh Ar Fud Chonamara.***



**Quotations for wiring lights in attics and sheds**
**Security cameras to suit all budgets**
**FIREBIRD approved and emission tested.**
**Saorview Combo Boxes come with 2 year Warranty**
***3 Year Warranty on all CCTV cameras systems***
*Fibreglass Satellite dishes available no more rust problems 3 year warranty.*
*Saorview Approved TV aerials installation available*

# Clifden Supply Centre.

## Galway Road, Clifden, Connemara.

---------------------------------------------------

**We supply all types of building materials – plumbing, electrical, fencing, gates etc…the Supply Centre supplies it.**

**Our supply lorry goes to your site or your door.**

---------------------------------

**Tá eolas againn ar an mbóthar chomh fada leatsa mar is fada muid ag dul go Carna, Cill Chiarain agus síos ó dheas.**

***Bíodh Nollaig Mhaith agaibh uilig.***

**Teileafón…(095) 21476 no 21449. Fax…(095) 21877.**
**E Mail: clifdensupply@eircom.net**

# Súil Siar ar Stair Chumann na Gaeilge i mBoston



*le Peige Ní Chlochartaigh*

*As Loch Con Aortha i gCill Chiaráin í Peige Ní Chlochartaigh ó dhúcas. Tá sí éirithe as a gairm mar bhanaltra anois agus cónaí uirthí i Brookline gar do Bhoston. Chaith sí scaitheamh maith blianta ina hUachtarán ar Chumann na Gaeilge i mBoston. San alt seo déanann Peige cuir síos ar stair an Chumainn sin.*

Ag comhrá agus ag caint a bhí bheirt chairde. Lá breá i mí Meitheamh 1968 – Rinne siad gearán le na chéile nach raibh aon rang Gaeilge i mBoston. Ba iad an bheirt chairde ná an t-Athair Seán Mac Suibhne as Co. Mhaighеo agus Annraí Weldon as Co. Chorcaí, seaimpíní móra don Ghaeilge ba ea an bheirt. Beartaígh siad leigheas a chur ar an scéal, nó iarracht a dhéanamh ar aon chor.

Thug an t-uasal Henry Weldon cuairt ar an Roinn Oideachais – bhí beagán eolais aige ar an Runaí a bhí i gceannas ar an Roinn Oideachais ó Massachachusetts. Théis agallamh leis d'aontaigh an Rúnaí le Henry go ndéanfadh sé iarracht rang oíche a bhunú i Harvard College Cambridge agus go mbeadh sé riachtanach fiche mac léinn a bheith ag freastal ar an rang.

D'éirigh go hiontach leo agus bhí os cionn tríocha mac léinn ann an chéad oíche agus an tAthair Seán Mac Suibhne i gceannas mar mhúinteoír. Tar éis bliana fuair an tAthair Mac Suibhne glaoch ón Ord a theacht go dtí Tenafly New Jersey. Rinne sé a bhealach go New Jersey. Go tráthúil bhí muinteóir as Éirinn i mBoston ar 'sabbatical' darbh ainm Róisín Reilly-Carwood. Oide scoile a bhí inti i mBaile Átha Cliath; a rugadh agus a tógadh i nGaeltacht Connamara -(Cill Chiaráin). Chuir sí bliain eile isteach ag múineadh i Harvard (scoil oíche).

**Ken Nilsin agus múinteoirí eile.**

Bhí bua ag an nGaeilge mar bhí mac léinn as Nua Eabhrac ag freastal ar an Celtic Studies Dept i Harvard darbh ainm Kennth Nilsen; thóg sé an rang agus trí rang eile leis tar éis tamaill.

Fear oilte, stuama agus críonna ab ea an tAthair Mac Suibhne – d'fill sé ar Bhoston. Thuig sé cébé áit a mbíonn an tÉireannach sa domhan go mbíonn a chroí in Eirinn Lá le Pádraig. Bunaígh sé Aifreann i nGaeilge ar Lá le Pádraig agus fuair an pobal eolas go raibh teanga dá cuid fhéin ag Éirinn tráth.

Tháinig suim comh mór san teanga agus bhunaigh dream acu Cumann na Gaeilge i mBoston Lá le Pádraig san mbliain 1973; bhunaigh siad é agus iad ag caint agus ag comhrá le linn bricfeasta – tar éis an Aifrinn – agus thóg Seán bean mar an chéad Uachtarán.

San mbliain 1979 bhí cúigear ag múineadh Gaeilge gan haon pháigh.

Cé nach múinteoir mise chuaigh mé i chúnamh dóibh. Tháinig borradh agus fás ar ár saothar. Bhíodh teacht le chéile againn an ceathrú Domhnach do gach mí agus bhíodh léachtaí againn faoi go leor rudaí. Thug na daoine seo leanas léachtaí: Dr Ken Nilsen, Dr Gearóid Denver, Jackie MacDonnchadha agus filí agus scríbhneoirí eile.

Sé an t-ábhar a bhí ag Jackie ná gearr scéal greannmhar a scríobh sé a thug an bua ón

Oireachtas leis. Ansin bhí Máire Ní Choinceanain ag caint faoi shaothar an Athar Mhic Suibhne le Cumann na Gaeilge agus Uaitéar Ó Riagáín ag cuir síos ar shaol John Boyle O'Reilly. Labhair Meadhbh Nic Dhonncha faoin nGaeilge Nua. Thug Tom Martin píosa caint faoi lorg do shinsear in Éirinn – agus an Dr Sím Innes – ó Alban - an baint nó gaol idir Gaeilge na h-Alban agus Gaeilge na hEireann. Sin cuid acu.

**Turas go hÉirinn agus scoláireachtaí.**

Fuair an tAthair Mac Suibhne bás in Éirinn san mbliain 1999. Sa mbliain 2002 thug an Cumann turas go hÉirinn chun leac Chuin Neachtain a noctú ar uaigh an tAthair Mac Suibhne – buan chara le go leor again. Bhí dlúth dhiosca déanta ag Máirín Bn Uí Choineanan - 'Boithrín na Smaointe' - agus thug muid scoláirí go Connamara chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Seoladh an dhlúthdhiosca sa Poitín Still in Indreabhán. Bhí muintir na háite an-bhródúil gur choinnigh Máirín an Ghaeilge agus na h-amhráin bhreá a bhí aici. Aon saothrú atá ar an dlúthdhiosca bhronn Bn. Uí Chonceanan é ar an sparán i gcóir sgoláireachtai.

Bhí amránaí ar an sean-nós againn dár gcuid fhéin mar a dearfá, scóth an amránaí- Mairín Bn Ní Choinceanainn – le blianta fada bhí sí ag coinneáil an t-sean-nóis beo i mBoston – maraon le bheith i gceannas ar an gcóir. Le gairid blianta ó shin tháinig amránaí eile linn – Máire Bn Uí Thuathail (Molloy) – Brian Frykenberg, Mike Newell agus Mike Graham. Bhunaigh Máire Ní Chonceanainn a bhí mar leas Uachtarán againn Rang Amhránaíochta.

Maille le bheith ag rith ranganna Gaeilge – bheartaí muid scoláireacht a chur ar fáil in ainm an athair Mhic Suibhne. Seo hiad na dhaoine a thogh mise le cuir ar an 'ad hoc' coiste: John Kelly, George Graca, an tAthair Mac Suibhne agus Finn West. Bhronntaí na sgoláireacht uair sa mbliain ar mhacléinn a bheadh go dúthrachtach ag foghlaim na Gaeilge. Bhíodh Céilí ann le hairgead a chruinniú i mí na Samhna. Fuair muid an-chúnamh ó thriúr i mBoston – Larry Reynolds (a bhásaigh le gairid), Frank Hartigan agus Joe Joyce (nach maireann). Thug an truir seo - scoth na gceoltóirí - a gcuid ceoil saor inaisce dúinn oíche gach bliain ar feadh chúig bliana.

D'éirigh linn trúir mac léinn a chuir go hÉirinn ag foghlaim Gaeilge. Bhí rogha acu – Áras Mháirtín Uí Chadhain i gConamara nó Oideas Gael in nDún na nGall. Cuireadh scoláireachtai ar fáil do 35 macléinn agus tá an sparán láidir fós. Ní mithid dom na daoine a d'oibrigh go crua leis an gcoiste bailiúcháin a lua - na Concannons (clann) Áine Ní Chlocartaigh agus a fear céile, Proinsias Ó Conghaile. Mike agus May Ó Toole, George agus Cáit Graca. Risteard Ó hÉigeartaigh agus a bhean cheile Maírín (mac maireann) John McGran agus a bhean chéile, Anne.

Bunaigh an Cumann 'Lá Gaeilge' lá le ranganna Gaeilge – amránaíocht agus damhsa. Bhí toradh ar na laethanta Gaeilge, sin deire seachtaine Gaeilge – ar Cape Cod. Gach bliain i lár mí Aibreaín bhíodh turas go Cape Cod again le mic léinn as Nua Eabhrach, Worcester agus Boston le haghaidh ceachtanna, filíocht, amhránaíocht agus Aifreann Gaeilge.

**Cuairteoírí**

Thug muid cuireadh don amhránaí cáilúil Joe John Mac an Iomaire as Cill Chiaráin i gConamara agus don fhile agus scriobhneoir cáiliúil Jackie Mac Donnchadha a theacht go Boston le deireadh seachtaine Ghaeleach a bheith acu linn. Thaithnigh siad go hiontach leis an slua a bhí i láthair. Nuair a bhí an deire seachtaine thart thug muid ó Cape Cod iad go dtí Portland i Stát Maine, go Lawrence i Stát Massachusetts agus Worcester. Bhí fíor chaoin fáilte rompa i ngach áit. Bh'féidir nár thuig siad gach focal a bhí Joe a rá agus é ag canadh 'Amhrán Mhuiginse' nó 'Bean Phaídín' nó Jackie ag léamh as a leabhar ach thuig siad go

raibh siad ag éisteacht leis an teanga dhúchais a tháinig anuas ó ghlúin go gluín acu – an teanga a labhair a sinsear fhéin ag fagáil na hÉireann dóíbh.

Tháinig Joe John agus Jackie trí bliana i dhiaidh a chéile agus cuireadh fáilte mhór rompu i gcónaí. Cairde eile a thug cuairt orainn na an t-amhránaí – Johnie Mhaírtín Larry – Bhain muid taitheamh mór as a chuid amhráin agus a chuairt san mbliain 2010. Thug Muiris (Mossie) Ó Scanláin ó Melbourne Astráil cuairt orainn – amhránaí iontach eile é.

An mbliain 2011 chuir muid fáilte roimh Regina Delaney – as New Hamsphire scoth an chláirseora – beidh muid ag súil le cuairt eile uaithi le cúnamh Dia.

Fuair muid tacaíocht ó dhaoine anseo agus as Éirinn – Aisling Gallery – Hignham – le John agus Maírín Connolly. Bhí an bheirt go maith do Cumann na Gaeilge – chaith siad go fial, flaithúil linn. An t-uasal Dave Burke Ó Lawrence – thug sé chuile thacaíocht dúinn ar feadh blianta. Is oth liom a rá go bhfuair sé bás sam mbliain 2009 – chaill Cumann an Gaeilge agus Lawrence cara maith. An Dr. Ken Nilsen a fuair bás 13ú Aibreán 2012 – ba mhinic leis a bheith i Harvard sa samhraidh agus thugadh sé cúnamh dúinn. Ó Éirinn thug Údarás na Gaeltachta airgead dúinn le Joe agus Jackie a thabhairt as Éirinn. Seán Ó Coisdealbha – bainisteoir Muintearas – thug siad airgead dúinn freisin agus Foras na Gaeilge comh maith.

Tá go leor daoine atá luaite agam san scéal seo ar shlí na firinne. Cuirim paidir leo.


Comhar Naíonraí
na Gaeltachta Teoranta

**Ionad Cúram Leanaí Charna**

**Ar oscailt anois**

- Naíonra
- Naíolann
- Cúram Iarscoile

**Chun áit a chur in áireamh glaoigh ar 091 595337**

Príomhoifig: Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 595337 Facs: 091 595529 Ríomhphost: eolas@cnng.ie www.comharnaionrai.ie

*Zetland House Hotel*
*agus*
*Bar Johnny O Loughlins Bar*
*An Caiseal*

ZETLAND 1856 Country house Hotel

*Bar Food Served Daily from*
*12.30pm until 9pm*
*Bistro Restaurant Open Daily*

*Tuilleadh Eolais:*
*Telefón: 095-31111*
*www.zetland.com*
*info@zetland.com*

**Ag cuir oibre ar fáil do muintir na h-Áite**

# Paddy Keane

*Ó Catháin Teoranta*

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

**Gabhla**

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276



# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide**
**agus creimeadh**
**Teach Tórraimh lonnaithe**
**cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*

---

# Thomas Welby

***Cregg, Oughterard.***

***Comhairleoir Contae***



*Nollaig Mhaith Dhíbh Uilig Ar Fud*

*Chonamara*

**Tá fáil orm ag:**
**091-552959/087-2855676**

# An Titanic agus Doire Iorrais

*Máirtín Ó Laoi*



**An Titanic**

*Tugadh tubaiste an Titanic chun cuimhne i mbliana; san Aibreán 1912 a cuireadh an Titanic go grinneal. San alt seo déanann an t-iar Cheannfort Garda Máirtín Ó Laoi cuir síos ar scéal a bhain leis an Titanic ina bhaile dúchais féin, Doire Iorrais.*

Chomh fada agus is atá fhios a'm, ní raibh aon nduine as Doire Iorrais ar an soitheach cáiliúil, an *Titanic* nuair a chuaigh sí go grinneal céad bliain ó shin. Ach rinne fear amháin as an mbaile sin a dhícheall dul ar an turas ach bhí an soitheach mór seolta nuair a bhain sé ceann céibhhe amach

Sa mblian 1912, bhí James Conroy, mac le Paddy Ó Conaire as Doire Iorrais ag obair mar bhall den RIC agus é lonnaithe i gCondae Thír Eoghain. Is cosúil nar thaithnigh an post go mór leis mar shocraigh sé féin agus a chara Dick Boyd go ngabhfadh said go Meiriceá. Bhí beirt dheirfiúr le Dick le dul ar an *Titanic* agus shocraigh an bheirt fhear dul leo .

Níl aon tuairisc cruinn cé an chaoi ar thárla sé ach níor éirigh le James ná Dick a bheith in am agus d'imigh an *Titanic* uathu agus is iad a bhí croí bhriste dá bharr. D'éirigh le deirfiúracha Dick fáil ar bord agus báitheadh iad sa tragóid. Tamall gairid ina dhiaidh sin, chuaigh James go Meiriceá ar bhád eile agus rinne a bhealach go San Francisco áit ar phós sé bean darbh ainm Mary Halton agus bhí cúigear clainne acu. Níl aon tuairisc ar fáil faoi Dick Boyd. B'fhéidir gur chur an tubaiste a d'éirigh dá dheirfiúracha taisteal go Meiriceá as a cheann.

D'éirigh go maith le James i Meiriceá agus chuaigh sé ag obair leis an mbriogáid dóiteáin i San Francisco, áit ar chríochnaigh sé suas mar cheannasaí.

Máirnéalach ar longa tras-Atlantach ab ea Paddy Ó Conaire ina óige agus in a dhiadh sin bhíodh sé ag bádóireacht idir Chonamara agus Arainn. Siar ins na 1880dí, bhí scéim ag an gcomhlucht Hill, a raibh Iarnróid acu i Minnesota, Éireannaigh agus Sualanaí a chuir ina gcónaí ar na machairí móra i Minnesota. Chuaigh Paddy agus a bhean Bríd Chuimín Uí Laoi, a mháthair Bríd Ghriallais agus beirt pháistí óga amach go Minnesota ar an scéim sin. Is cosúil nar éirigh go maith leis an bplean sin mar tháinig Paddy agus a bhean agus duine de na páistí ar ais go Doire Iorrais. Chuaigh a mháthair agus a iníon ar aghaidh go San Francisco áit a raibh deartháracha léi ina gcónaí. Chónaigh sí ansin nó go bhfuair sí bás timpisteach de bharr sceitheadh gáis sa mór-chrith talún i San Francisco sa mbliain 1906.

Ní raibh Paddy agus a bhean dímhaoin nuair a d'fill said ar Dhoire Iorrais. Bhí aon dhuine dhéag clainne eile acu, naonúr mac agus beirt iníon, sin trí dhuine dhéag sa gclann ar fad. De réir a chéile mar a bhí an chlann ag dul in aois chuaigh said féin go Meiriceá agus san mbliain 1915 ní raibh fanta ach na tuismitheoirí agus an seachtar ab óige. Nuair a bhí Kitchener ag cuartú fir le dul in arm na Breataine sa gcéad chogadh mór, shocraigh na Conroys ar fad na seolta a chrochadh arís agus chuaigh said go San Francisco áit ar fhan said an chuid eile dá saol agus tá a sliocht fós ann. Tá an teach cónaithe a bhí acu i nDoire Iorrais dá úsáid mar chró na mbó anois.

Caithfear a rá gur iontach an mhisneach a bhí ag Paddy Ó Conaire ag tabhairt a chlann ar dhá thuras trasna na farraige móire agus an dara huair i lár an chéad chogadh mór. Is dóigh nach raibh an saol ag breathnú go maith i nDoire Iorrais ag an am agus ní raibh fonn air a chlann mhac a thabhairt do Kitchener. Ba mhaith an scéal dóibh go raibh Meiriceá ann cé is moite nach turas éasca a bhí ann.


Bhí misneach ag na glúnta a chuaigh romhainn agus is beag a thuigeann muid é go minic.

Abbey
School of Motoring
GALWAY CITY AND COUNTY

DIR IAM MSAI ADI

Own Car / School Car
DIR Qualified Driver
All test routes covered
Car available for test
Dual Control Car
Block Bookings Available
Nervous Beginners
Welcome
*Gift vouchers Available...*

Tel: 091 59 20 40
Mobile : 087 769 9222
Email: info@abbeydrivingschool.com



# As Finis go Dubai
## - Aistir mhór an 'Nóra Bheag'

*Sí Máire Uí Iarnáin - beanchéile Chóilín Uí Iarnáin - a chuir an t-eolas seo i dtoll a chéile*

Ba i samhraidh na bliana 2011 a chuaigh an Dr Peter Vine atá lonnaithe i Dubai chun cainte le Pádraig de Bháldraithe agus plean aige go ndéanfaí ceangal cultúrtha le Gaillimh mar chuid den Volvo Ocean Race. Bhí an Dr Vine ag moladh go gcuirfí ceann de bháid seoil na Gaillimhe go Dubai le linn do na báid mhóra san rása Volvo a bheith ar ancaire ansin. Ansin thiocfadh bád seoil de chuid na Emirates – Dhow a thugann siad orthu – go Gaillimh ach a shroichfeadh an rása Volvo an tír seo.

Rinne Cumann Huicéirí na Gaillimhe staidéar go bhfeicfidís cé acu de na báid seoil thraidisiúnta ab fheiliúnaigh le cur anonn. Níor mhór freisin go mbeadh neart eolais ag an úinéara ar stair na mbád seoil mar go mbeadh air labhairt futhu ag ócáidí éagsúla. Roghnaíodh an 'Nóra Bheag'.

Tógadh an 'Nóra Bheag' i nGaillimh i 1916; ba é Seán Ó Domhnaill – Johnny Labhcáis – an saor. Bhí an 'Nóra Bheag' i bhFinis i gCarna i ndeireadh na 1930aidí agus sna 1940aidí agus í i seilbh Phádraig Mhadín. Ba é Páraic athair mór Choilín Uí Iarnáin ar thaobh a mháthar. Bhíodh an 'Nóra Bheag' dá húsáid ar nós báid seoil eile san am; bhítí ag iascach, ag dul chuig an aonach no ag dul amach go Carna ag siopadóireacht. Ar ndóigh, bhíodh an 'Nóra Bheag' páirteach freisin sna rásaí i gConamara sna blianta sin.

Bhí an 'Nóra Bheag' ag roinnt úinéirí eile sna blianta ina dhiaidh sin agus le himeacht na mblianta thit sí i léig roint mhaith. Ansin i 1973 cheannaigh Cóilín Ó hIarnáin an 'Nóra Bheag' agus bhí sí ar ais i seilbh mhuintir Fhinse agus a shliocht aríst. Chuir Cóilín caoi as an nua ar an 'Nóra Bheag' ag a theach cónaíthe ar an Rinn Mhóir i nGaillimh i 1988.

Ach dá mhéid farraigí dá raibh curtha d'í ag an 'Nóra Bheag' bhí an turas i leorraíthe agus ar bord báid mhóra go Abu Dhaibi sách casta. Chaithfí í a chuir i storas (container) a mbeadh teocht áiríthe ann sa gcaoi agus nach laghadódh an t-adhmad inti. Rinneadh an réiteach sin agus cuireadh an 'Nóra Bheag' ar bord leorraí i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tugadh as sin go Baile Átha Cliath í san áit ar cuireadh an 'Nora Bheag' ar bord loinge. Ocht seachtainí a thóg an turas go Abu Dhaibhi; shroich sí ceann cúrsa ar an 21ú Nollaig 2011.

Fágadh an 'Nóra Bheag' san mbosca mór storais no gur shroich Cóilín, a theaghlach agus a chomhluadar Abu Dhaibi. Osclaíodh na doirse ar an 2ú Eanáir 2012 agus bhí an 'Nóra Bheag' slán agus sábháilte. Bhí teocht 27 céim celsiús i Dubai ach ar tugadh an 'Nóra Bheag' chun farraige. Ócáid stairiúil a bhí inti nuair a sheol an 'Nóra Bheag' ar fharraigí an Mheáin Oirthir an chéad uair agus foirgintí Dubai ag dul go spéir taobh thiar di. Bhí Mike agus Sue Fahy agus Cóilín Óg Ó hIarnáin imeasc na foirne seoltóireachta.

Bhí roint mhaith ócáidí eagraíthe thall agus labhair Cóilín Ó hIarnáin faoi stair na mbád seoil, saol agus aimsir an 'Nóra Bheag' agus cultúr na seoltóireachta ar chóstaí thiar na hÉireann. Bhí Méara na Gaillimhe Hildegard Naughton agus an tAire Iompair agus Turasóireachta Leo Varadkar ann le haghaidh na hócáide chomh maith le hionadaithe as Fáilte Éireann.

Bhí bean d'arbh ainm Zlata Filipovic atá ina feidhmeannach sinsireach sa turasóireacht i Dubai ar dhuine acu siúd a bhí sa gcomhluadar ag ócáid amháin agus ba ansin a thuig Cóilín Ó hIarnáin go mba ise údar an leabhair 'Zlata's Diary' a bhí ar chlár an ranga béarla aige sa gcéad bhliain i meánscoil Mhóinín na gCiseach i nGaillimh! Tá gealltanas tugtha aice anois go dtabharfadh sí cuairt ar an scoil i nGaillimh amach anseo.

Théis na seoltóireachta faoi spéir ghorm Dubai agus ócáideacha cultúrtha agus cáirdis cuireadh an 'Nóra Bheag' ar ais ina bosca mór le cuir ar bord loinge ar an turas fada ar ais abhaile. Shroich an 'Nóra Bheag' Gaillimh ar an gcéad lá de Mhárta. Bhí muintir Iarnáin, Mike agus Sue Fahy, Pádraig de Bháldraithe agus daoine a bhí bainteach leis an turas ansin le fáilte a chuir roimpe abhaile.

Tháinig na báid seoil Arabacha ar a dtugtar na Dhows isteach go hAerphort na Sionnainne ar an 2ú Iúil i mbliana agus thug na hIarnáin agus Pádraig de Bháldraithe aníos iad go Gaillimh.

Bhí rásaí ag na Dhows in aghaidh an 'Nóra Bheag' ar chuan na Gaillimhe ar an 9ú Iúil.

Bhí snaidhm curtha ar an gceangal cáirdis agus cultúrtha idir an domhan thiar agus an domhas thoir.

# Cois Teallaigh i gCill Chiaráin

## 30ú Samhain 1944

*Sliocht anseo as 'Mise an Fear Ceoil' – dialann taistil Shéamus Ennis.*

An lá istigh ag scríobh go dtína cúig. Coinne agam le Beairtle Beag Ó Conaola anocht i gCill Chiaráin. San Aird atá sé ina chónaí ach tá sé ag muirínteacht ar Chuan Chill Chiaráin agus tá sé ag fanacht tigh an bhádóra – Máirtín Ó Clochartaigh. Seanfhear sa teach, deir sé, agus cúpla amhrán aige dhom.

Chuas soir ar a cúig agus ghlaos ar Sheán Ó Gaora, táilliúir, Aill na Brón, é sin a bhí ina chónaí in aon teach le hÉamon de Búrca (R.I.P) agus ar scríobhas neart amhrán uaidh. Chaitheas tamall ag comhrá leis féin agus le baintreach Éamoin (Sarah) agus chuas liom soir agus tháinig mé isteach tigh Mháirtín Uí Chlochartaigh i gCill Chiaráin ar a seacht. Bhíodar istigh romhann, é féin is Beairtle agus an seanduine – athair chéile Mháirtín, Séamus Thomáis Mac an Iomaire (75). Beirt iníon leis ann, bean Mháirtín agus a deirfiúr, agus gasúir óga Mháirtín. Ní i bhfad ag seanchas cois tine muid, tar éis do Bheairtle mé a chur in aithne dhóibh, nuair a chloisim an pop ar mo chúl agus céard a bheadh ach na buidéil leanna dhuibh á dtarraingt ag Máirtín. Ar Bheairtle a chuirfinn a milleán sin, mar is dhuine rófhiúntach é. hÓladh cúpla ceann agus tae ina ndiaidh. Tosaíodh ar na hamhráin a rá. Dúirt Séamus Thomáis ceann deas Gaeilge nach bhfuil cheana agam, 'Dhá mBeinn Trí Léig i bhFarraige'. Bhí ormsa cúpla ceathrú a rá ansin. Dúirt Beairtle 'Bean an Fhir Rua'. Tarraingíodh buidéal eile an duine agus siúd liomsa chun pinn. Chuir mé síos ceann Shéamuis agus 'Sláinte Chluain Meala' ó Bheairtle agus 'An Spailpín Fánach' i mBéarla ó Shéamus Thomáis. Bhí greadadh amhráin Bhéarla aige ach ní bheadh aon suim sa gcuid is mó acu agam. Dúirt sé an 'Lovers' Puzzle' dhúinn, gan aon ní neamhghnách ann.

Bhí an oíche ina scréachadh báistí ón hocht agus ní chuirfeá do ghadhar amach ar a dó dhéag. Bhí sé gar don dó a chlog nuair a d'fhág mé iad, agus bhí mé fluich go craiceann ar theacht chun mo thí lóistín dhom (Tigh Iarnáin) i Roisín na Mainiach in éadan stoirme thiar aneas.

Seanfhear lag, lách, é ard tanaí, Séamus Thomáis. Ní fhágann sé an tine anois mórán chor ar bith, ach déarfainn go mba fear láidir tráth é. Chaithfeadh sé go mba fonnadóir maith é ina óige mar tá guth an-fhírinneach ceoil aige má tá sé lag, garbh anois. Bhí muintir an tí an-lách liom ar gach uile bhealach agus ní raibh blas drogaill orm bheith i mo shuí leo. Maidir le Beairtle – is é Beairtle Beairtle i gcónaí – duine breá é.

*Ríonach Uí Ógáin a chuir an leabhar in eagar agus Cló Iar-Chonnachta a d'fhoillsigh.*



**Maeve Ní Ghaora as Carna (ar chlé) agus a bean mhuintireacha Máire Mhaidín as Fínis.**



Seán Johnny Sheáin Liam (Ó Cualáin) as Leitir Ard agus a bhean Catherine (Baby Blue) Green as Leitir Ard a phós sna 50aidí.
Tugadh an pictiúr seo dúinn "le grá mór ón gclann uilig" dá dtuismitheoirí atá ar shlí na fírinne anois.

## Taraingt teide ag Feile Mhic Dara, Dornálaíocht agus Peil Mheiricea.



Ó chlé: Seán Éinniú, Caladh bhFuinnse; Robert Seoige, Bantrach Ard; Seán Pheitie Ó Maoilchiaráin, an Áird; Josie Mac an Iomaire, an Aird Mhóir; Micheál Ó Maoilchiaráin, Dubhithir; Páraic Ó Ceanneabháin, Cill Chiaráin; Johnny Tom Tamín Dé Burca agus Michael Loftus as an gCeathrú Rua. Comórtas na bhfear.



Carna's John Ridge, boxing winner in the NUI Galway annual Sports awards, is congratulated by Keith Warnock, Vice-President.

Tá ag éirí thar cionn le John sa bhfáinne agus tá súil againn go gcoinneodh sé ar ag tabhairt na ngradam siar go hIorras Aithneach leis.




**Liam Ó Loideáin as Carna in éineacht le Ben Roethlisberger Quarterbackack le foireann 'American Football' na PITTSBURGH STEELERS nuair a chas sé leis níos luaithe i mbliana sa K club i gCill Dara**



Orla Ní Fhlannchadha as Cill Chiaráin, a hiníon Ella Ní Chrualaíoch agus An Taoiseach Enda Kenny ag ócáid cheiliúrtha Bhéal na mBláth, Corcaigh, i mí Lúnasa i mbliana.

# Seoltaí Stairiúla.




Seoladh stairiúil as Finis go Abu Dhaibi – Cóilín Ó hIarnáin ansin sa lár leis an seaicéad gorm ag seoladh an 'Nóra Bheag' bád a shean mhuintir as Finis i bhfarraigí eachtracha. Tugadh an 'Nóra Bheag' go Abu Dhaibi mar chuid den cheangal cultúrtha idir Gaillimh agus Abu Dhabi le linn Rása an Ocean Volvo i mbliana.



Ag ócáid sheolta Ionad Cúram Leanaí Charna sa mBealtaine – seo hiad foireann an Ionaid. Ó chlé: Cathy uí Cheannabháin, Bairbre uí Bhriain, Tracey Bhreathnach, Maitias Ó Coirbín, Máire uí Chualáin (Stiúrthóir), Mary Nash agus Margaret Ann uí Chonaire. Ócáid stairiúil ar mhaithe leis an nGaeilge in Iorras Aithneach.

# MEIRICEÁ & SASANA



**Gar do Carson Beach i mBoston i mí na Samhna ag Siúlóid Cuimhneacháin in omós do Mhaidhc Joyce.**


*Ó chlé:* Johnny Seoige as Inis Bearrachain, Teresa King (beanchéile Jimmy Francis Joe an tSaoir. Ba as Finis a hathair mór - Máirtín Pháraic Mháirtín, Jimmy Francis Joe an tSaoir - Jimmy King - as an Aird Thoir, Tom Phat Phárac Fheilipe (Ó Conaire) as Ros Cide i Ros Muc.



**I Londain le linn na gcluichí Oilimpeacha i mí Lúnasa.**

*Ó chlé:* Kevin Ó Loideain as Carna, Martha Ní Chualáin as Carna, an tráchtaire cáiliúil Micheál Ó Mujircheartaigh a bhí tháll ag na Cluichí, Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus Séamus Ó Catháin as Gabhla.

# Debs 2012



**Ó chlé:** Cathy Níc Dhonnacha (An Aird Mhóir) agus Peter Ó Cualáin (Roisín na Maithníoch).



**Ó chlé:** Aisling Ní Chonaire (Rós a Mhíl) agus Micheál Einniú (An Aird Thiar).



**Ó chlé:** Paráic Mac Donnacha (Caladh bhFuinnse) agus Christine Ní Dhonnabháin (Meall Rua , Maoinis).



**Ó chlé:** Aileen Ní Churraoín (an Aird Mhóir)agus Gerard Ó Cualáin (Dubhithir).

# Ceol na gcnoc agus ceol na mara.




Joe John Mac an Iomaire ag casadh i Mám Éan i mbliana.



Na deirfiúracha Delia uí Mhaolchiaráin – Delia Mhadaoín – ar chlé agus Máire Mhadaoín ag cóisir ceiliúradh lae beirthe Mháire Mhadaoín in Óstán Charna i mbliana. Cé a cheapfadh go mba é an 90ú lá beirthe aice é? Ar ndóigh is as Oileán Fhinse iad an bheirt ó dhúchas.



Ceol sna cnoic. Ó chlé - MacDara Ó Curraoin, Orla Leavy agus Aisling Ní Cheannabháin ag casadh ceoil i Mám Éan i mbliana. Cuid de cheoltóirí óga Iorras Aithneach.



Lá'l Mhic Dara i mbliana – Johnny Mháirtín Larry ag déanamh an bhealaigh aníos ón gcladach ar Oileán Mhic Dara.




Tom Anthony Coyne ar dheis agus Eddie Mhattie Sheáinín ar chlé.

# I GCUIMHNE AR A DEIRFIÚR.





Sorcha Ni Chonaire(5) as Gabhla ag tosnú amach i mórshiúl na gcapall i gcuimhne ar a deirfiur Aibha (6) a fuair bás díreach roimh an Nollag bliain go ham seo



Ealaí i Muigh Inis




Ag tí Ghríofa i Muigh Inis.



**Colm Ó Clochartaigh -**
Colm Sheán Bheartlín ag obair ar an Sears Tower i Chicago i 1977. An bhuildeáil ab airde sa domhan son am.



**Ionad Tacaíochta**

Ag oscailt oifigiúil an Ionaid Tacaíochta (Assisted Living Unit) i gCarna ar an 12/05/2012.
*Ó chlé:* Dede Ní Ghuairim-Uí Chlochartaigh, Máire Uí Dhomhnaill, Nora Uí Chualáin, Jackie Ó Cualáin (Tógálaí) agus Christina Ní Chormaic-Seoige.



**Buaiteoirí Chraobh na hÉireann sna currachaí sa Más i 1965 –**
Paddy Dundass chun tosaigh (ina sheasamh faoin tráth seo), Marcus Mac an Iomaire as Leitir Ard sa lár agus Páraic Cheoinín as Leitir Ard chun deiridh.



**Cill Chiaráin i 1972 – Cupán Arramara bronnta ar na buaiteoirí i gcroabh na gcurrach.**
Ar chlé sa líne cúil tá Marcus Mac an Iomaire, sa lár agus an cupán aige tá Cóilín Sheáin Dhudara agus ar dheis tá Páraic Cheoinín. Tá Bid an Bhadóra ar dheis do Pháraic agus ansin tá Nóra Uí Cheoinín ar dheis arist. Tá na Ceoiníní óga agus cuid de na Guairimeacha óga as Leitir Ard ann freisin.

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

*Email:*
*info@carnanursinghome.com*

*VHI, BUPA APPROVED*



# Eileen Mannion – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

Teileafón: 087-9555645

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

WiFi in aisce

# Teach Ósta Tigh Mhóráin



Carna,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.
095-32570



Comhluadar breá

Spóirt agus Spraoí
Ó Peter Fitzpatrick

*Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.*

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge




Nuachtán bríomhar, seachtainiúil Gaeilge
Déan fógraíocht linn

Déan teagmháil le Patricia

facebook.com/gaelsceal
twitter.com/gaelsceal
+353(0)91 558420
fograi@gaelsceal.ie

www.gaelsceal.ie

An Chuasnóg, Baile Ard, An Spidéal, Co na Gaillimhe.



# The Clifden Furniture Store

Hulk Street, Clifden, Co. Galway
info@clifdenfurniture.ie
095-21600 087-9174838





Contact: Tom Conneely
FREE DELIVERY

*Years of Experience and Excellence*



| Kitchen and Dining | Bedroom | Sitting Room | Office | Electrical |
|---|---|---|---|---|

*Nollag Shona agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig*

# *Coppinger & Curran*

*Weddings are our business*

## Masters of Photography and Video.

Weddings, Family and Child portraiture
Extraordinary prices
Visit our web site www.tcoppinger.com

Facebook: Coppinger & Curran photography

Contact Tomas on 086 2602770
Call today you will be delighted you did.



# Lough Inagh Lodge Hotel



LOUGH INAGH LODGE
RECESS • CONNEMARA
1880



**Recess, Connemara, Co. Galway, Ireland**
**Tel: 095 34706 Fax: 095 34708**
**email: inagh@iol.ie**

**http://www.loughinaghlodgehotel.ie/**

# Ann Dowd
*Gruagaire*



**Unisex Hairdressing**
Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe
**095-32277**

# "Sonas"

**B&B/Teach Loistín**
*Míle Fáilte Anseo*

# Teach Ghlinnsge

Bar/Restaurant and craftshop



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**

Carlos
Windows & Doors

Tel: (091) 448664
Mob: (087) 7981488
www.carloswindows.com

Gannon
SPORTS

HELLY HANSEN

Stocking all local clubs merchandise. Please contact shop for further information.

Connemara's
Complete Sports Store

The Square, Clifden, Co. Galway.
Tel: (095) 22268
E-Mail: gannonsports@gmail.com

# Beairic Chill Chiaráin

## - Lá corrach ar an 9ú Meán Fómhair 1924



*Seosamh Ó Cuaig*

Tá go leor daoine óga i gCill Chiaráin inniu nach bhfuil a fhios acu go raibh beairic póilíní i gCill Chiaráin ariamh. Bhí sin ann go deimhin san áit a bhfuil íoclann an dochtúra anois. Fothrach folamh gan díon a bhí ann nuair a bhí muide ag goil ag an scoil. Ba leithreas neamhoifigiúil é freisin go mórmór lá aonaigh.

Sa mbliain 1924 ionsaíodh an beairic. Ba iad an RIC a bhí ann roimhe sin ach bhí Gardaí an tSaorstáit tagtha isteach faoin am sin.

Lá Fhéil' Ciarán 1924 a rinneadh an t-ionsaí. Seo mar a cuireadh síos air sa gConnacht Tribune:

**SCENES IN CONNEMARA VILLAGE**

The Civic Guard authorities in Galway have been notified that the Kilkerrin, Carna Civic Guard barrack has been burned as the result of an attack by a mob on Tuesday.

Particulars are vague but it would appear from information available that a "pattern" was being held in the village when guards observed a number of parties distributing poteen. Two Civic Guards intervened but were badly maltreated. Reinforcements were requisitioned and a free fight between guards and civilians ensued. The guards drew their batons and dispersed the crowd, many of whom received scalp wounds. The guards returned to barracks, which they made secure against attack.

At four o clock in the afternoon a large crowd armed with sticks and stones and carrying a battering ram approached the barracks and bursting in the door destroyed every particle of furniture in the place as well as smashing the windows. A portion of the building was burned, The guards, having no option, fled precipitately.

Military have arrived on the scene and a search is being made for persons suspected of having engaged in the attack, but up to the time of writing no person has been apprehended. The garda are occupying temporary quarters in the village, the streets of which a number of military patrol.

# *Siopa Tigh Mhoráin*

Marian Lydon

Tel: 09532987





Earraí Grósaera

Gual, Briquettes

Gais agus Beatha Beithíoch

Ón siopa díreach go dtí do dhoras

Oscailte ó 8:30 – 9:00

7 lá na seachtaine

## Thoughtful things for your Home.

## Lydon's - Carpets and Flooring,

## Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**

**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

# Mikie Ó Flatharta





**Leitirdeiscirt**
**Carna**
**Co. na Gaillimhe**
**087-9593329**

**Garraíodóir Cáilithe / Qualified Landscape Garderer**



*Nollag Shona do gach duine agus bliain nua mhaith*

# Tígh Dan O'Hara

**Lettershea, An Clochán,**
**Conamara**

**Ionad Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.**

Léargas ar Éirinn na haimsire a caitheadh
Amharchlann
Bialann
Lóistín

*Céad fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Coláistí Gaeilge.*

**Teileafón: 095-21246**

# An Faoistín

*Scéal le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin*

As Loch Con Aortha é Paddy agus cónaíonn sé ansin anois – faoi scáth Chnoc Mordáin. Fuair Paddy an chéad duais ag Oireachtas Gaeilge Cheanada na bliana seo sa gComórtas Liteartha/Cnuasach Filíochta.

Aimsir an dara cogadh domhanda agus go dtí i bhfad ina dhiaidh sin, bhí an dífhostaíocht go forleathan sa gceantar seo, chomh maith leis na pobail uilig mórthimpeall na tíre, ní raibh deis saothrú ach ag an mbeagán. Bhí ciondáil i bhfeidhm freisin ag an am le ganntanas ar chuile rud. Bhí an tír truamhéalach dona agus b'in an chaoi ina raibh rudaí,ach ansin arís nár raibh an tír seo neodrach maidir leis an gcogadh siúd, agus nár bh'in rud eile

Bhí fir go leor ag stiléireacht poitín timpeall an cheantar seo ag an am, chun cúpla punt a bhaint as, ach ba iad na fir a bhí ag ól an toradh a bhí ag coinneáil an tionscail ag imeacht, agus tá mé ag rá fir mar ní raibh mórán mná ag ól poitín ag an am sin, Bhí dhá namhaid ag lucht déanta an phoitín, dlí na tíre, sé sin na Póilíní, agus an chléir, sé sin na sagairt, is ba iad na sagairt ba mhó a raibh faitíos ag daoine rompu sa gceantar seo ar aon chuma. Bhí misean bunaithe ag an am, agus ba é an príomh aidhm a bhí acu siúd ná deireadh a chur le déanamh an phoitín ar fad, agus an mhí úsáid a bhí ag baint leis

Ba é an tAthair 'Ó Conghaile a rugadh ar Inis Mór Árann, an crosáidí a cuireadh mar cheannfort ar an misean áirithe seo. Is dóigh go mba é an t-údar a bhí leis sin ná gur Gaeilgeoir ó dhúchas a bhí ann, agus chomh maith leis sin bhí glór láidir soiléir aige ina raibh teann léi, mar d'fheil sé sin agus an jab a bhí a bhí amach roimhe aige. Bhí umhlaíocht mór ag na daoine don chléir ag an am, le fir i gcónaí ag cur láimh ina gcaipín do shagart 's é ag dul an bealach, agus na mná ag umhlú freisin, go minic b'fhéidir le beagán faitíos roimh an gcumhacht a cheap daoine bheith ag sagairt mar theachtairí Dé ar thalamh, mar bhí eagla 's ciontacht ar dhaoine mórán i gcónaí an t-am sin.

Ag an am atá i gceist agam bhí an Chomhairle Contae ag baint mhóna ar an nGabhlán, ó thuaidh go Dhoire Iorrais ar bhóthar na scrathóg, bhí an 'Plantation' mar ainm ar an áit. Bhí an mhóin seo ag teastáil le haghaidh na nOifigí Contae, na hospidéil, mar aon le tithe sna cathracha a choinneáil te, bhí ola agus gual gann blianta an chogaidh uilig agus go dtí i bhfad ina dhiaidh sin. Mar sin féin thug baint is tógáil na móna saothrú beag do roinnt daoine sa gceantar ag am ina raibh sé ag teastáil gan súil ag daoine leis an saothrú sin chor ar bith.

Tá an scéal atá mé ag insint anseo bunaithe ar bheirt fir as an mbaile fearainn seo Loch Con Aortha ag bun Chnoc Mordáin, a bhí páirteach sna rudaí uilig seo atá luaite agam. B'iad an bheirt ná Coilín Seóige agus Páraic Ó Conghaile, bhí Cóilín pósta ag an am ach ní raibh Páraic.

Bhí an bheirt acu ag déanamh turn poitín ag an am chomh maith le bheith ag obair leis an gComhairle Contae ar an móin thiar ar Phlantation

an Ghabhláin, agus chuile mhaidin lá oibre le breacadh an lae, castaí dhá chéile an bheirt acu ar an bpríomh bhóthar ag ceann an dá chosán gairbhéal a bhí ós coinne a chéile ó na gcuid tithe cónaithe, ansin ag bogadh leo, is go minic ag siúl leis na rothair go leor don bhealach i dtreo a gcuid oibre a bhí tuairm is trí mhíle ó bhaile ar an ngabhlán.

Bhí sé cloiste acu go raibh an tAthair Ó Conghaile agus an misean i Rosmuc ag an am seo is go raibh sé ag cur droch bhail ar dhaoine a bhí ag déanamh poitín, mar aon le daoine ina raibh sé go mhí-ádh orthú adhmháil sa bhaoistin gur bhlais siad don deoch mhallaigh súid. Bhí fios ag an mbeirt freisin go raibh an misean ar a bhealach go Cill Chiaráin, mar b'in é an chéad stop eile dho. Ansin na faoistin arís, an admháil arís, "an bhfuil nó nach bhfuil tú ag blaiseadh nó ag déanamh an t'ól mallaithe sin"?.

Is b'in an uair a mbeadh breith le tabhairt ar Chóilín is ar Pháraic. Bhí fios ag an mbeirt acu go raibh siad i dtrioblóid mar bhí dualgas orthu faoistin a dhéanamh ag an misinéir cosúil le chuile dhuine, agus bhí dualgas chomh maith orthu an fhirinne a insint, agus ba é an fhirinne ná go raibh siad ag déanamh turn poitín, 's b'in é an áit ina raibh an fadhb acu.

"Céard atá tú ag smaoneamh a Phráic"? a dúirt Cóilín, "Bréag a insint sa bhfaoistin b'fhéidir?.

Ansin dúirt, "Nach fearr loisceadh beag i séipéal Chill Chiaráin ná loisceadh mór na síoraíochta in Ifreann". Ach sin díreach a bhí Páraic ag dul a rá.

"Inseoidh muid beirt bréag beag sa bhfaoistin seo an mhisinéir agus ansin amach anseo, inseoidh muid an fhirinne i bhfaoistin eile do Shagart eile, is tabharfaidh sé sin maithiúnas dúinn ar chuile pheaca". Bhí an bheirt acu ina seasamh ansin i gcónaí i lár an bhóthair, thóg sé tamall ar Chóilín an méid seo a thógáil isteach ina chloigeann, mar bhí imní air, b'fhéidir roimh an mbás idir an dá linn agus rudaí beaga mar sin.

Ach sa deireadh thiar thall shocraigh an bheirt acu ar an bpleain céanna sin, agus ansin thosaigh siad ag baint coisméig dhó i dtreo an Ghabhláin is an portach. Bhí réalt na maidine le feiceáil sa spear ó dheas fós, áit éigin os cíon Cnoc Leitir Caladh agus bhí cosúlacht air an maidin go mbeadh an lá seo go breá.

Díreach ag an nóiméad sin agus iad ag bogadh leo d'airigh siad torann ar gairbhéal an bhóthair ag teacht ina ndiadh, 's ag breathnú siar dhóibh chuaigh rothar go sciotán amach thar an mbeirt. D'aithin siad an tAthair Ó Máirtín as Cill Chiaráin agus é ag déanamh a bhealach i dtreo Dhoire Iorrais.Chuir an bheirt a lámh ina gcaipín mar nós, ach níor stop ná níor labhair an sagart chomh moch sin ar maidin. Ní raibh cáil an t-shuáilceas riamh ag na daoine ar an sagart céanna,bhí sé chuile orlach chomh dona le sagart an mhisiúin dár leo. Rinne an bheirt acu staic agus

an phleanáil a bhí siad tar éis a dhéanamh. "B'fhéidir gur comhartha ó Dhia an tAthair Ó Máirtín a bheith ag dul amach tharainn ag an am seo go mhaidin agus an bhréag a bhí muid ag beartú insint sa bhfaoistin" a dúirt Cóilín. Ach choinnigh siad orthu gan focal eile a rá, i dtreo a gcuid oibre. Bhí siad chun cloisteáil níos déanaí an lá sin gur go Doire Iorrais a bhí an sagart ag dul, chun an ola dhéanach a chuir ar mháthair óg a bhí go dona tinn ansin.

Bhí séipéal Chill Chiaráin plódaigh nuair a shiúil Páraic isteach ann an chead tráthnóna sin ag an Misiúin. Bhí roinnt daoine i gcónaí ag fanacht le faoistin, sheas sé ar feadh tamaill beag ag tógáil isteach chuile rud, agus ansin sa deireadh chaith sé amharc i dtreo na h'altóra. Bhí slua mór fir ina seasamh thuas ansiúd, bhí fios aige gurbh é an tAthair Ó Conghaile a chuir suas ann iad ar admháil dóibh sa bhfaoistin gur bhlais siad, nó go raibh siad ag déanamh poitín, mar ar ball nuair a bheadh na faoistiní thart, bheadh an sagart chun na fir seo a náiriú os comhair an phobail chomh maith is bheadh sé in ann sin a dhéanamh. Ba é an chéad rud eile a thug Páraic faoi deara ná Cóilín Seóige agus é ina sheasamh shuas ar an altóir i measc na bhfear eile, is beag nach tháinig lagar air.

"Meastú céard a tharla"? bhí Páraic ag smaoineamh.

"Meastú ar dhúirt Cóilín tada go raibh an bheirt againn ag déanamh poitín"?

Bhí imní ar Pháraic, agus údar aige, ach bheartaigh sé a thalamh a sheasamh, ag déanamh mar a gheall an bheirt acu cheanna féin. Chuaigh sé isteach i mbosca na faoistine ag an Athair Ó Conghaile agus d'inis dhó mar cheap sé. Ar chríochnú an fhaoistin go Pháraic bheannaigh an sagart é ag glaoch fear maith ar, ansin dúirt leis suigh isteach sa suíochán. Shuigh Páraic isteach sa suíochán go deas ciúin dhó féin ag breathnú amach ó na mhalaí ar an altóir 's a chloigeann beagán faoi aige. Bhí DHUINE ~~roinnt duine~~ ag faire air go h'amhrasach mar bhí fios acu ar rudaí, ach ba chuma leis faoi sin.

Ar an mbealach abhaile an oíche sin ó na misiúin, dúirt Cóilín le Páraic gur inis sé an fhírinne sa bhfaoistin mar go raibh eagla air roimh an tAthair Ó Conghaile,ach dúirt sé freisin nár inis sé don sagart cibé ar bith go raibh Páraic mar pháirtí aige ag déanamh an phoitín.

"Meastú nach peaca eolas a cheilt i bhfaoistin". Smaoinigh Páraic, agus deifir abhaile air, mar Bhí oíche cruógach amach roimhe an mbeirt acu an oíche siúd.

# Scáile an tSéipéil



Séipéal Mhuire i gCarna – i bhfad siar a tógadh an pictiúr seo; sí Ann Marie Uí Cheannabháin a tháinig ar.

# Sgioból Nellie

*Scríbhneoir gan ainm*

Cuireadh chugainn na bhéarsaí seo thar muir; níor tugadh ainm ná léargas ar an t'é a scríobh. Ach is cosúil gur cuimhní cinn iad seo ó aimsir an dara cogadh mór agus na blianta beaga ina dhiaidh sin.

Bhí "Sgioból Nellie" idir Tí Mhic Tháibhís agus Tí Pháraic an Chosgordha i gCarna. Ag Nellie Lyons, máthair Tommy McTavish a bhí sé. Dúradh go mbíodh cúirtéireacht ar bun ann. Chaithfeadh sé go gcaití píosaí d'oícheannta ann sna blianta sin fadó. Tá muid an-bhuíoch do scríbhneoir na bhéarsaí seo.

Smaointe ón gcroí atá iontú ar laetheanta agus oícheannta i bhfad siar agus is cosúil gur brionglóid é an filleadh abhaile atá i gceist sna bhéarsaí.

Céad slán le Sgioból Nellie is nach iomai oiche bhreá
A chaith mé ar shlat mo dhroma ann ag comhrá le mo ghrá.
Dá mbeadh sé ag caitheadh báistí no ina ghála gaoithe aniar
Bhí foscadh i sgioból Nellie…agus is ann a bhí ár dtriail.

Shocraigh muid an Cogadh ann 's rudaí beaga go leor…
An raibh aon nduine ar an aonach no an bhfaca sibh 'Jack Chape'? É ag hacáil a chuid raganna a dhéanfadh luach dhá únsa tae –
Bean Dicín agus 'slant' uirthi ag imeacht ar nós an 'Graf Spee'…
a trial anuas ar Charna le 'relief' 's 'committee'.

Bhí 'peephole' ins an mballa ann agus bhíodh muid ag faire amach – Flannery 'gus Keating mar bheadh siad ar an 'death march'
Siar agus aniar an bóthar ag faire daoine óga…
Mar a raibh 'dynamo' ar do bhicycle chuaigh tú ag cómhrá le Seán Ford.

Bhí na sean ndaoine ag méanach le dúil i mbolgam tae.
Bhí an dúidín ar an mbinse agus gan gráinne tobac le cuir ina bhéal. Bhí dochtúr Charna ar 'sabbatical' gan aon fháil ar anois le mí
Agus 'scour' ar leath an phobail le plúr dubh agus min bhuí.

Faraíor scal an mhaidin agus d'éirigh mé gan fonn.
Bhí an 'White Star Liner' ag seoladh agus bhí mise ag dul anonn. D'fhág mé slán ag mo mhuintir agus ag mo chailín bán.
Thug m'aghaidh ar an Statue of Liberty maidin Lá'l an' Seáin.

Chaith mé seal maith blianta faoi bhratach 'Uncle Sam'.
Chuir sé arán ar an mbord agus annlann ar an 'bpan'.
Ah, bhí an samhraidh cumasach ach bhí an geimhreadh dóite.
Ach nuair a tháinig an deireadh seachtaine bhí cupla 'Lincoln' in do phóca.

Tá mé ar ais ar an gcuairt seo anois agus feicim athrú mór.
Thug mé liom mo mhaide láimhe agus chuaigh siar árd Choilm Mhóir,
Carranna ag dul anonn agus anall -Chuir cailín óg a a ceann amach agus straois uirthi mar láir.
'Teann isteach a leadí luaithe no beidh tú ós cíonn cláir'.

Sheas mé ar shráid tí Ghaora agus bhreathnaigh mé anonn
Ar an sgioboílín beag uaigneach, tháinig deora le mo shúil.
Dá mbéinn thart ar feadh scaithín no cara a bheith agam sa Dáil.
Bheadh sgioboílín Nellie sna 'Archives' agus 'sign' mór ar a bhárr.

# Dán le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin


## Oíche Lae a bPósta

Oíche lae a bpósta,
B'shin iad Baby agus Joe,
Bhí mise ag an time
Agus gan mé ach óg.
Suí ar chéim sa staighre
Mise, is tuilleadh daoine óga.
Ag faire thríd na rungaí,
Mairfidh cuimhne liom go deo.

Bhí daoine fásta 'damhsa
Ar urlár concréit nua,
Comharsana gealgháireacha
Ag mothú leis an gceol.
Tabhairt ómós don lánúin óg,
Ar oíche lae a bpósta,
B'shin iad Baby agus Joe.

Bhí tae 's cácaí milse ann,
Neart tobac 's beagán óil.
Ag lánúin a bhí fiúntach,
Geanúil, macánta 's cóir.
Beagnach trí scór bliain,
Ach tá m'aigne soiléir fós.
Ar oíche lae a bpósta,
B'shin iad Baby agus Joe.

**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig – Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom am ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán.**
**Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

*Michael Madden*
*Plant*
*Hire*




Site Excavation & Preparation & Landscaping

**Cill Chiaráin,**
**Conamara,**
**Co. na Gaillimhe**
**087-6232574**

WESTBIC
BUSINESS & INNOVATION CENTRE

# Ag Tacú le Fiontráiocht

Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,
Páirc Ghnó Muirbheach,
Gaillimhe.
www.westbic.ie
Fón: 091 730850

# CARR'S

CARPET & FURNITURE CENTRE
Galway Rd., Clifden

**Tel: (095) 22070**
**Fax: (095) 22070**

*Retailers of Carpets, Vinyl, Hardwood Flooring, Furniture, Curtains, Roller Blinds, Bedding.*

**FREE MEASURING -**
We will call to you home to measure and quote.

**OPENING HOURS:**
Monday - Saturday 9.30 am - 6.00 pm,
6 days a week

# Joyce's Grocery

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds – Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**

# T. Ó Máille Teo

Ros Muc.
Co na Gaillimhe.
Telefón: 091-574101



Earraí Groséara - Crua Earraí
Éadach agus Ábhar Títhe

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

*Nollaig Shona do chuile dhuine agaibh.*

# Adhmad Teo.

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS •**
**CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

# Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



An Gleann Mór
Cill Chiaráin, Conamara
Co. na Gaillimhe

Fón: 095 33579
Mobile: 087 2714648



**Mo bheannachtaí ar mhuintir Chonamara an Nollaig seo.**

**An Comhairleoir Contae**
**Seosamh Ó Laoi**
**087-2739909**
solaoi@cllr.galwaycoco.ie

**Déanfaidh mé mo dhicheall dibh.**

**Casaim cabhar amhrán freisin –**
**Tá 'Bean Pháidín' ar cheann acu.**

# Lackagh Rock
QUARRY GROUP Limited

Recess, Galway.

Tel: 095 - 34614 / 34737

**Suppliers of:**
*Stone - Washed Sand*
*Aggregate Groung Limestone*
*Readymix Concrete Blocks*
*All Pre-Cast Products*
*Hollowcore Flooring*
*Cattle Slats*



# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

# Óstán Chuan Charna
Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland



Óstán 3★ & Restaurant Bar Food
**Proprietors: Cloherty Family**
Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil
All readily available locally

**Fón 095 32255, Faics 095 32530**
**Ríomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~ carnabay**

# Tígh Chlarke

**Ros Muc**





**091-574152**
**087-2569910**

**Bar agus Siopa**
**Sochraideacha/Teach Torramh**
**Gainimh • Clocha • Ábhar Tógála**

# Ionad Cuimhneacháin na nImirceach

## - San áit a bhfuil an Sean Halla i gCarna

### Na hAmbassadóirí




**Róisín Ní Chatháin**
- Londain, Sasana



**Seantóir Margaret Craven**
- Maine, Meiriceá



**State Rep. Martin Walsh**
- Boston, Meiriceá



**Ollamh Michael Connolly**
- St. Josephs College, Maine



**Maureen Coyne-Norris**
- Irish Cultural Centre, Portland



**Danny O'Flaherty**
- Uachtarán Féile Louisana

Ar ndóigh, tá súil again le himeacht na haimsire go mbeidh chuile dhuine ina ambassadóir don Ionad.

Ba cheart go mbeadh sé ina Ionad alainn le taobh na farraige agus tá muid ag iarraidh go mbeadh aghaidh an phobail air ón gcéad lá.

SEO É AN COISTE:

**Dr Micheál Ó Cathasaigh,**
**Paula Ní Chualáin,**
**Máirtín Ó Catháin,**
**Áine Máire Ní Fhlatharta,**
**Dr. Gerard Hooke,**
**Dara Óg Ó Flatharta,**
**Micheál Ó Cualáin (Maoinis),**
**An tAthair Pádraig Standún,**
**Nóirín Mhic an Iomaire,**
**Eileen Davis,**
**Seán Ó Cathasaigh,**
**Briain Ó Ceallacháin - dlíodóir an choiste,**
**Susan uí Chatháin,**
**Padraig Ó Niaidh,**
**Ann Dowd,**
**Cliona Ní Chualáin,**
**An Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig,**
**Séamus Ó Catháin,**
**Seosamh Ó Cuirrín,**
**Beartla Breathnach,**
**Roibeárd Ó hÉilí,**
**Pádraig Ó hIarnáin,**
**Róisín Ní Chatháin,**
**Micheál Ó Maoláin &**
**Louis Mac an Iomaire.**

Má theastaionn aon eolas ó dhaoine, nó má tá aon cheist ag duine ar bith, ná bíodh drogal oraibh bleid a bhualadh orainn.

Féadfaidh sibh glaoch ar an oifig ag:
095-32744
Ríomhphost: foram@eircom.net
Nó glaoigh ar Mháirtín Ó Catháin, chathaoirleach an choiste ag 095-31025 nó 087-2515352 am ar bith de ló no d'oíche.
Nó téigh chun cainte le duine ar bith den choiste.
Beidh lá oscailte againn freisin amach anseo.


As an obair a rinneadh ar leabhar "Iorras Aithneach" agus an ceangal a rinneadh leis na himirceoirí agus a sliocht a tháinig tionscnaimh an Ionaid seo chun cinn. Is maith an aghaidh ar na himirceoirí go dtabharfai onóir agus omós mar seo dóibh sa bpobal.



# Cill Chiaráin & Arramara Teo.



Catherine Ní Neachtain, an chéad bhuaiteoir ar Chomórtas Bhanríon Chonamara i gCill Chiaráin i 1965. An moltóir Molly McHale ag bronnadh na duaise ar Chatherine.



Charlie Haughey i gCill Chiaráin i 1967 – i lár báire atá sé anseo. Tá Banríon Chonamara ar chlé dó agus bainisteoir Arramara Teo san am, Des Nolan ar dheis. Rásaí currach a bhí ann.



Olive Walsh ar chlé, Teddy McCauley an meicneoir i monarca Arramara Teo agus Alice Nee sna 1960aidí.



Bríd Cloherty agus Des Nolan - Loch an Aortha 1969.

# Beirtreach Teo 1980



**Buaiteoirí Comórtas Sacar Áitiúil 1980**
Ar chúl: Maitaí Rua, Marcus Festy, John Irwin & Éamon Eddie
Chun tosaigh: Jackie Ó Cualáin, Joe Josie & Kevin O'Kelly

# Cumann Peile Ban na bPiarsaigh 2012




(Ar chúl ó chlé): **Shane Cashin (Traenálaí), Angela Ní Fhlaharta, Sinéad Ní Shúilleabháin, Heather Cashin, Maeve Ní Mhainnín, Caoimhe Esselmont, Bridie Kineavy, Aisling Ní Chualáin, Tríona Ní Chualáin, Síle Ní Shúilleabháin, Sinéad Bhreathnach, Fiona Ní Chualáin, Áine Bhreathnach, Sarah Nic Dhonnchadha, Irene Bhreathnach & Tommy Breathnach (Bainisteoir)**

(Chun tosaigh ó chlé): **Ann Nic Dhonnacha, Kathleen Uí Shúilleabháin (Cisteoir), Gráinne Ní Chonaire, Shauna McDonagh, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Mairéad Ní Mhainnín, Aedín Esselmont, Niamh Ní Shúilleabháin, Ailidh Ní Chonaire, Nora-Ann Nic Dhonnacha, Angela Seoige & Bríd Bhreathnach.**

# Cill Chiaráin & Arramara Teo.



Catherine Ní Neachtain, an chéad bhuaiteoir ar Chomórtas Bhanríon Chonamara i gCill Chiaráin i 1965. An moltóir Molly McHale ag bronnadh na duaise ar Chatherine.



Charlie Haughey i gCill Chiaráin i 1967 – i lár báire atá sé anseo. Tá Banríon Chonamara ar chlé dó agus bainisteoir Arramara Teo san am, Des Nolan ar dheis. Rásaí currach a bhí ann.



Olive Walsh ar chlé, Teddy McCauley an meicneoir i monarca Arramara Teo agus Alice Nee sna 1960aidí.



Bríd Cloherty agus Des Nolan - Loch an Aortha 1969.

# Beirtreach Teo 1980



**Buaiteoirí Comórtas Sacar Áitiúil 1980**
Ar chúl: Maitaí Rua, Marcus Festy, John Irwin & Éamon Eddie
Chun tosaigh: Jackie Ó Cualáin, Joe Josie & Kevin O'Kelly

# Cumann Peile Ban na bPiarsaigh 2012



(Ar chúl ó chlé): **Shane Cashin (Traenálaí), Angela Ní Fhlaharta, Sinéad Ní Shúilleabháin, Heather Cashin, Maeve Ní Mhainnín, Caoimhe Esselmont, Bridie Kineavy, Aisling Ní Chualáin, Tríona Ní Chualáin, Síle Ní Shúilleabháin, Sinéad Bhreathnach, Fiona Ní Chualáin, Áine Bhreathnach, Sarah Nic Dhonnchadha, Irene Bhreathnach & Tommy Breathnach (Bainisteoir)**

(Chun tosaigh ó chlé): **Ann Nic Dhonnacha, Kathleen Uí Shúilleabháin (Cisteoir), Gráinne Ní Chonaire, Shauna McDonagh, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Mairéad Ní Mhainnín, Aedín Esselmont, Niamh Ní Shúilleabháin, Ailidh Ní Chonaire, Nora-Ann Nic Dhonnacha, Angela Seoige & Bríd Bhreathnach.**


Bádóir Beag Ar An Oileán Maisean